Comhairle Chontae Laoise

Tuarascáil Bhliantúil 2007

Comhairle Chontae Laoise
Í bPáirt leis an bPobal
Áras an Chontae, Portlaoise, Co. Laois.
Tel: 057 864000
Fax: 057 8622313
www.laois.ie
email: corpaffairs@laoiscoco.ie

CONTENTS

Ráiteas an Chathaoirligh	2
Brollach Bainisteora Contae	3
Ráiteas Misin	4
Comhaltaí na Comhairle	5
Gnóthaí Corparáideacha, Acmhainní Daonna, Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide	7
Polasaí Títhíochta, Sóisialta agus Cultúrtha	15
Polasaí Forbartha Eacnamaíoch & Chur Chun Cinn an Chontae	29
Polasaí Comhshaoil & Seirbhísí Uisce	32
Polasaí Pleanála agus Iompair	50
Bord Forbartha Contae Laoise	59
Bainistíocht Airgeadais	63
Comhairle Baile Phort Laoise	66
Comhairle Baile Mhóinteach Mílic	67
Gníomhaíochtaí Eile	69
Eolaire Úsáideach	70

Ráiteas an Chathaoirligh

Cuireann sé an-áthas orm, mar Cathaoirleach, an Tuairisc Bhliantúil de chuid Chomhairle Chontae Laoise don bhliain 2007 a sheoladh.

Lean Comhairle Chontae Laoise ag soláthar ceannaireachta i leith saol eacnamaíochta agus cultúrtha an chontae a chur chun cinn agus a fhorbairt.

D'osclaíodh dhá Ionad Fóillíochta i bPort Laoise agus i gCúl a' tSúdaire, ag soláthar áiseanna den scoth don bpobal. D'osclaíodh leabharlann nua i Maighean Rátha agus cuireadh obair ar athnuachan na leabharlainne i Mainistir Laoise chun cinn i rith na bliana. Cuireann soláthar na seirbhísí seo le haghaidh a n-úsáid ag muintir an chontae go léir gealltanas na Comhairle i bhfeidhm i leith sholáthar seirbhísí agus áiseanna den scoth do mhuintir Laoise.

Tá an Chomhairle dírithe, chomh maith, ar fhorbairt agus ar chur chun cinn an chontae mar áit inmharthana chun gnó a dhéanamh agus i rith na bliana leanadar ag glacadh páirt gníomhach leis na gníomhaireachtaí forbartha áitiúla agus náisiúnta go léir chun forbairt sóisialta agus eacnamaíochta a chur chun cinn.

Le linn 2007, chomh maith, lean an Chomhairle ag cur Laoise chun cinn mar áit iontach chun cuairt a thabhairt air agus d'fheabhsaíodh ár bpróifíl go mór leis an réimse ócáidí náisiúnta agus domhanda a bhí ar siúl sa chontae i rith na bliana.

Tá brón orm a rá gur imigh beirt dár gcomhbhall ar an gComhairle, na Comhairleoirí Larry Kavanagh agus Bill Delaney, R.I.P. ar shlí na fírinne, chomh maith, i rith na bliana. Ba mhaith liom mo chomh bhrón ó chroí a ghabháil lena gclann de bharr a gcailliúint truánta.

Ar dheis Dé go raibh a n-anam uasal.

John Moran,
Cathaoirleach

Reamhra Bainisteoir Contae

Tá áthas orm fáilte a chur roimh fhoilsiú na Tuairisce Bliantúla le haghaidh 2007. Lean an fás tapa sa daonra le roinnt bhlianta anuas i gContae Laoise i 2007 le brú iarmhartach ar gach mór- sheirbhís bonneagair agus tacaíochta.

Bhí ról lárnach ag Comhairle Chontae Laoise, áfach, i bhforbairt agus i gcur chun cinn tionscnamh tábhachtach bonneagair le linn 2007, mar Dhraenáil Phríomha Phort Laoise, Bealach Imeallach Phort Laoise agus na Seirbhísí Uisce, gan dabht, agus bonneagar tábhachtach eile inár mbailte agus inár sráidbhailte eile.

Tá an-áthas orm leis an dul chun cinn mór i 2007 i seachadadh tionscnamh caipitil sóisialta móra, i dtaobh ár n-iarrachtaí leas mhuintir uile inár gContae a fheabhsú. D'oscail na Coimpléisc Fóillíochta i bPort Laoise agus i Nollaig 2007 agus leanann an Chomhairle ag feabhsú chaighdeán an tsaoil i gContae Laoise trí an Clár Forbartha réamhghníomhach Leabharlainne agus trí sholáthar faichí imeartha agus áiseanna spóirt timpeall an Chontae.

Ina theannta san, leanaimid ag déanamh dul chun cinn chun Contae Laoise agus forbairt an gheilleagair a chur ar aghaidh. Tá an Chomhairle ag tabhairt ceannaireachta den scoth trí aonaid fiontair agus suímh deiseanna a sholáthar le haghaidh ghnó nua agus trí oibriú le Fiontar Éireann agus an Ú.F.T. chun infheistíocht a chur chun cinn i gContae Laoise. Tugadh ardú mór do phróifíl an Chontae i 2007 le ócáidí turasóireachta móra mar an Fleadh Domhanda, an Trófaí Gailf Seve agus an Picnic Aibhléise i measc rudaí eile.

Bhí breis dul chun cinn déanta ar thionscnaimh Díláraithe an Rialtais le haghaidh Phort Laoise agus Chúl a' t-Súdaire i 2007. Creidim go bhfuil ag éirí linn eacnamaíocht áitiúil níos bríomhaire a fhorbairt i gContae Laoise.

In ainneoin an dul chun cinn a déanadh i 2007, tá sé tábhachtach fócas láidir a choimeád ar aidhmeanna príomha ár b-Plean Chorparáideach. Táim ag súil le leanúint ar aghaidh ag obair i bpáirtíocht leis na Baill Tofa, lenár bh-Foireann, leis an earnáil gnó agus leis na pobail áitiúla chun leas na ndaoine go léir sa Chontae a fheabhsú ionas go mbeadh Laois mar áit níos fearr chun cónaí ann, chun oibriú ann agus chun cuairt a thabhairt air.

Peter Carey,
Bainisteoir an Chontae

Sainordú

Tá Comhairle Contae Laoise mar an Phríomh-Údarás Tofa go Daonlathach i gContae Laois. Soláthraíonn Comhairle Contae Laoise raon leathan agus éagsúil de sheirbhísí a mbíonn tionchar acu ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha, sóisialta, comhshaoil, bonneagracha, turasóireachta, tionscalaíocha agus cultúrtha an Chontae. I measc na seirbhísí seo tá soláthar agus cothabháil tithe, soláthar agus cothabháil bóithre soláthar agus cothabháil sholáthar uisce agus scéimeanna séarachais, seirbhísí pleanála agus forbartha, bainistíocht dramhaíola,cosaint an chomhshaoil, gníomhaíochtaí caitheamh aimsire, leabharlanna, forbairt cultúrtha agus pobail lena n- áirítear caitheamh aimsire agus spórt.

"Soláthróimid ceannsaíocht, déanaimid ár gContae a fhorbairt, a chur chun cinn, a chosaint agus a rialú agus seachadfaimid seirbhísí poiblí ar ardchaighdeán ionas go dtreiseofar cáilíocht bheatha an phobail"

Oibríonn líon mór oibrithe ar an gComhairle, lena n-áirítear an Bainisteoir Contae, fostaithe agus conraitheoirí gairmiúla, teicniúla,dlíthiúla, riaracháin, airgeadais agus lasmuigh.

Comhaltaí agus Cruinnithe Comhairle

Tá 25 Comhalta Tofa i gComhairle Contae Laoise ceithre chomhalta an duine ó Thoghcheantair Mhoointeach Milie, Ioma agus Log an Churraigh, sé chomhalta ó Thoghcheantar Phort Laoise agus seacht gcomhalta ó Thoghcheantar Bhuiríos Mór Osraí. Tionóladh Cruinnithe Comhairle 2006 ar an Luan deireanach de gach mí de ghnáth i Seomra na Comhairle ag Áras an Chontae. Ní raibh cruinniú ar bith i Lúnasa.

Grúpa Polasaí Corparáidigh (G.P.C.)

Tá an Grúpa Polasaí Corparáidigh deartha chun an sainordú daonlathach agus ról déanta polasaí na gcomhaltaí tofa a threisiú.Tá an G.P.C. tacaithe ag an mBainisteoir Contae agus cuimsíonn sé Cathaoirleach na Comhairle agus ceithre Chathair na gCoistí um Polasaithe Straitéiseacha. Is í príomhfheidhm G.P.C. ná obair na C.P.S difriúla a chomhordú agus fóram a sholáthar ina ndéantar cinntí polasaí a mbíonn tionchar acu ar an gComhairle go léir a chomhshocrúle cur faoi bhráid na Comhairle iomláin ar mhaithe le cinneadh a dhéanamh. Tháinig an G.P.C. le chéile 12 uair i 2007.

Comhairle Chontae Laoise Members

Togcheantar Móinteach Mílic

David **Goodwin** MCC

Michael **Moloney** MCC

Paddy **Bracken** MCC

Seamus **McDonald** MCC

Togcheantar Ioma

James **Deegan** MCC

Paul **Mitchell** MCC

Raymond **Cribbin** MCC

John D. **Turley** MCC

Togcheantar Phort Laoise

William **Aird** MCC

Mary **Sweeney** MCC

Tom **Jacob** MCC

Catherine **Fitzgerald** MCC

Brian **Stanley** MCC

Jerry **Lodge** MCC

Comhairle Chontae Laoise Members

Togcheantar Bhuiríos Mór Osraí

Laurence Jnr. **Kavanagh** MCC

Brendan **Phelan** MCC

John **Bonham** MCC

Geraldine **Delaney** MCC

Michael **Lalor** MCC

Martin **Phelan** MCC

John Joe **Fennelly** MCC

Seomra na Comhairle
Áras an Chontae

Larry **Kavanagh** MCC

Bill **Delaney** MCC

Cúis bhróin dúinn gur éag An Comhairleoir Larry Kavanagh ar an 7ú Márta, 2007 agus gur éag an Comhairleoir Bill Delaney ar an 15ú Iúil, 2007. Ar dheis Dé go raibh a n-anam uasal.

Togcheantar Log an Churraigh

Dick **Miller** MCC

James **Daly** MCC

John **Moran** MCC

Michael **Rice** MCC

Gnóthaí Corparáideacha, Acmhainní Daonna, Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

Gnóthaí Corparáideacha, Acmhainní Daonna, Teicneoliaíocht Faisnéise Agus Cumarsáide

Stiúrthóir Seirbhísí:	Anna Marie Delaney
Oifigech Sinsearach Feidhmiúcháin Gnóthaí Corparáideacha:	Carmel McNicholl
Oifigech Sinsearach Feidhmiúcháin Acmhainní Daonna:	Michael Rainey
Ceannaire ar Chórais Faisnéise:	John Forde

Gnóthaí Corparáideacha

Plean Corparáideach 2004 – 2009

Clúdaíonn an Plean Corparáideach atá ann faoi láthair an tréimhse 2004 go 2009. Beidh an Chomhairle ag leanúint leis na mionstraitéisí is gá chun na cuspóirí atá liostáilte sa phlean a bhaint amach. Beifear ag cur tuarascáil bhliantúil faoin dul
chun cinn chuig na Comhaltaí in am trátha.

Cairt Chustaiméirí

Tá Cairt Chustaiméirí ag Comhairle Contae Laoise a leagann amach an chaoi ina bhféachann an Chomhairle le plé lena custaiméirí. Tá an doiciméad ar taispeáint i ngach Oifig Chomhairle phoiblí agus ar ár suíomh idirlín “http://www.laois.ie” www.laois.ie . Mar chuid den Chairt tá Nós Imeachta maidir le Gearáin, ar féidir le haon duine áis a bhaint as mura bhfuil sé sásta le caighdeán na seirbhíse a fhaigheann sé.

Buaic Phointí

21ú Feabhra, 2007 – Fáiltiú Cathartha in onóir Chomóradh 175 bliain an Leinster Express.

22ú Samhain, 2007 – Fáiltiú an Chathaoirligh in onóir Ionad Eolais Saoránach Phort Laoise agus Biúró Comhairleach Saoránach na h-Airde.

Deontais Ard Oideachais

Bronnann Comhairle Chontae Laoise Deontais Ard Oideachais faoi Achtanna na nÚdarás Áitiúil (Deontais Ard Oideachais), 1968-1992, ar son an Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Caithfidh Iarrthóir na riachtanais a shásamh mar atá leagtha amach sa Scéim chun bheith i dteideal deontas faoin Scéim. Tá an Scéim fógartha gach bliain agus sé an dáta deiridh chun iarratais líonta a fháil ná an 31ú Lúnasa de gach bliain. Tá sonraí na Scéime agus foirmeacha iarratais le fáil, de ghnáth,in Iúl ón Roinn Deontais Ard Oideachais ag tkavanagh@laoiscoco.ie, Tel: (057) 8684137, nó ar ár suíomh idirlín ag www.laois.ie/heg.

Bhronn Comhairle Chontae Laoise 185 deontas nua agus bhí 273 deontas athnuaite faoin Scéim Deontais 2007. Bé uasmhéid an deontais cothaithe ná €3,420 agus méadaíodh an táille Cláraithe go €825. Mhéadaigh Ráta Speisialta an Deontais Chothaithe iníoctha go €6,690. Cháiligh 16 duais nua agus 42 duais athnuachana do íocaíocht an deontais seo. Bé an méid iomlán a díoladh amach i 2007 ná €2,034,418.89.

Sláinte & Sábháilteacht

Le linn 2007, d’fhorbair Comhairle Chontae Laois Plean Feabhsaithe Sábháilteachta a bhaineann le Bainistíocht Sábháilteachta ag Oibreacha Bóthar. Bhí Comhairle Chontae Laoise mar cheann as dhá cheann déag de Údaráis Áitiúla go raibh a Pleananna Feabhsaithe Bóthar ceadaithe ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta. Cuid lárnach den plean seo bóithre a dhúnadh níos minice agus beidh sé seo níos soiléire le linn chur i bhfeidhm an Chlár Cothabhála Bóthar 2008.

Tugadh faoi chlár traenála sábháilteachta cuimsitheach ag díriú, ach go h-áirithe, ar na Gráid Innealtóireachta go ndeimhneofaí go bhfuil na scileanna riachtanacha ag an fhoireann chuí an Plean Feabhsaithe Sábháilteachta a chur i bhfeidhm. Cabhróidh cur i bhfeidhm an phlean le Sábháilteacht, Sláinte agus Leas fostaithe Chomhairle Chontae Laoise a fheabhsú i dteannta le gach aoinne a úsáideann an bóthar.

Fáiltiú an Chathaoirligh in onóir Ionaid Eolais Saoránach Phort Laoise agus Biúro Comhairleach Saoránach na h-Airde

Gnóthaí Corparáideacha, Acmhainní Daonna, Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

Páirtíocht

Bhíodar seo a leanas mar bhaill Choiste Páirtíochta an Láthair Oibre ar an 31ú Nollag, 2007.

Ainmnithe na Bainistíochta	Ainmnithe an Cheard Chumainn
John Daly, Chomh-chathaoirleach	Bill Devoy Chomh-chathaoirleach
Anna Marie Delaney	Geraldine Campion
Angela Mc Evoy	Tom Saunders
Ian McCormack	Wes Wilkinson
Gerry Maher	Valerie O'Reilly

Bhí 9 gcinn de chruinnithe ag an gCoiste Páirtíochta le linn 2007.

Gníomhaíochtaí le linn 2007

Áiseanna Leasa

Leanadh leis an gclár a sholáthróidh áiseanna leasa le haghaidh ár n-Oibreacha Lasmuigh le soláthar na n-aonad seo a leanas: -

Ceantar an Iarthair	Séarachas na gCnoc, Baile na Cille, Mhainistir Laoise agus Bóithre Mhaighean Rátha
Ceantar Láir	Oibreacha Uisce Doire Gaill
An Ceantar Thoir	Oibreacha Uisce Baile Mhuiris, Cúl a' t-Súdaire

Leanfar leis an gclár i 2008 agus táthar ag súil go mbeidh sé críochnaithe ag deireadh na bliana.

Ag Láimhseáil Athrú Mhóir Trí Pháirtíocht

Bhí dhá chruinniú de chuid an Ghrúpa Stiúrtha Láimhseáil Athrú Mhóir Trí Pháirtíocht ar siúl i 2007. D'aithin an Grúpa Stiúrtha liosta fadhbanna chun déileáil leo trí Pháirtíocht agus iad seo a leanas san áireamh:

- Ag forbairt polasaithe Acmhainn Daonna éifeachtúla
- Bealaigh slí bheatha fostaithe a fheabhsú chun duaiseanna a thabhairt do fhostaithe agus iad a spreagadh.
- Fostaithe a chur ag gabháil le forbairt Pleananna Chorparáideacha agus straitéisí.
- Rag Obair.
- Athbhreithniú ar Thionscnaimh Fhostaithe (Cleachtas Feabhsaithe Phróiseas Gnó)
- Oifigí Cheantair
- Sláinte agus Sábháilteacht
- CBFG
- Bainistíocht Airgeadais

Doiciméid Pholasaí

Bhí na Polasaithe Láthair Oibre seo a leanas aontaithe trí Pháirtíocht:

Polasaí Frith-Chalaoise agus Thruaillithe
Polasaí ar Iasachtaí

Cistíocht

Fuarthas an chistíocht GCPÚÁ seo a leanas le haghaidh tionscnamh 2007:

Acmhainn an phobail a fhorbairt	€4,000
Sláinte & Sábháilteacht - Trealamh Scagadh Sláinte	€5,000
Coistí Páirtíochta Ceantar	€4,000
Aonad Múiríne In Umar	
Brandáil Comhairle Chontae Laoise	
Iniúchadh Fuílligh	€1,500
Gaisce Sóisir na hÉireann	€3,500
Comhairle Chontae Sóisir	€1,500
Clár Teanga na Gaeilge	€2,000
Meabhraíocht Comhionannais	€2,500
Comhtháthú Foirne	€3,000
Litir Nuachta	€2,000
Iomlán:	€29,000

Gnóthaí Corparáideacha, Acmhainní Daonna, Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

Bronnadh Duaiseanna Faid-Seirbhíse ag Áras an Chontae i Meitheamh, 2007

Grúpa Deimhnithe Comhlíonta

Ghlac an Coiste Páirtíochta páirt san chur i láthair don Ghrúpa Deimhnithe Comhlíonta i Meitheamh, 2007, ag tabhairt sonraí ar an dul chun cinn a déanadh in obair an Choiste Páirtíochta le linn an dá bhliain deiridh.

Coistí Páirtíochta Ceantair

Athbhunaíodh na trí Coistí Páirtíochta Ceantar i 2007. San áireamh ins na gnéithe a dhéileáil na Coistí Páirtíochta Ceantar leo bhí Sláinte & Sábháilteacht, CBFG, gnéithe leasa agus doiciméid pholasaí. Buaileann na coistí le chéile gach 6 seachtain agus oibríonn said lámh ar láimh le Coiste Páirtíochta an Láthair Oibre.

GCGF (Grúpa Cothaithe Gníomhaíocht Fhisiceach)

San áireamh ins na gníomhaíochtaí a d'eagraigh GCGF le linn 2007 bhí clár siúil agus Seiceáil Sláinte le haghaidh gach fostaí. Moladh agus fóir-deon-aíodh Ballraíocht Chorparáideach ins na hIonaid Fóillíochta áitiúla le haghaidh 2007.

Coiste Glas

D'éirigh leis an gCoiste Glas cistíocht a fháil le haghaidh aonad muiríne a chur sa Bhialann i Halla an Chontae. Cuirfidh an t-aonad seo fuíoll de láimh a thagann ón m-Bialann agus athrófar é go múirín gairdín agus úsáidfear é i dtalamh Halla an Chontae.

Saoráil Faisnéise (S.F.)

Iarratais a fuarthas/próiseáladh i 2007

Iarratais ar láimh ag 31/12/2006	1
Iarratais a fuarthas le linn 2007	17
Breitheanna a déanadh le linn 2007	18
Breitheanna a diúltaíodh	Nil
Iarratais a tarraingíodh siar	Nil
Iarratais ar láimh ag 31/12/2007	Nil

Nádúr an Eolais a Lorgaíodh

Pearsanta (don iarrthóir)	5
Neamh-Phearsanta	12

Achomhairc

Achomhairc don Coimisinéir Eolais	Nil
Achomhairc don Ard Chuairt	Nil

Foinse na n-Iarratas

Iriseoirí	Nil
Gnó	Nil
Baill Oireachtais	Nil
Baill an Údaráis Áitiúil	Nil
Eile/An Pobal Ginearálta	17

Gnóthaí Corparáideacha, Acmhainní Daonna, Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

Clár na dToghthóirí 2007/2008

Tá an Chomhairle freagrach as cur le chéile Chlár na dToghthóirí do Chontae Laoise a thagann i bhfeidhm ar an 15ú Feabhra gach bliain. Chun a bheith i dteideal a bheith curtha ar Chlár na d-Toghthóirí ní foláir duit a bheith ar a laghad 18 bliain d'aois ar an lá go dtagann an clár i bhfeidhm agus níorbh fholáir duit bheith id' ghnáth-chónaí sa stát ar an 1ú Meán Fómhair sa bhliain roimh theacht i bhfeidhm don gClár.

Togh-Roinn na Dála	Toghthóirí Uachtaráin	Toghthóirí na Dála
Laois - Uíbh Fháilí	51,774	52,289

Togh-Roinn Pharlaimint na hEorpa	Eorpacha Toghthóirí	Eorpacha Dóighiúla Toghthóirí
Cúige Laighean	52,442	167

Togh-Roinn Cheantar Áitiúil	Líon na d-Toghthóirí
Buiríos Mór Osraí	14,137
Ioma	8,794
Log an Churraigh	8,805
Móinteach Mílic	7,959
Port Laoise	13,282
Iomlán	52,997

Toghthóirí Rialtais Áitiúil na gComhairle	Bhuirg nó na gComhairle Bhaile
Comhairle Bhaile Mhóinteach Mílic	2,858
Comhairle Bhaile Phort Laoise	7,374
Iomlán	10,232

Toghthóirí Poist agus Toghthóirí Speisialta	Togh-Roinn na Dála Laois - Uíbh Fháilí
Gardaí	0
Fórsaí Cosanta	88
Taidhleoirí	4
Iad siúd le Máchail choirp	14
Post	0
Toghthóirí Speisialta	9

Baill an Oireachtais ag Áras an Chontae leis an gCathaoirleach John Moran agus an Foireann na bainistíochta

Comhdhálacha ar Freastalaíodh orthu i 2007

D' fhreastal Baill Chomhairle Chontae Laois ar na Comhdhálacha seo a leanas i 2007:

Cearta Leanaí & An Bunreacht	Baile Átha Cliath	20 Eanáir
Merriman	Cathair na Mart	26 – 28 Eanáir
Kadenza	Dún Garbháin	1 – 3 Feabhra
Seimineár Earraigh C.Ú.B.É.	Trá Lí	9 – 10 Feabhra
Seimineár Pleanála	Trá Lí	17 Feabhra
Máistir Eolaíochta sna Seirbhísí Airgeadais	Luimneach	21 Feabhra
Iontaobhas Oidhreachta Cholmcille	Litir Ceannainn	23 – 25 Feabhra
Bainistíocht Comhdhála Ócáidí an Atlantaigh	Na Cealla Beaga	2 - 3 Márta
Comhchaidreamh Comhairlí Chontae & Cathracha	Dún Garbhán	8 – 10 Márta
Múnlaí Neamh-dhiongbhálacha	Litir Ceannainn	23 Márta
Cumann Oidhreachta Ráth Tuaidh	Trá Lí	28 Márta – 1 Aibreán
C.C.Ú.Á	Cill Airne	12 - 13 Aibreán
Muintir Thuaithe na hÉireann	Cill Airne	18 – 20 Aibreán
Tionól an Deiscirt & Réigiúnach	Nás na Rí	20 Aibreán
Comhairleacha Kadenza	Litir Cheannainn	27 – 29 Aibreán
Coinbhinsiún Síocháin Thiobraid Árann	Baile Thiobraid Árann	27 – 29 Aibreán
Gréasán Bailte Mhúrtha na hÉireann	Eochaill	17 – 18 Bealtaine
Cumarsáid Éifeachtach le		

haghaidh Chomhairleoirí	Lú	8 – 10 Meitheamh
Scoil Samhraidh Byrne Perry	Guaire	29 Meitheamh – 1 Iúil
Scoil Samhraidh Synge	Ráth Droma	1 – 7 Iúil
Seirbhís Pleanála an Rialtais Áitiúil	Dún na Séad	5 Iúil
Scoil Samhraidh Macgill	Na Glinntí	15 – 20 Iúil
Scoil Samhraidh Parnell	Ráth Droma	12 – 17 Lúnasa
Scoil Samhraidh Merriman	Lios Dún Bhearna	19 – 25 Lúnasa
Scoil Ghinearáil Humbert	Béal an Átha	23 – 26 Lúnasa
Domhan Uisce Chill Chaoi	Cill Chaoi	6 – 7 Meán Fhómhair
Comhdháil Oidhreachta Lios Tuathail	Lios Tuathail	6 – 7 Meán Fhómhair
C.Ú.B.É	Ros Mhic Thriúin	13 – 15 Meán Fhómhair
Seimineár La Touche	Na Cloch Liatha	28 – 30 Meán Fhómhair
Bí Stuama	Cill Airne	4 – 5 Deireadh Fómhair
Comhdháil Fhorbartha Eacnamaíochta Áitiúla	Átha Luain	17 Deireadh Fómhair
Comhchaidreamh Réigiúin na hÉireann	Cill Airne	19 Meán Fhómhair
Comhdháil Dúghlas de h-Íde 2007	Ros Comáin	26 – 28 Deireadh Fómhair
Comhdháil Ceifin	Inis	6 – 7 Samhain
Ról Cúramaí Clainne	Baile Átha Cliath	7 Samhain
Comhdháil Aoife	Béal Átha na Slua	8 – 10 Samhain
Comhchaidreamh Ball na n-Údarás Áitiúil	Ceatharlach	9 – 10 Samhain
Dlí Pleanála & Comhshaoil	Baile Átha Cliath	10 Samhain
Forbairt na Sionainne & Bailte	Tairbeart	14 Samhain
Taispeántas Cúramóra	Átha Luain	14 Samhain
Cumarsáid Éifeachtach	Litir Cheannainn	16 – 18 Samhain
Comhdháil Náisiúnta Turasóireachta	Inis Díomáin	22 – 24 Samhain
Comhdháil Forbartha Réigiúnach	An Ghaillimh	23 Samhain
Scoil Niall Bléine	Litir Cheannainn	30 Samhain – 1 Nollaig
Buiséad an Rialtais Áitiúil	Bun Clóide	1 Nollaig

Acmhainní Daonna

Staitisticí Earcaíochta

Bhí 529 duine fostaithe ag Comhairle Chontae Laoise ar an 31ú Nollaig, 2007.

Le linn 2007, bhí 73 comórtas ar siúl ag Comhairle Chontae Laoise agus tógadh na staitisticí seo a leanas astu:

Méid Iomlán na n-iarratas a fuarthas: 828

	Fir	Mná
Iarrthóirí	357	471
Iarrthóirí Gur Éirigh Leo	192	159

Ceapacháin Seasta/Arduithe Céime 2007:

	Fir	Mná
Ceapacháin	35	21
Ardú Céime	14	13

Tionscnaimh Cothromaíochta an t-Saoil Oibre

Ag deireadh na bliana, bhí 7 bhfostaí ag baint úsáid as an Scéim Sos Ghairme, bhí 24 fostaí ag baint úsáid as an scéim roinnte poist/oibre, bhí 20 fostaí ag baint úsáid as an Scéim Sos Tuismitheoirí agus bhí 11 fostaí ag baint úsáid as Am Téarma.

Caidreamh Tionsclaíoch

Leanann Comhairle Chontae Laoise a bheith mar dea-shampla i leith chaidreamh tionsclaíoch. Níor cailleadh aon laethanta de bharr ghníomhaíocht tionsclaíocha i 2007.

Traenáil & Forbairt Fostaithe

Tá Comhairle Chontae Laoise dírithe ar ár bhfostaithe go léir a thraenáil agus a fhorbairt i gcomhthéacs spriocanna agus aidhmeanna na Comhairle a chur i gcríoch agus scileanna na bhfostaithe a fhorbairt. Tá Comhairle Chontae Laoise ag déanamh a díchill feabhas leanúnach a bheith i seachadadh na seirbhíse trí fhorbairt phearsanta a chuid fostaithe.

Tá an clár traenála bliantúil bunaithe go h-áirithe ar riachtanais traenála an duine aonaraigh a aithnítear trí Phleananna Forbartha Pearsanta na foirne mar chuid den bpróiseas CBFG. Tá gnéithe san Clár, chomh maith, mar Riachtanais Sláinte & Sábháilteachta, Clár Filleadh ar an Fhoghlaim, Clár Foghlamtha Oscailte an Tríú Leibhéil agus Seimineár/Saotharlanna éagsúla de réir mar a dtagann siad.

Bhí caiteachas de €375,000 ar an dtraenáil. Bhí clár traenála an-chuim-sitheach seachadta le linn 2007.

Tá sampla des na cláir thraenála a sholáthraíodh mar seo a leanas:

- CTPE & CTPE Ard Céime
- Traenáil Mheabhraíochta ar Mhíchumas
- Traenáil Ionduchtaithe
- Roth Scríobaigh
- Oiliúint Pas Sábháilte
- Traenáil Bhainistíochta Tráchta
- Gar Chabhair
- Traenáil Bhith-Éagsúlachta

Cúrsa Teagascóra & Measúnóra ar Láimhseáil Láimhe

Chríochnaigh 8 n-oibrí san eagraíocht Cúrsa Teagascóra & Measúnóra ar Láimhseáil Láimhe go rathúil. Thosaigh na traenálaithe seo clár traenála rolla-amach trasna na heagraíochta.

Clár Foghlamtha Oscailte

Déanann Comhairle Chontae Laoise a dícheall fostaithe a éascú go dteas-taíonn uatha Cúrsaí Foghlamtha Oscailte Tríú Leibhéal a dhéanamh, a bhaineann leis, agus a chabhraíonn le forbairt ghnó na Comhairle, agus le gnó agus le freagracht an oibrí, chomh maith. Sampla des na cláir Fhoghlamtha Oscailte atá éascaithe iad seo a leanas:

- Teastas IRP, Dioplóma & Céim i Staidéar Rialtais Áitiúil
- Dioplóma sa Ghaeilge, ONÉ na Gaillimhe
- MSC Ollscoil Oscailte i m-Bainistíocht Teicneolaíochta
- IT Átha Luain Ard Dioplóma i d-Teicneolaíocht Innealtóireachta na Mór-Bhóthar
- Teastas IRP i mBainistíocht an Athruithe
- Dioplóma ONÉ Mhaigh Nuadhat sa Bhainistíocht san Líne Tosaigh

Searmanas na n-Duaiseanna Traenála

Bhí bronnadh na dteastas traenála ar siúl ar an 4ú Nollaig, 2007.

Bronnadh na dTeastas do Bhainistíocht go Sábháilte ar Stiúrthóirí Tograí Tógála, Mí na Nollag 2007

Ag Tacú le h-Éagsúlacht

Tugann Comhairle Chontae Laoise tacaíocht do fhostaíocht daoine le míchumas orthu agus baineann sí amach a sprioc mar atá leagtha amach ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Ina theannta san, d'éascaigh Comhairle Chontae Laoise roinnt ionad taithí oibre le haghaidh daoine le míchumas orthu.

Ard Caighdeán Feabhais Trí Dhaoine

Tá an creidiúnú Ard Caighdeán Feabhais Trí Dhaoine mar chaighdeán náisiúnta na hÉireann le haghaidh fhorbairt Acmhainn Daonna. Tá an duais bainte amach ag eagraíochtaí go bhfuil na córais Acmhainn Daonna is fearr cleachtais ar bun acu, go háirithe ins an aicme traenála agus forbartha foirne, cumarsáid, agus rann-pháirtíocht na bhfostaithe i bpróiseas na mbreitheanna san eagraíocht. Bhain Comhairle Chontae Laoise an duais seo amach i 2005 agus choimeádadar an Duais Ard Caighdeán trí Dhaoine i 2006 faoin gcaighdeán athruithe. Tá an duais ard stádais seo mar éacht iontach ag na fostaithe. Is bailíochtú eachtrach é rite ag FÁS agus déanann sé imlíniú ar thiomantas agus ar iarracht na bhfostaithe go léir i dtaobh a gcuid fhoghlama féin agus a bhforbairt phearsanta i dteannta lena ran-

npháirtíocht, mar dhaoine aonaracha agus mar chuid de fhoireann, san fheabhsú leanúnach in oibríocht seirbhísí agus aidhmeanna na n-eagraíochta.

Comharthaí Náisiúnta Comhlíonta

Chuaigh an Chomhairle thar an teorainn 3% den Comhartha Náisiúnta Comhlíonta le haghaidh caiteachais ar thraenáil agus ar fhorbairt mar fhán gcéad de chostais pa rolla iomlán 2007. Bé 5.5% an toradh.

Caiteachas ar thraenáil agus ar fhorbairt mar fhán gcéad de chostais pá rolla iomlán.

2006	2007
4.6%	5.5%

Indáil leis na laethanta oibre a cailleadhmar gheall ar shaoire dheimhnithe agus neamhdheimhnithe sead iad na staitisticí.

	2006	2007
Le Teastas	3.61%	3.93%
Gan Teastas	0.44%	0.41%

Roinn TFC

I 2007, lean an Roinn TFC ag cur Comhairle Chontae Laoise chun cinn in úsáid teicneolaíocht nua aimseartha agus choimeádadar a n-áit mar cheann des na údaráis phríomha áitiúla san ghné seo sa tír. Tá na tionscnaimh phríomha go raibh an Roinn TFC gafa leo rangaithe thíos faoi thrí cheannteideal i.e. Córais Eolais Geografach (C.E.G.), Forbairt Bhogearra agus Riaradh Gréasáin.

Córais Eolais Gheografacha (C.E.G.)

Córas teicneolaíochta é C.E.G. atá ag éirí níos tábhachtaí agus níos tábhachtaí in údaráis áitiúla i dtaobh anailís a dhéanamh ar shonraí le gné geografach iontu. Baineann 80% den eolas a úsáidtear san údarás áitiúil le geografaíocht. Tugadh isteach an Córas gPlean feabhsaithe don gcéad uair in údarás áitiúil i 2007. Taispeánann sé seo áit agus sonraí gach iarratas pleanála a fuarthas i gComhairle Chontae Laoise. Ceadaíonn an leagan feabhsaithe seo cuardach breise de réir ainm bhaile fearthainn agus ainm iarrthóra agus tá sé ar fáil faoin Rannóg Pleanála ar an suíomh príomha idirlín nó ag www.laois.ie/gplean. Chuir an roinn C.E.G Córas Bainistíochta Sealúchais i bhfeidhm i 2007 go nglaoitear Rolla Leasa Sealúchais (R.L.S) air. Sé feidhm an tionscnaimh seo taifead digiteach a sholáthar de gach idirbheartaíocht sealúchais reatha a chríochnaigh an Chomhairle mar aon le sonraí stairiúla. Deimhneoidh sé bainistíocht mhaith, éifeachtach ar fhillteán shealúchais na Comhairle agus an t-ábhar sonrach á dháileadh do gach oibrí cuí trína bhrabhsálaí idirlín. Tá naoi gcinn de údarás áitiúil ag úsáid an chórais seo i láthair na h-uaire.

Forbairt Bogearra & Idirlíon/Inlíon

Forbraíonn, bainistíonn agus coinníonn an roinn Bhogearra TFC an bhail cheart ar na córais go léir san eagraíocht. Bé ár dtionscnamh is mó i 2007 ná cur i bhfeidhm córas nua agus níos fearr ó thaobh na teicneolaíochta de san Líonadh talún. Úsáidtear an córas seo le haghaidh ualaigh a mheá idir isteach agus amach. Caitheadh an Crua-earra, An Bog-earra agus an córas smachta a bheith uasghrádaithe. Buadh an tairiscint go luath i 2007 agus úsáideadh a lán acmhainní ar an dtástáil, a thosaigh go luath i Márta. Bhí ar an bhfoireann TFC comhoibriú le hoibrithe Líonadh Talún, leis an Aicme Comhshaoil agus le Oifig an Airgid i dtreo is go n-oibreodh gach cuid den gcóras go maith. Bhí an córas faoi lán tseoil ar an 3u Meitheamh, 2007.

Tá thart ar 80 fostaí sa Chomhairle traenáilte chun an córas bainistíochta ábhair d'úsáid le haghaidh an tsuímh idirlín www.laois.ie. Uaslódálann gach roinn a h-ábhar féin mar aon leis na míreanna nuachta is déanaí. Tá an suíomh idirlín á chothabháil ar bhonn leanúnach le feabhsaithe leanúnacha chun insroichteacht agus úsáid a dhéanamh níos fearr. Déanadh iniúchadh ar ár suíomh idirlín i 2007 agus bronnadh an Teastas Marc-W orainn in Iúl de bharr ár gcaighdeán ard in insroichteacht agus in úsáid. Bhuamar an duais W3C AA toisc a insroichte is a bhíomar agus de bharr bhailíochtú XHTML agus CSS. Bhí cúpla gné mapála ar líne curtha leis an suíomh. Tá roinnt seirbhísí áitiúla ar líne mar scoileanna, leabharlanna, gnéithe turasóireachta & araile. mapáilte anois trí Sheirbhísí Mapála Google. Tá ag eirí an-mhaith lenár n-íocaíochtaí ar líne agus cuireadh seirbhísí breise isteach i 2007 mar Tháillí Uisce, Cíos Tithíochta agus Iasachtaí Tithíochta.

Bhí Laois.ie ar an ngearr-liosta i 2007 le haghaidh 'Duán Fhalla Órga' – duaiseanna príomha idirlín na hÉireann. Bhí an Chomhairle in iomaíocht dian in aicme *An Suíomh Idirlín Is Fearr san Earnáil Poiblí,* agus dá bhrí sin ba éacht fiú amháin a bheith ainmnithe. Bhí Laois.ie ar an gearr-liosta, chomh maith, dos na 'Duaiseanna TE Spreagta ag BT 2007' in aicme na Seirbhísí Gnó agus bhí iomaíocht dian ann arís. Cé nár bhuamar an duais, bhíomar bródúil as go raibh ár gcuid iarrachtaí aitheanta.

Gnóthaí Corparáideacha, Acmhainní Daonna, Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

Bhí an inlíon uasghrádaithe ó SharePoint 2003 go SharePoint Oifige 2007 i dtreo deireadh 2007. Úsáidtear an inlíon chun doiciméid a roinnt agus a stóráil agus le bheith mar óstach ar fheidhmiúchán in- bhaile. Tá Freastalaí SharePoint Oifige 2007 comhtháite go daingean le gnáth-fheidhmiúcháin deasca cliaint, le ríomhphost agus le brabhsálaithe Idirlín. Tagann sé lena lán feidhmiúchán as-an-mbosca gur féidir a úsáid chun na córais níos sine a úsáidimid anseo a fheabhsú. Tá a lán gnéithe úsáideacha ann a dheimh-neoidh cumarsáid níos fearr agus éifeacht trasna na heagraíochta i 2008.

Riaradh Ghréasáin

Phróiseáil an roinn seo sa bhreis ar 2,800 glaoch tacaíochta ó lucht a Úsáide le linn 2007, ag clúdach réimse leathan gnéithe Crua-earra & Bogearra. Bhí beagáinín sa bhreis ar 50 R.P. leis an tsonraíocht is déanaí soláthraithe do lucht n-úsáide san eagraíocht, i dteannta le Ríomhairí Glúine, Friothálaithe, Printéirí & rl., mar chuid den gclár athchurtha Crua-earra bliantúil.

Críochnaíodh roinnt Tionscnamh bonneagair mhóra le linn 2007 agus iad seo a leanas san áireamh:

- Déanadh ath shreangú iomlán ar an Seomra príomha Ríomhaire i m-Bloc a h1 de Áras an Chontae agus cuireadh aonad cumhachta cúltaca le h-ard-chumas (U.P.S.) isteach.
- Tógadh an leabharlann nua i Maighean Rátha ar line agus chríochnaigh an roinn bonneagair insealbhú ceangail teileafóin agus sonraí agus tacar cuimsitheach áiseanna Teicneolaíochta Eolais le haghaidh lucht Úsáide Leabharlanna agus don Fhoireann.
- Críochnaíodh obair ar sholáthar áiseanna Fóin & Sonraí ag Oifig nua na Comhairle in aice leis an Ionad Pobail i g-Cúl a' t-Súdaire i 2007.
- Soláthraíodh cian-rochtain slán ar Ghréasán do bhaill na Foirne Bainistíochta Sinsearaí agus do Oibrithe eile ag obair ó Oifigí i bhfad i gcéin.
- Soláthraíodh traenáil chuimsitheach, ina úsáid, do bhaill na Foirne Bainistíochta chun an cumas a thabhairt dóibh an tairbhe is fearr a bhaint as na háiseanna uasghrádaithe nua.
- Bhí traenáil lucht úsáide ins na leaganacha is déanaí de tháirgí & de áiseanna bogearra éagsúla soláthraithe, chomh maith, do roinnt des na Baill Tofa. Tá an sort traenála seo ar fail ar bhonn leanúnach agus tá sé soláthraithe nuair atá gá leis.
- Chomh maith le uasghrádú an chórais bhí bonneagar an chrua-earra ag Líonadh Talún Coillte Leise, le Freastalaí & Stáisiúin Oibre ann, athchurtha ina iomlán leis an dtrealamh sonrach is déanaí.
- Bhí éifeachtachta breise bainte amach in aicme an Chumarsáid Fhóin Shoghluaiste le suiteáil Gréasán Príobháideach Chorparáideach Fón So-Ghluaiste 02 (G.P.C.) le linn 2007. Tugann sé seo buntáiste ar tháillí glaonna do Chomhairle Chontae Laoise agus ba choir go mbeadh sábháil chostais mar thoradh air.



Christy Crawford, Iar-Cheann na gCóras Eolais, Comhairle Chontae Laoise, agus bronntanas scoir á bhronnadh air ag an mBainisteoir Chontae Peter Carey. D' Éirigh Christy as in Aibreán, 2007 tar éis 43 bliain saothair.

Polasaí Títhíochta, Sóisialta agus Cultúrtha

Cathaoir: Brian Stanley MCC

Comhaltaí:
William Aird, M.C.C.
Larry Kavanagh,R.I.P, M.C.C.
Paddy Bracken, M.C.C.
Seamus McDonald, M.C.C.
Catherine Fitzgerald, M.C.C.
Marc Connolly, T.C.

Earnálach:
Mary Wheatley
Pat Culleton
John Grace
Mick Dowling

Stiúrthóir Seirbhísí: Declan Byrne
Oifigeach Sinsearach Feidhmiúcháin: Martin Daly
Innealtóir Sinsearach Feidhmiúcháin: P.J. Dempsey
Oibrí Sinsearach Sóisialta: Fionnuala Daly
Leabharlannaí Contae: Gerry Maher

Seirbhísí Tithíochta

Sé príomhaidhm Chomhairle Chontae Laoise ná infhaighteacht lóistín a dhéanamh chomh mór agus is féidir chun na ranganna difriúla riachtanais a shásamh agus chun an réimse iomlán roghanna tithíochta a chur chun cinn.

Buaic Phointí le linn 2007

- Bhí seachadadh 69 aonad tithíochta toisc cur i bhfeidhm slán eagraithe Cuid V, faoi réir ag na hAchtanna Pleanála & Forbartha agus faoin Straitéis Tithíochta.
- Seachadadh rathúil 237 aonad tithíochta sóisialta
- Seachadadh rathúil 124 aonad tithíochta in-acmhainn le praghsanna ag tosú ó €140,000.
- Tosú scéimeanna tithíochta deonacha i Móinteach Mílic, Cúl a' t-Súdaire, Port Laoise, Buiríos Mór Osraí agus Mainistir Laoise
- Pleananna le haghaidh áis pobail i Cnoc Méith, Port Laoise curtha chun críche

Tuairisc ar Choiste Polasaí Straitéiseach (C.P.S.)

Bhuail an C.P.S. Tithíochta, Sóisialta agus Cultúrtha le chéile i Márta, Meitheamh, Meán Fhómhair agus Nollaig le linn na bliana 2007. Fuarthas agus pléadh tuairiscí agus moltaí ón Rannóg Tithíochta, ón Rannóg Ealaíona, ón Rannóg Oidhreachta, ón Rannóg Spóirt & Fóillíochta agus ón Rannóg Leabharlainne ag na cruinnithe seo. Ghlac na Baill leis an Straitéis do Dhaoine Gan Dídean, le Straitéis Frith-Bhochtaineacht Áitiúil Laoise, le Polasaí Céatadán don Ealaíon agus le Polasaí na bhFál. Do phlé siad gnéithe iompar frithshóisialta, chomh maith, comhtháthú tithíocht sóisialta agus in-acmhainn agus soláthar Lóistín de bharr Fhoréigin Bhaile.

Scéim do Lóistín ar Cíos

Is tionscnamh rialtais é an Scéim do Lóistín ar Cíos, a thosaigh i Laois i Meán Fhómhair 2006 chun riachtanais na ndaoine a shásamh atá ag fail liúntas cíosa thar thréimhse fhada agus go bhfuil gá le tithíocht thar thréimhse fhada acu. Tá i gceist go soláthróidh an scéim foinse breise lóistín d'ard chaighdeán ar chíos le haghaidh daoine intofa agus freagra Comhairle Chontae Laoise a fheabhsú i dtaobh riachtanas tithíochta fhad téarma a shásamh. Tá timpeall 109 duine i Laois atá ag fail liúntas cíosa ar feadh 18 mí nó níos mó faoi láthair agus tá obair leanúnach ar siúl ar mheasúnú a dhéanamh ar a n-oiriúnacht bheith sa scéim. Ina theannta san, ghlac tiarnaí talún páirt sa scéim. Tá breis eolais maidir leis an scéim ar fáil ag www.laois.ie

Bealach Chlódagh, Cluain na Slí

Coill a' Chuilinn, Móinteach Mílic

Polasaí Títhíochta, Sóisialta agus Cultúrtha

Tógáil & Éadáil Tithíochta

Le linn na bliana, críochnaíodh 237 tigh faoin gClár seo. Tá an briseadh síos mar seo a leanas:

Tithe tuaithe	2 aonad
Clais a' Mhóinéir, Ros Fhionnghlaise	16 aonad
Bóthar Bhoiríse, Port Laoise	10 n-aonad
Baile Átha an Róine	22 aonad
Baile an Chaisleáin (Céim 2)	10 n-aonad
Bealach Chlódaigh, Cluain na Slí	18 aonad
Clais an Adhmaid, Maighean Ratha	20 aonad
Radharc a' t-Séipéil, Rath na Maoile, Mainistir Laoise(Réidh)	1 Aonad amháin
Cnoc a' Toraidh, Gráig Uí Chuilinn (Réidh)	15 aonad
Coill Uí Chuilinn, Móinteach Mílic (Réidh)	40 aonad
Bóthar na Sionainne, Maighean Rátha(Réidh)	4 aonad
Bóthar Port Laoise, Maighean Rátha(Réidh)	4 aonad
Bóthar an Stáisiúin, Cúl a' t-Súdaire (Réidh)	20 aonad
Rath na Maoile, Mainistir Laoise (Cuid V)	3 aonad
Cnoic na h-Eascrach, Port Laoise(Cuid V)	23 aonad
Cúirt na Mainistreach, Port Laoise (Cuid V)	2 aonad
Slí na Móna, Cúl a' t-Súdaire (Cuid V)	2 aonad
Páirc an Aonaigh Babhta a 2 (Cuid V)	2 aonad
Halla Clarney, Ráth an Domhnaigh (Cuid V)	1 Aonad amháin
Cúirt Osraí, Buiríos Mór Osraí (Cuid V)	1 Aonad amháin
Gairdíní Chlais na Fuinseoige, Port Laoise (Cuid V)	1 Aonad amháin
Baile an Chalaidh, Móinteach Mílic (Cuid V)	5 aonad
Aird Shliabh Bhladhma, Ráth an Domhnaigh	1 Aonad amháin
Ceannach aonaid singil	14 Aonad
IOMLÁN	237 aonad

Bé €24,104,923 an méid iomlán a fuarthas ón Roinn le haghaidh an Chláir Chaipitil i 2007.

Achoimre ar an gClár

Tithe á dtógáil ag 01/01/07	274
Tithe a tosaíodh i 2007	74
Tithe a chríochnaíodh i 2007	237
Tithe á dtógáil ar an 31/12/07	111

(Tá idir tithe in-dí-shuite, tithe á gceannach dara lámhach agus éadáil Cuid V san áireamh san achoimre thuas.)

Tionscnamh Forbartha Cnoc Maighe

Tá Comhairle Chontae Laoise ag tabhairt faoi ath-fhorbairt a chosnóídh na milliúin ar Eastáit Chnoc Maighe i bPort Laoise.
Clúdaíonn ceantar Cnoc Maighe, i bPort Laoise, timpeall 30 acra talún agus tá sé déanta suas de sé eastáit údarás áitiúil aonaracha le 217 tigh ann, tógtha agus i seilbh thar thréimhse 17 bliain ó 1980 go 1997.

Tá Máistir-Phlean ullmhaithe agus h-aontaíodh leis tar éis comhairliúcháin fhorleathan le gach scairshealbhóir cuí agus seoladh é do mhuintir na háite go léir ag cruinniú speisialta a bhí ar siúl ar an 3ú Iúil, 2006. Táthar ag súil go dtosóidh Céim 1/Clár Píolóta ag Plás Duilleog Dara i mBealtaine, 2008.

Táthar ag súil go ndéileálfaidh Tionscnamh Forbartha Chnoc Maighe, atá molta, lena lán des na fadhbanna le dearadh tosaigh na n-eastát agus leis na fadhbanna sóisialta a bhíonn ann.

Beidh feabhsúcháin ar thaobh amuigh na dtithe san áireamh ins na hoibreacha fisiceacha molta, i dteannta le tógáil ionad agus naíolann comharsanachta, leagadh síos agus ath-thógáil roinnt áit cónaithe, lánaí á mbaint, athdhearadh ar spásanna oscailte agus tógáil ballaí teorann.

Tá Comhairle Chontae Laoise an-dearfach mar gheall ar an dtionscnamh seo agus táid tar éis foirne tiomnaithe a shannadh chun déileáil le gach cuid den chur i ngníomh. Oibreoidh an fhoireann, chomh maith, le muintir na háite chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil na foinsí úsáidte go cuí agus go bhfuil an tairbhe is fearr bainte as an athfhorbairt ar son an phobail.

Clár Cothabhála Pleanáilte

Lean an clár Cothabhála Pleanáilte Céim a 4 ar aghaidh le linn 2007. Tá obair glónraithe dúbailte agus éadain déanta ar thimpeall ar 244 tigh, obair aibhléise ar 149 tigh agus aláram deataigh príomhlíonra á sholáthar do thimpeall 285 tigh. Táthar ag súil go mbeidh an obair seo críochnaithe ag deireadh 2008.

Polasaí Títhíochta, Sóisialta agus Cultúrtha

Clár Teasa Lárnaigh

Chuir an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil clár teasa lárnaí nua ar fáil i 2004. Is é an ciste atá le fáil ná €5,600 per teach nó 80% den gcaiteachas, pé acu is lú. Ó 2004 soláthraíodh teas lárnach do timpeall 470 teach le timpeall 80 díobh seo críochnaithe i 2007. Leanfaidh an clár i 2008 agus ba chóir go mbeadh sé críochnaithe i Nollaig, 2008.

Cothabháil Stoc na nÚdarás Áitiúil

Bhí 1,819 tigh i stoc ar chíos ag an gComhairle ag an 31ú Nollag, 2007 agus bhí 96% díobh amuigh ar chíos ag deireadh na bliana. Le linn na bliana 2007, bhí 2,573 iarratas deisithe faighte ag an Rannóg Cothabhála agus bhí 2,391 díobh críochnaithe (92.93%).

Cuid V – Straitéis Tithíochta

Bhí 69 aonad tithíochta (41 sóisialta agus 28 in-acmhainn) críochnaithe timpeall an Chontae i 2007 i gcomhréir le Cuid 5 den Straitéis Tithíochta. Tá 207 aonad (84 sóisialta agus 123 in-acmhainn) ag dul chun cinn faoi láthair i mBuiríos Mór Osraí, i n-Darú, i Maighean Rátha, i Móinteach Mílic, i bPort Laoise, i g-Cúl a' t-Súdaire agus i Sráid Bhaile. Ina theannta san, tá líon comhaontais ar bun le haghaidh níos mó aonad Cuid V a sholáthar ins na bailte seo. Tá cainteanna leanúnacha ar siúl, chomh maith, faoin Straitéis Tithíochta, le haghaidh aonad breise a sholáthar ag roinnt áiteanna timpeall an Chontae.

An Earnáil Tithíochta Deonach

Tá ról tábhachtach i gcónaí ag an Earnáil Deonach ag cabhrú chun na riachtanais lóistín a shásamh i Laois. Chríochnaigh Comhchaidreamh Tithíochta Respond obair ar 21 aonad ag Gráig Uí Chuilinn i 2007. Thosaigh Comhchaidreamh Tithíochta Owenass le haghaidh Daoine le Míchumas Intinne Orthu obair ar aonad 6-leaba i Móinteach Mílic, chomh maith i 2007. Thosaigh Comhchaidreamh Tithíochta Clúid obair ar 40 aonad tithíochta i g-Cúl a' t-Súdaire agus 9 n-aonad i m-Bhuiríos Mór Osraí, agus thosaigh Comhchaidreamh Tithíochta Respond! obair ar 22 aonad i bPort Laoise agus ar 8 n-aonad i Mainistir Laoise.

Tithíocht In-acmhainn

I rith na bliana thosaigh obair ar 8 n-aonad tithíochta in-acmhainn i gCluain na Slí agus críochnaíodh aonaid tithíochta in-acmhainn ag na h-áiteanna seo a leanas:

Ros Fhionnghlaise	10 n-aonad
Baile Átha an Róine	12 aonad
Baile an Chaisleáin	4 aonad
Maighean Rátha	10 aonad
Gráig Uí Chuilinn	10 n-aonad
Port Laoise	50 aonad
Cuid V	28 n-aonad
Iomlán	124 aonad

Tá obair ar siúl ar 52 aonad i g-Cúl a' t-Súdaire, in Eiréil, agus i g-Cam Ros agus ar 123 aonad Cuid V i m-Buiríos Mór Osraí, i nDarú, i bPort Laoise, i Maighean Rátha, i Móinteach Mílic, i g-Cúl a' t-Súdaire agus sa tSráid Bhaile. Tosaíonn na praghsanna ag €140,000 agus sin ísliú mór ó phraghas an mhargaidh.

Gleann na Glaise, Baile Átha an Róine

Polasaí Títhíochta, Sóisialta agus Cultúrtha

Scéim na Suíomh Príobháideach

Bhí líon suíomh príobháideacha curtha ar fáil i mBaile an Chaisleáin tar éis do Bhaill Chomhairle Chontae Laoise Scéim Díolachán Suíomh a thabhairt isteach i 2006. Is é costas ceannaithe na suíomh seo ná €55,500 ach d'fhéadfadh roinnt iarrthóirí bheith in ann iad a cheannach ar €23,700 má táid i dteideal fhóirdheontas suímh. Ba chóir dóibh san go bhfuil suim acu ina leithéid teagmháil a dhéanamh leis an Rannóg Tithíochta le haghaidh sonraí. Beidh suímh eile ar fáil i 2008 ag Baile Átha an Róine agus i gCluain na Slí.

Gníomhaíocht faoi Scéimeanna Éagsúla

Síntí le Tithíocht Údarás Áitiúil:

Tosaithe	-	14
Críochnaithe	-	10

Oibreacha Feabhsaithe in ionad Tithíocht Údaráis Áitiúil:

Tosaithe	-	4
Críochnaithe	-	7

Deontais do Dhaoine le Míchumas Orthu

Iarratais Faighte	-	196
Méid Iomlán na n-Deontas Díolta	-	198
(Iomlán €)		€2,688,635

Deontais na n-Deisiúchán Riachtanach:

Iarratais Faighte	-	122
Méid Iomlán na n-Deontas Díolta	-	109
(Iomlán €)		€690,385

Deontas d' Athrú Tithíochta le haghaidh Daoine le Míchumas Orthu:

Iarratais faighte	-	4

Scéim Deontais Tithíochta :Cabhair Shoghluaiste

Iarratais faighte	-	1

Scéim Cúnamh Teaghlaigh le haghaidh Daoine Níos Sine:

Iarratais faighte	-	12

(nóta: tugadh isteach na trí deontais seo i Samhain, 2007, chun áit Deontas na n-Daoine le Míchumas Orthu agus Deontas na n-Deisiúchán Riachtanach) a thógáil.

Scéim Ceannaithe do Thionóntaí:

Iarratais Faighte	-	50
Tithe Díolta	-	27

Iasachtaí Úinéireacht Roinnte:

Iarratais Faighte	-	17
Idirbhirt Chríochnaithe	-	15

Scéim Liúntais Morgáiste

Iarratais Faighte	-	6

Cíos Tithíochta

Déanann an Chomhairle athbhreithniú ar a Scéim Cíos Difreálach ar bhonn bhliantúil. Cuireadh an Scéim is déanaí i bhfeidhm ar an 20ú Dheireadh Fómhair, 2007. Bé an cíos seachtainiúil ar an meán ná €39.50, faoi Scéim 2006. Fuarthas ioncam cíosa iomlán de €2.9m.

Lóistín don Lucht Siúil

Ghlac an Comhairle leis an gClár Lóistín don Lucht Siúil Ceithre Bliana 2005-2008 in Aibreán 2005. Tá dul chun cinn mór déanta maidir le lóistín d'fháil do Phobal an Lucht Siúil i gContae Laoise le háit faighte do 10 gclann i 2007.

Polasaí Títhíochta, Sóisialta agus Cultúrtha

Bainistíocht Eastáit

Bhí forbairt leanúnach ar siúl ar pholasaí na Comhairle sa bhliain 2007 ar rannpháirtíocht na gcónaitheoirí i m-Bainistíocht Eastáit agus déileáladh le gnéithe mar:

Bainistíocht Eastáit
Cothabháil Ghinearálta
Modhanna Ceansaithe Tráchta
Iompar frith-shóisialta

Soláthraíodh réamh-chúrsaí agus lámhleabhair tionónta do gach tionónta nua.

Comórtas don Eastát is Fearr

Aicme A: Eastát Tithíochta Chomhairle Chontae Laoise oscailte sa bhreis ar 10 mbliain
Duais: Ardán Naomh Fhiontáin, Maighean Ratha

Aicme B: Eastát Tithíochta Chomhairle Chontae Laoise oscailte idir 3-10 mbliana
Duais: Árasáin Radharc na hAbhann, Port Laoise

Aicme C: Eastát Tithíochta Chomhairle Chontae Laoise oscailte níos lú ná 3 bhliain
Duais: Ros na Sailí, Móinteach Mílic

Chuaigh duais speisialta don eastát a chuir an feabhas is mó ar an áit, An Corrán, Baile Uí Laigheanáin
Leanann Oifigeach Idirchaidrimh Tionónta agus Feidhlí Faire soghluaiste do Shean Daoine agus do Dhaoine le míchumas orthu ag obair sa Roinn Tithíochta le hOifigeach Idirchaidrimh Tionónta difriúil do cheantar Chnoc Maighe i bPort Laoise. I 2007 bhí 51 Comhchaidreamh Áitreabhach ag fáil tacaíochta ón Roinn Tithíochta.

Comharthaí Feidhmithe

Comhartha Feidhmithe	2006	2007
Líon iomlán d'áiteanna cónaithe i stoc údarás áitiúil	1,611	1,819
Céadatán d'áiteanna cónaithe ar chíos	97%	96%
Céadatán d'áiteanna cónaithe atá folamh	3%	4%
Céadatán d'áiteanna cónaithe atá folamh agus faoi réir mórscéimeanna athshlachtaithe	0%	12.3%
Céadatán d'áiteanna cónaithe atá folamh agus nach bhfuil ar fáil ar chíos	45%	45.70%
Céadatán d'áiteanna cónaithe atá folamh agus ar fáil ar chíos	55%	42%
Meántráth a ghlactar chun áiteanna cónaithe atá ar fáil le ligean ar chíos a ligean ar chíos arís (i seachtainí)	5 wks	1.09 wks
Líon athchóirithe a cuireadh i gcrích mar chéadatán líon na n-iarratasbailí a fuarthas	89.06%	92.93%
Meántráth a ghlac sé chun iarrthóirí a chur ar an eolas maidir le cinneadh an údaráis áitiúil ar iarratais do:		
Scéim Tithíochta Comhroinnte	9.8 days	6.25 days
Scéim Iasachtaí Tithíochta	1 day	19 days
Tithíocht Údarás Áitiúil	6 days	28.1 days
Líon iomlán na dteaghlach taistil a fuair cóiríocht mar chéadatán na spriocanna i gClár Cóiríocht um an Lucht Táistil Áitiúil	171.43%	125%

Céatadán Riaráistí Cíosa

Méid a bailíodh ag deireadh na bliana mar chéatadán den mhéid dlite (Ioncam Cíosa)	86%	88%
4-6 seachtain d'aois	5.93%	7.07%
6-12 seachtain d'aois	10.25%	8.45%
tharr 12 seachtain d'aois	76.59%	75.70%

Ealaíon

Scoil Ceoil Laoise

In Eanáir 2007, ghluais Scoil Ceoil Laoise chuig áit nua i gColáiste Phort Laoise, Scoil nua de cuid an CGO. Tá líon ar rolla de 350 ag eagraíocht na mac léinn anois. Ceapadh Brent Parker mar an Cumadóir i Láthair in Eanáir, 2007 agus bhí an chónaitheacht bunaithe timpeall Ceolfhoireann SCL agus amhránaithe ó Roinn na nGuth. Seoladh an saothar déanach 'The Slieve Bloom Suite' don gcéad uair i Meitheamh i Lárionad Ealaíona Dunamaise agus tar éis san bhí sé ar siúl sa Phicnic Aibhléise, Sráid Bhaile, i Meán Fhómhair 2007. Ba iontach an rud é an Cumadóir i Láthair do gach aoinne go raibh baint acu leis. Bhronn eagraitheoirí an Picnic Aibhléise 2 scoláireacht do SCL le h-aghaidh thréimhse na féile i gContae Laoise.

Scoil Cheoil Laoise ag déanamh a coda ag an Electric Picnic ag Sráid Bhaile

Thosaigh Lucht Seinnte Ceoil, rang le haghaidh leanaí le riachtanais speisialta orthu, mar chlár píolóta in Aibreán agus leanfaidh sé mar rang lán aimseartha sa Scoil Cheoil. Déanadh 3 Scoláireacht a athnuachan ó Chlub Rotary Phort Laoise, Club Lions Phort Laoise agus ón gCiste Infheistíochta Pobail CFO. Bhí Coirmeacha Ceoil éagsúla, Máistir Ranganna agus scrúdaithe ar siúl i rith na bliana.

Amharclann Óige Laoise

Tugann Amharclann Óige Laoise an chaoi do dhaoine óga úsáid a bhaint as an dtraenáil drámaíochta is fearr dá bhfuil ann. Tá cúig grúpa ar siúl faoi láthair i bPort Laoise, i Ráth an Domhnaigh, sa tSráid Bhaile, i Maighean Rátha agus tá grúpa nua i gCúl a' tSúdaire. Ghlac Amharclann Óige Phort Laoise agus Móinteach Mílic páirt i saotharlann le Comhlacht Rinnce Cois Céim, i Márta, agus d'fhreastlaíodar ar a dtaispeántas in Ionad Ealaíona Dunamaise. Bhí 'Scary Storyl' ar siúl ag Grúpa Phort Laoise in Ionad Ealaíona Dún Másc, Port Laoise, i mí Márta agus h-iontráladh an taispeántas i bhFéile Ceangail Shell i gCorcaigh i mí Bealtaine. Bhí 'Sparkleshark' le Philip Ridley ar siúl ag grúpa Móinteach Mílic i Móinteach Mílic agus léirigh Amharclann Óige Ráth Domhnaigh a dráma, chomh maith, go háitiúil i mí Bealtaine. Bhí 'Amharclann Playback' ar siúl ag Port Laoise in Ionad Ealaíona Dún Másc i Meitheamh agus ag an bhFéile Electric Picnic i Meán Fhómhair agus is iad an chéad grúpa óg amharclainne in Éirinn chun aghaidh a thabhairt ar an sort amharclainne tobcumtha seo. Bhí a dhráma 'The Demon Headmaster' ar siúl ag Amharclann Óige Sráid Bhaile agus bhí a dhráma "Who's afraid of the Big Bad Burn" ar siúl ag Amharclann Óige Mhaighean Rátha i Meitheamh.

Saotharlanna Oifig Ealaíne Laoise ag an Electric Picnic sa tSráid Bhaile



Amharclann Óige Laoise

Ghlac Amharclann Óige Laoise páirt i bhFéilte Amharclanna Óige 2007 in Ionad Ealaíona Dunamaise. Bhí saotharlanna le haghaidh ball, múinteoirí agus teagascóirí agus cur i láthair ós na grúpaí go léir san áireamh. I 2007, tháinig beirt chomhordanáidí amharclanna óige nua agus beirt chúntóir nua isteach in Amharclann Óige Laoise agus bunaíodh grúpa amharclanna óige nua i gCúl a' tSúdaire.

Scríbhneoir Cónaitheach

Thosaigh Scríbhneoir cónaithe Laoise, Caroline Barry ón Iar Mhí, ag obair

i Laois i Meán Fhómhair ar feadh téarma sé mhí. Bhí scríobh le daoine óga mar fhócas speisialta le haghaidh na cónaitheachta. Bhí tráthnóna oscailte eagraithe agus bhÍ sraith de shaotharlanna seachtainiúla an-rathúil ar siúl faoi láthair le haghaidh scríbhneoirí óga. Rinne Caroline eagarthóireachta, chomh maith, ar Dhíolaim Laoise nua ina mbeidh scríbhneoirí níos óige á gcur san áireamh. Bhí deis tugtha do ghrúpaí scríbhneoirí, do scoileanna agus do ghrúpaí pobail, chomh maith.

Port Laoise a Aimsiú – Idirghabhála Ealaíona Uirbí

Bhí sraith ócáidí ealaíona cruthaitheach le healaíontóirí agus le muintir Bhaile Phort Laoise san áireamh ón 3ú go 10ú Deireadh Fómhair, inar tugadh cuireadh do ealaíontóirí moltaí a aighniú chun oibriú i bPort Laoise. Roghnaíodh aon ealaíontóir déag ó thimpeall na tíre agus bhí píosaí san ealaíon amharcach, i rinnce, i dtaispeántas cruthaitheach agus in ealaíon suiteála sealadach. Ghlac roinnt ealaíontóirí, go raibh cuireadh tugtha dóibh, agus ealaíontóirí áitiúla páirt, chomh maith. Bhí miondíoltóirí/gnótha áitiúla, Pobal an Phriosúin, Pobal an Lucht Siúil agus scoileanna mar chuid de rannpháirtíocht an phobail sa rud. Bhí seimineár poiblí ar siúl tar éis na hócáide gur glaodh 'Idirghabháil Ealaíona – Gníomhaíochta nó Idirghníomhaíochta' air.

Scéim Ealaíontóirí ins na Scoileanna

Ghlac 9 scoil páirt i 2007 agus bhí Scoil Bhríde, Ráth an Domhnaigh, SNC Naomh Íosaif, Móinteach Mílic, Scoil Naomh Phroinsias, Port Laoise, Scoil Aonghusa, Sráid Bhaile, SN Ard Leasa, Ionad Kolbe, Port Laoise, SN Bearna Sróine, SN Eaglais na hÉireann Ráth an Domhnaigh agus SN Caisleáin Cuffe. Tugann an sceim seo deis do scoileanna sa chontae cur isteach ar dheontais do ealaíontóirí cónaithe chun gach meán ealaíona a chlúdach.

Céatadán le haghaidh Thionscnamh Ealaíona

Bhí dearadh an Sculptúir Chomóraigh a bhain le James Fintan Lalor, leis an ealaíontóir Rory Breslin ó Chontae Mhaigh Eó, roghnaithe ag próiseas coimisiúnaithe i ndhá-chéim. Sheol Brian Cowen, Uasal T.D. an sculptúr chré umha agus cloch go hoifigiúil ar an Satharn, 15ú Nollaig, 2007, ag Áras an Chontae. Roghnaigh an Scéim Céatadán le haghaidh Ealaíona Michelle O'Donnell ó Chontae Uíbh Fháilí chun gné gloine daite i dtrí chuid a sholáthar do Linn Snámha Chúl a tSúdaire i gcomhar leis an Rannóg Spoirt.

Dealbhóireacht Chomóradh James Fintan Lalor ag Áras an Chontae

Duaiseanna & Sparántachta Acht Deontas Ealaíona

Bronnadh €10,000 i ndeontais ag oíche duaiseanna speisialta ar 5ú Aibreán, 2007, in Áras an Chontae, ar 42 buaiteoir, ar a raibh 35 deontas do ghrúpaí agus 7 ndeontas do dhaoine aonaracha. Bhí réimse leathan grúpaí agus daoine aonaracha i measc iad siúd a bhain tairbhe as na duaiseanna seo agus bhí grúpaí Pobail, grúpaí Drámaíochta agus ealaíontóirí ó thimpeall an chontae go léir san áireamh ann.

Ba í Lisa Fingleton, Cill Ruaidhrí, Sráid Bhaile, Co. Laoise buaiteoir na duaise Pátrúnachta 2007. Ghlac Lisa atá ina ealaíontóir/bean déanta scannán, páirt i thart ar 40 taispeántas grúpa in Éirinn agus thar sáile. Bronnadh Sparántacht Ionad Tyrone Guthrie ar Maeve Collins, ealaíontóir Ionnaithe i nDarú agus bronnadh an Scoláireacht le haghaidh Scoil Shamhraidh Chónaitheach Sraith Drámaíochta na hÉireann ar Carmel Mc Sweeney.

Clár Ealaíona an tSamhraidh

Bhí ceardlanna ealaíona samhraidh an-rathúil le haghaidh leanaí agus daoine óga ar siúl in Iúl ina lán ceantar i Laoise. Bhí potadóireacht, rinnce, dráma, ceol na h-óige, scríbhneoireacht chruthaitheach agus ealaíon san áireamh ins na ceardlanna. Bhí an-éileamh ar an réimse gníomhaíochta agus do fhreastal thart ar 350 le díogras na h-ealaíona fúthu orthu.

Ionad Lucht Siúil Phort Laoise

D'oibrigh grianghrafadóir, Andy Mason agus scríbhneoir, Jean O'Brien, iar Scríbhneoir cónaithe Laoise, ar chomhthionscnamh fótagrafach agus scríbhneoireacht le cliaint ó Phobal an Lucht Siúil.

Polasaí Títhíochta, Sóisialta agus Cultúrtha

Bealtaine

D'eagraigh an Oifig Ealaíona na hócáidí seo a leanas le linn féile na bliana seo:

- Coirmeacha Ceoil in Ospidéil le haghaidh Seandaoine i Laois le Mary Wisely ó Scoil Ceoil Laoise ag Ospuidéal Naomh Uinsinn, Móinteach Mílic, Ospuidéal Naomh Bríd, Séan agus Ospidéal Cheantair, Mainistir Laoise.
- Ceol agus Amhráin le Amhránaí/Scríbhneoir, Christy Cullen in Ospidéal Naomh Uinsinn Móinteach Mílic, Ospidéal Cheantair Mhainistir Laoise agus Ospidéal Naomh Bhríd, Séan.
- Taispeántas Ceoil & Rinnce ó Éirinn & ó Albain – Thug dísreach a bhuaigh a lán duaiseanna, an veidhleoir John Davidson agus an rinnceoir Aisling Walsh, taispeántas Ceoil agus rince Albanach agus Éireannach in Ospidéal Naomh Uinseann, Móinteach Mílic, in Ospidéal Ceantair Mainistir Laoise agus in Ospidéal Naomh Bhríd, Séan.
- Léitheoireacht Fhilíochta leis an Uasal Frank Dunne, scríbhneoir, aisteoir agus craoltóir leis an BBC agus le RTÉ.

Leabhar Bheag Laoise

Mar thoradh ar thuras ar Leabhar Mór na Gaeilge chuig Laois i 2006 foil-síodh agus seoladh leabhar filíochta, ealaíona agus callagrafaíochta ag mic léinn bhunscoile agus meán scoile in Áras an Chontae i Márta, 2007 a glaodh 'Leabhar Beag Laoise' air. Dhein mic léinn a bhí sa leabhar roinnt léitheoireachta ag an ócáid.

Ceolchoirmeacha

Bhí ceolchoirm Clasaiceach ar siúl i gCúirt Ioma i mBealtaine ag seinnteoir piano, Ivan Ilic a bhí ar thuras go h-Éirinn. Bhí saothar ó Handel, Brahms, Liszt agus Debussy ar an gclár.

Gníomhaíochtaí eile

- Ealaíontóirí ag teagasc
- Seoltaí Leabhar
- Seanchaíocht in Ospidéil
- Saotharlann Scríbhneoirí
- Saotharlanna ceapadóireachta
- Tionscnamh Ghréasáin Ealaíona an Oir Dheiscirt

Táscairí Feidhmiúchán	2004	2005	2006	2007
Líon na nDeontas	29	26	43	43
Ealaíne leithdháilte	119.10	2341	2,809	2,781
Amharclann Óige Laoise	4	5	5	5
Ceardlanna Ealaíne Samhraidh	8	10	15	20
Ceardlanna Dráma	2	2	1	1
Scoil Cheoil Laoise				
Líon Mac Léinn	332	279	300	350

Spórt & Fóillíocht

Chuir Earnáil Spóirt agus Fóillíochta Chontae Laoise ócáidí agus gníomhaíochtaí an-rathúil ar siúl i 2007.
B' iad na cinn phríomha ná:

Soláthar Súgradh

D'osclaíodh trí faichí imeartha nua i 2007.
D'oscail Faiche Imeartha Sráid Bhaile, gur glaodh 'Full Steam Ahead' air in Aibreán agus tá sé suite ag An Fhaiche, Sráid Bhaile.

D'osclaíodh Faiche Imeartha 'Tír na Spraoi' go hoifigiúil ag an Ionad Pobail, Cluain na Slí ar an 7ú Nollaig agus d'oscail Faiche Imeartha Ionad Fóillíochta 'Dun na Spraoi' ar an 18ú Nollaig, 2007.

Polasaí Títhíochta, Sóisialta agus Cultúrtha

Clár Gníomhaíochtaí do Leanaí

D'eagraigh agus do chuir Comhairle Chontae Laoise clár gníomhaíochtaí Cásca agus Samhraidh mórthimpeall an chontae i 2007. Do cuireadh clár Faiche Leadóige Cásca & Samhraidh ar siúl i Mainistir Laoise, i Maighean Rátha, Port Laoise agus i gCúl a tSúdaire lenár gClár Samhraidh Campa Co Co sé seachtaine á sheachadadh i gCúl a' tSúdaire, Baile Bhiocáire, Baile an Chaisleáin, Ráth an Domhnaigh, Baile Átha an Róine agus Port Laoise.

Comharthaí Faiche Imeartha

Bhí forbairt bhreise déanta ar Chomharthaí Faiche Imeartha i 2007, le naoi scoil breise i Laois ag baint úsáid as an gcistíocht. Is é aidhm scéim Chomharthaí Faiche Imeartha ná leibhéal gníomhaíochta fisiceach agus imeartha bunaithe sa scoil a mhéadú i dteannta le líon na leanaí gníomhach a mhéadú. Tugann Comharthaí Faiche Imeartha an deis do leanaí a bheith gníomiúil le linn a lá scoile agus a mholadh do leanaí páirt a ghlacadh i gcluichí gníomhiúla gur feidir cabhrú leo forbairt go fisiciúil. Soláthraíodh traenáil do mhúinteoirí agus do leanaí ar chluichí gur féidir a imirt ar na comharthaí nua.

Forbairt Chumainn

Lean Clár Forbartha Club na Comhairle i 2007. Cuireann an Clár chun cinn agus tacaíonn sé le forbairt clubanna nua agus cinn atá ann cheana féin i gContae Laoise, ag seachadadh saotharlanna/seimineáir agus ag cabhrú chun cistíocht a fháil trí an Clár Deontais Caipitil Spóirt. Bé an dáileadh iomlán le haghaidh Laoise ins an Clár Caipitil Spóirt i 2007 ná €1,561,200. Críochnaíodh conair lúith-chleasa 8 lána, páirc imeartha agus ceantar lúith-chleasaíochta faiche ar shuíomh in aice le Coláiste nua Phort Laoise i 2007. Beidh na háiseanna seo in úsáid ag Mic Léinn de chuid Choláiste Phort Laoise, Club Lúith-chleasa Thuaisceart Laoise agus grúpaí pobail agus spóirt eile.

Mion-Pháirc

Páirc Bheag EUFA/FAI críochnaithe ag Swan i Nollaig, 2007.

Ionaid Fóillíochta

Ionad Fóillíochta Phort Laoise

D'oscail Ionad Fóillíochta Phort Laoise don bpobal ar an 17ú Nollaig, 2007 tar éis athnuachan ar scála mór. Tá áiseanna snámha i dtrí cheantar linne, páirceanna imeartha uile aimsire, giomnáisiam, 60 stáisiún, den scoth agus ranganna aclaíochta ins an ionad fóillíochta. Tá seisiúin scairte le tre-alamh inséidte ollmhór ar fáil san ionad do leanaí, ranganna snámh le haghaidh gach aoinne ó leanaí beaga go déagóirí, ceantar imeartha bog do dhaoine níos lú ná seacht mbliana agus an fhaiche imeartha poiblí is mó lasmuigh de Bhaile Átha Cliath ar fáil do leanaí. Is áit den scoth é le haghaidh chóisir laethanta breithe leanaí le lónadóireacht ar an láthair ann ó 'Caju' – bialann 45 suíochán agus tábhairne sú.

Ionad Fóillíochta Chúl a' tSúdaire

D'oscail Ionad Fóillíochta Chúl a' tSúdaire a dhoirse mar ionad faoi lán tseoil go luath i Mí na Nollag. Soláthróidh an t-ionad áiseanna fóillíochta do phobal Chúl a' t-Súdaire gur féidir a mhaíomh fúthu go bhfuilid chomh maith lena bhfuil ar fail sa cheantar. Tá linn snámha 25-méadar san ionad atá ar chaighdeán craoibhe, linn fhoghlamtha, sábhna agus seomra gaile,

áit le haghaidh caife, seomra do chruinnithe, trealamh aclaíochta le gléasra Techno Gym agus studio aclaíochta le clár éagsúla ranganna á sholáthar ann. Tabharfaidh sé an deis do leanaí scileanna snámha agus sábháilteachta uisce a fhorbairt.

Neartóidh na h-ionaid nua, gan dabht, fealsúnacht Chomhairle Chontae Laoise faoi 'Obair i b-Páirtíocht leis an b-Pobal' le cúnamh deontais ón Roinn Ealaíona, Spóirt & Turasóireachta agus infheistíochtaí ó Chomhairle Chontae Laoise. Is mithid an obair crua a lua, an diongbháilteacht agus an tiomantas ag an dá choiste snámha le blianta anuas.

Comharthaí Comhlíonta	Caighdeáin Bainte Amach 2006	2007
Méid na gCúrsaí Traenála Eagraithe	13	4
Méid na gCeannairí agus na Traenálaithe	160 (Riarthóirí san Áireamh)	30
Méid na bpobal ag glacadh páirt i gCampaí Samhraidh & i gcláir eile	14	12
Méid na leanaí ag glacadh páirt i gcláir	1,200	1,100
Méid na gClub/Grúpaí go bhfuil baint acu le h-Iarratais Mhaoinithe Spóirt	39	27
Méid na gClub nua a fuair cabhair	-	0
**Méid iomlán na bPáirc Súgradh	-	7
**Méid Iomlán na Snámhaithe/sa bhliain	-	6,500

** Comharthaí Náisiúnta

Oidhreacht

Oibríonn Oifig Oidhreachta Chomhairle Chontae Laoise chun meabhraíocht agus tuiscint ar oidhreacht tógtha, nádúrtha agus chultúrtha Chontae Laoise a chur chun cinn. Tugtar faoi seo le cabhair na Comhairle Oidhreachta, trí na tionscnaimh atá sonraithe i bPlean Oidhreachta Laoise.

Plean Oidhreachta Laoise 2007-2011

Seoladh an dara Plean Oidhreachta le haghaidh Chontae Laoise go foirmiúil go luath i 2007. Tá 50 gníomhaíocht, a bheidh á gcur i bhfeidhm le linn na mblianta atá le teacht sa phlean, a cuireadh le chéile i 2006, tar éis comhairliúchán poiblí forleathan agus tá ceithre cinn de aicmí tábhachtacha ann mar a leanas:

- Eolas a bhailiú ar oidhreacht tógtha, nádúrtha agus chultúrtha an chontae;
- Meabhraíocht a ardú i dteannta le taitneamh a bheith bainte as an oidhreacht;
- An Cleachtas is fearr sa bhainistíocht oidhreachta a chur chun cinn i dteannta le caomhnú gníomhach ar an oidhreacht i Laois.



Baineann an t-eolas seo a leanas le tionscnaimh ó Phlean Oidhreachta Laoise a tugadh faoi le linn 2007. Tá tuairiscí suirbhé agus taighde iomlána ar fáil ó Oifigí Oidhreachta Chomhairle Chontae Laoise, nó ar fáil le híoslódáil ag http://www.laois.ie/heritage.

Bailigh eolas ar Oidhreacht Chontae Laoise

Polasaí Títhíochta, Sóisialta agus Cultúrtha

An chéad chéim riachtanach i gcaomhnú agus ar imlíniú na h-oidhreachta seo ná eolas a bhailiú ar oidhreacht Laoise. Bhí na suirbhéanna seo a leanas déanta le linn 2007:

- Suirbhé ar struchtúr tuí
- Céim a III ar an suirbhé páirc-ar-pháirc de ghnáthóga an Chontae
- Suirbhé ar fhuaráin a fhoirmíonn tufa i Sliabh Bladhma, gnáthóg thosaíochta de réir Treoir na n-Gnáthóga ón AE.
- Suirbhé ar oidhreacht tógtha agus nádúrtha droichead an Chontae, le hoidhreacht tionsclaíoch, éan agus sciathán leathair san áireamh.

Tigh le h-ais Bhaile Bhriotáis tógtha le linn Suirbhé Cheann Tuí 2007

Ag foghlaim faoin fhiadhúlra i gCluain an Slí le linn Seachtain na h-Oidhreachta (grianghraf: Michael Scully)

Meabhraíocht a ardú agus taitneamh as Oidhreacht Laoise a chur chun cinn

D'oibrigh an t-Oifigeach Oidhreachta lena lán daoine, le grúpaí pobail agus le Fóram Pobail an Chontae le linn 2007 chun tionscnaimh oidhreachta a phleanáil agus chun comhairle a thabhairt ar conas teacht ar chúnamh deontais agus ar thacaíocht do thionscnaimh. Cuireadh gach tuairisc agus gach foilseachán a foilsíodh le linn na bliana isteach sa roinn staidéir áitiúil i Leabharlann Chontae Laoise agus é curtha ar fáil le h-íoslódáil ar shuíomh idirlín Chomhairle Chontae Laoise. Gníomhaíochtaí a tugadh aghaidh orthu le linn 2007 chun meabhraíocht ar na gnéithe oidhreachta a ardú:

- Foilsíodh leabhar ar oidhreacht tógtha agus nádúrtha sean-Chanáil Mhóinteach Mílic, bunaithe ar thorthaí an t-suirbhé a déanadh i 2006
- Bhí clár seachtaine de ócáidí clainne, siúlóidí treoraithe, cainteanna, taispeántais sleamhnán agus laethanta spraoi eagraithe le haghaidh na Seachtaine Oidhreachta náisiúnta
- D'eagraíodh comórtas ar an dtéama 'Ár n-Oidhreacht Fhorbartha' agus mheall sé 150 iontráil de scoth- chaighdeán ó idir dhaoine fásta agus leanaí
- Soláthraíodh traenáil ar bhith-éagsúlacht do gach oibrí de chuid Chomhairle Chontae Laoise
- Chuir sraith saotharlann agus turais páirce de chuid 'Fionnadh Fiabheatha Laoise' ábhar na bithéagsúlachta, na fiabheatha agus na ngnáthóga, de chuid Laoise, os comha an phobail go ginearálta
- Sheol Comhairle Chontae Laoise leabhar ar Oidhreacht Lár na Tíre le Dr Paul Gibson agus mhúscail sé mórán suime
- Bhí comhdháil 'Oidhreacht Cheiliúradh Laoise' bhliantúil ar siúl in Ionad Pharóiste Phort Laoise i nDeireadh Fómhair, chun a chur in iúl don bpobal faoi ghnéithe a bhaineann le hoidhreacht, taighde agus suirbhéanna a tugadh fúthu le linn na bliana
- Bhí siúlóidí le h-éirí gréine i gCluain na Slí agus i n-Darú eagraithe chun Lá Cór Bhreacadh lae na n-Éan bliantúil a cheiliúradh i mBealtaine:
- Bhí Bailiúchán Laoise de agallaimh staire seanchais gur déanadh taifeadadh orthu le linn 2006 craolta mar shraith clár ar raidió áitiúil 103 Lár Tíre.
- Iontrálacha Laoise sa chomórtas Bród as d' Áit náisiúnta, a cheiliúrann gníomhaíocht pobail, ab ea Cúl a' t-Súdaire agus Ráth an Uisce. d' Éirigh go h-an-mhaith leis na grúpaí le linn an mheasúnaithe agus bhí Rath an Uisce ar an ngearr-liosta san earnáil daonra.

An cleachtas is fearr sa bhainistíocht Oidhreachta a chur chun cinn i dteannta le caomhnú gníomhach na h-Oidhreachta

Lean athchóiriú Tigh Cúirte Darú le linn 2007 le tacaíocht ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Tá tábhacht mór ailtireachta agus stairiúil ag baint leis an bhfoirgneamh seo agus nuair a bheidh sé críochnaithe beidh leabharlann, iarsmalann agus áiseanna pobail ann, i dteannta le léiriú ar an gcleachtas is fearr i dtaobh chaomhnú foirgnimh stairiúil.

Polasaí Títhíochta, Sóisialta agus Cultúrtha

Comharthaí Comhlíonta

Comharthaí Comhlíonta	2006	2007	Notaí
An méid gníomhaíochtaí ó Phlean Oidhreachta Laoise curtha i bhfeidhm	8	8	Tá uasmhéid de 8 ngníomhaíocht sa bhliain maoinithe i gcuid ag an gComhairle Oidhreachta
Líon cruinnithe de Fhóram Oidhreachta Laoise ar siúl	4	3	Buaileann Fóram Oidhreachta Laoise le céile go ginearálta ar bhonn ráithe, ach bhuaileadar le chéile níos minice i 2006, de bharr ullmhú Phlean Oidhreachta Laoise.
Líon suirbhé bithéagsúlachta déanta	3	3	
Líon suirbhéanna oidhreachta forbartha/cultúrtha déanta	1	2	
Líon foilseachán ar Oidhreacht Laoise foilsithe / tacaithe	2	1	Is breis na foilseacháin seo ar thaifid tionscnamh foilsithe tar éis suirbhéanna &rl.
Líon Cainteanna ar an Oidhreacht/Cúrsaí Traenála/ Seimineáir eagraithe	2	12	Le hócáidí a bhí ar siúl le haghaidh Seachtaine na h-oidhreachta san áireamh

Leabharlann

Brollach

Tá ról an-thábhachtach ag seirbhís na leabharlainne poiblí inár bpobail ag soláthar slí chun eolais, eolas, foghlaim fad saoil agus ar léamh mar chaitheamh aimsire ar bhonn iniamh. Tá Seirbhís Leabharlann Laoise á sheachadadh trí ghréasán 11 brainse páirt-aimseartha agus trí bhrainse amháin lán-aimseartha. Tá an tseirbhís gafa faoi láthair i gclár forbartha bhonneagair mór.

Forbairt Leabharlanna 2007-2011

Sheol an Comhairleoir Michael Lalor, Cathaoirleach Chomhairle Chontae Laoise Plean Forbartha cúig bhliana i mBealtaine a imlíníonn moltaí le haghaidh fhorbairt bhonneagair, teicneolaíocht eolais, modhanna iniamh sóisialta agus ceangail le gníomhaireachtaí lasmuigh le linn an chéad chúig bhliain eile.

Leabharlann Mhaighean Rátha

Críochnaíodh tógáil leabharlann nua i Maighean Rátha in Aibreán agus d'oscail an leabharlann don bpobal i Meitheamh. Bhí an oscailt oifigiúil déanta ag an g-Comhairleoir Michael Lalor, Cathaoirleach Chomhairle Chontae Laoise. Bhí thart ar 1,500 seisiún idirlín ar naoi ríomhaire ann ón am a osclaíodh é.

Leabharlann Mhainistir Laoise

Lean athnuachan Leabharlann Mhainistir Laoise (Teach Margaidh) le linn na bliana agus sé an dáta críochnaithe dóighiúil ná Márta, 2008. Beidh leabharlann timpeall 320m. cr. á rith ó thrí urlár den bhfoirgneamh i dteannta le h-áiléir ealaíona ar chuid den mbonn urlár. Beidh ceantar Chearnóg an Mhargaidh pábháilte ina iomlán agus beidh tír-dhreachadh déanta ar an dá thaobh den bhfoirgneamh.

Leabharlann Mhóinteach Mílic

Thug an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil cead don leabharlann dul ar aghaidh chun na tairisceana chun leabharlann nua a lorg le

linn 2007 ag sean-fhoirgneamh Teach Cúirte ag Sráid Uí Mhórdha, Móinteach Mílic. Beidh an leabharlann ar dhá urlár le h-achar iomlán de 690 méadar cr. Tá doiciméid tairisceana á n-ullmhú faoi láthair.

Leabharlann Darú

Thosaigh obair i nDeireadh Fómhair ar athnuachan an Teach Cúirte ina mbeidh an leabharlann phoiblí ann nuair a bheidh sé críochnaithe. Beidh an leabharlann uathoibrithe ina iomlán agus beidh teacht ar an idirlíon ar dhá R. P. Feidhmeoidh suíomh na leabharlainne mar cheantar pobail/cruinnithe le linn uaireanta cloig lasmuigh dá huaireanta cloig mar leabharlann.

Uathoibriú

Lean seirbhís na leabharlainne a Clár uathoibriú a dhéanamh ar an gcóras leabharlainne i Leabharlanna Brainse le leabharlann Thigh Mochua agus Maighean Rátha uathoibríoch i 2007.

WIFI

Tá Teacht ar Idirlíon Gan Sreang curtha isteach i leabharlanna Phort Laoise, Maighean Rátha agus i g-Cúl a' t-Súdaire. Beidh WIFI le fáil i Ráth an Domhnaigh agus i Móinteach Mílic i 2008.

Ciste Leabhar

Bhí Ciste Leabhar €188,000 ann do 2007, méadú de €4,000 ar an bhliain roimhe sin. Thug an Roinn Eolaíochta agus Oideachais €35,165.60 le haghaidh leabhair a cheannach do bhunscoileanna laistigh de cheantar an údaráis áitiúil.

Príosún Lár na Tíre

D'oibrigh beirt fhostaí de chuid Leabharlann Co. Laoise i b-Príosún Lár na Tíre, i 2007, chun seirbhís leabharlainne a sholáthar ansin. Tá i gceist ag an seirbhís macasamhlú, sa mhéid agus is féidir, a dhéanamh ar sheirbhís poiblí na leabharlainne ag soláthar leabhar agus meán eile le haghaidh foghlama agus spraoi. Oibríonn foireann leabharlann le foireann an phríosúin eile chun réimse éagsúil gníomhaíochtaí oideachais, cultúrtha agus fóillíochta a sholáthar agus a chur chun cinn. Is deis tábhachtach, sainiúil é seirbhís leabharlanna an phríosúin chun rannpháirtíocht a éascú agus griogadh chun slí beatha foghlama fad saoil i measc grúpaí go mb'fhéidir go raibh bacainní ós a gcomhair cheana maidir leis seo.
Sholáthar an Roinn Cirt, Comhionannais agus Leasú Dlí €15,000 le haghaidh leabhair a cheannach do leabharlann an phríosúin agus thugadar ar ais pá na beirte oibrí príosúin do Chomhairle Chontae Laoise.

Ócáidí agus Gníomhaíochtaí

Bhí ócáidí agus gníomhaíochta le réimse mór ilghnéitheach ann i ngach Leabharlann Bhrainse mór-thimpeall an Chontae i 2007:
Bhí Lá Oscailte an-rathúil ar siúl i Márta i Leabharlann Ráth An Domhnaigh, le Taispeántas Puipéid do leanaí ar maidin. Léigh an file Jean O'Brien roinnt dá cuid saothair sa tráthnóna do shlua mór. Bhí seisiúin scéalta seachtainiúla ar siúl ag Leabharlann Mhaighean Rátha i dteannta le seisiúin ealaíona agus ceardaíochta le haghaidh aoisghrúpaí de haois difriúla. Bhí ranganna ríomhaireachta do Shean Daoine ar siúl ar bhonn seachtainiúil. Buaileann club leabhar do dhaoine fásta le chéile uair sa mhí sa leabharlann agus thosaigh club leabhar do leanaí sa bh-Fómhar, 2007. Bhí seisiúin ealaíona agus ceardaíochta, cuairteanna ó údair, scéalta á n-insint agus cuairteanna ranga seachtainiúla ar siúl i Leabharlann Phort Laoise Bé buaicphointe na bliana seoladh leabhar nua Harry Potter in Iúl gur fhreastal 150 leanbh air agus d'oscail an leabharlann i lár na hoíche chun an spraoi go léir a thosú. Bhí seanchaíocht, seisiúin ealaíona agus ceardaíochta agus ranganna traenála idirlín ar siúl ag Leabharlann Chúl a' t-Súdaire le haghaidh sean daoine.

Seirbhísí Ar Líne

Sholáthar Leabharlanna Chontae Laoise seirbhísí ar líne d'úsáideoirí leabharlanna trí an suíomh idirlín – www.laois.ie/leisureandculture/libraries, páipéir nuachta ar líne, Ciclipedia Britannica, Taighde Sláinte agus Tagairt Credo.

Comóradh Leabhar na bPáistí

Tionóladh ócáidí éagsúla sa Leabharlann Phoiblí i bPort Laoise i rith na féile chun páistí a spreagadh leabharlanna áitiúla a úsáid.
I measc na n-imeachtaí a bhí ar siúl bhí scéalaíocht do pháistí óga. Thug an t-údar cáiliúil, Tom McCaughren, cuairt ar an leabharlann agus léigh sé sliocht as a chuid leabhair, chomh maith leis sin thug údar eile, Mary Arrigan, cuairt ar an ionad agus bhain na páistí an sásamh as a chuid léitheóireacht.
Freisin, tugadh duaiseanna do pháistí ar fud an Chontae a ghlac páirt i gcomórtas Leabhar Mharc 'Design your own Bookmark'.

Tá Comhairle Leabharlann Laoise ag súil go mór na himeachtaí seo ar fad

a chuir chun cinn ionas go mbeadh na buntáistí seo ar fad le fail do na daoine óga.

Bunscoileanna

Leanadh le seirbhís leabharlanna a sholáthar chuig bunscoileanna an chontae i rith na bliana le ceannach leabhar dírithe go speisialta ar riachtanais an aois grúpa seo. Fuair Leabharlann Chontae Laoise deontas €35,165.60 ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta don chúis seo. Tá cuireadh tugtha do mhúinteoirí an chontae go ceanncheathrú na leabharlanna ag Áras an Chontae áit gur féidir leo leabhair a roghnú ó bhailiúchán lárnach le haghaidh a seomraí ranga.

Staitisticí

Ballraíocht	7,452
Gnéithe	182,237
Seisiúin Idirlín	8,821

Táscairí Seirbhíse	31/12/06	31/12/07
Uaireanta Cloig Oscailte don bPobal:		
Leabharlanna Lán Aimseartha	35 hrs/wk	37 hrs/wk
Meán na leabharlanna páirt aimseartha. Ar an meán	9.7 hrs/wk	11.2 hrs/wk
Ballraíocht mar % den daonra	10.3%	11.1%
Earraí eisithe per duine	Leabhair 2.3 Earraí Eile 0.2	Leabhair 2.4 Earraí Eile 0.3
Teacht ar Idirlíon: % na leabharlanna	83%	80%
Líon na seisiún Idirlín a Méid na seisiún idirlín per 1000/daonra	116	131.5

Leabharlann Phort Laoise

Leabharlann Phort Laoise

Cúrsa faoin Idirlíon agus Ríomh-phoist do Sheanóirí

Polasaí Forbartha Eacnamaíoch & Chur Chun Cinn an Chontae

Coiste Polasaí Straitéiseach Forbartha Eacnamaíochta & Cur chun cinn an Chontae

Aidhm: Forbairt chothrom agus inmharthana a mholadh, a éascú agus a chur chun cinn laistigh den gContae.

Cathaoir: Séamus ó Diagáin

Baill
Mary Sweeney, M.C.C.
Martin Phelan, M.C.C.
Paul Mitchell, M.C.C.
Tom Jacob, M.C.C.
Michael Moloney, M.C.C.
Brendan Phelan, M.C.C.
Rotimi Adebari, T.C.

Ranna
John Finlay
Margaret Ryan
Kathleen Gorman
William Moylan

Stiúrthóir Seirbhisí: Anna Marie Delaney
Oifigeach Feidhmiúcháin Sinseartha: Ian McCormack

Bhí an doiciméad seo a leanas foilsithe ag an gCoiste agus aontaithe ag Baill Chomhairle Chontae Laoise:

- Cur de Láimh Suíomh Tionsclaíocha

Forbairt Eacnamaíochta

Tá páirt ghníomhach ag Comhairle Chontae Laoise agus tá ról lárnach acu i bhforbairt eacnamaíochta an Chontae. Tá an Chomhairle dírithe ar infheistíocht a mhealladh isteach ag tabhairt isteach spioraid féin-fhorbairt inmharthana agus táid dírithe ar deimhin a dhéanamh de go bhfuil forbairt chothrom ar siúl mórthimpeall an Chontae. Leanann an Chomhairle ag glacadh páirt gníomhach i ngach gníomhaireacht náisiúnta forbartha áitiúil agus náisiúnta chun forbairt sóisialta agus eacnamaíochta an Chontae a chur chun cinn.

Cómhalartú Phort Laoise

Beidh forbairt suíomh 250 acra in Acomhal Phort Laoise ann chun an tairbhe is fearr a bhaint as féidearthacht Forbartha Eacnamaíochta pasáiste iompair tábhachtach a ritheann trí an Chontae. Tá an tionscnamh mar thoradh díreach ar an Straitéis Náisiúnta Spásúil a thugann buntáiste as an gnáth do Laois agus do Phort Laoise i dtaobh é a chomharthú mar Nód Iompair agus Calafort Intíre. Tá obair imithe ar aghaidh go maith in a lán forbairtí ar an suíomh.

Gheobhaidh an tionscnamh seo smacht féidearthacht suíomh geografach Phort Laoise i lár an Chontae agus é a athrú ina Chalafort Intíre mór agus ina Mhol Iompair. Ina dhiaidh san beidh Port Laoise mar ionad beoga go heacnamaíoch ann féin.

Ionaid Fiontair

Tá páirt ghníomhach ag an Roinn Forbartha Eacnamaíochta i gcur chun cinn an fhiontair áitiúil.

Ionad Fiontair Chúl a' t-Súdaire

D'oscail Ionad Fiontair Chúl a' t-Súdaire i Meán Fhómhair, 2005, leis an gcuspóir spás 'beoga' nua-aimseartha laistigh de chreatlach tacaithe a sholáthar do fhiontraithe Ionnaithe go háitiúil, agus ag an am gcéanna forbairt mhion-thionscail féin-chothaithe a ghriogadh laistigh de cheantar Chúl a' t-Súdaire. D'fhógair an t-Uasal Micheál Máirtín, Aire Fiontair, Tráchtála agus Fostaíochta i Meitheamh 2006 go raibh €400,000 ceadaithe do Ionad Fiontair Chúl a' t-Súdaire Teo. faoi Scéim Ionad Fiontair Pobail (IFP) Fiontar Éireann, 2006. Tá pleananna déanta le Contae Laoise le haghaidh síneadh nua (10,000 tr. cr.)

Polasaí Forbartha Eacnamaíoch & Chur Chun Cinn an Chontae

Ionad Fiontair Phort Laoise

Tá an obair go maith ar aghaidh ar an dtionscnamh seo. Beidh meascán de spás oifige agus de aonaid bheoga ag an suíomh seo le iomlán de 20,184 tr. cr. Is é Bord Fiontair Chontae Laoise an tionónta ancaire san Ionad Fiontair nua. Tá Comhairle Chontae Laoise dírithe, chomh maith, ar fhorbairt Ionaid Fiontar a chur chun cinn in áiteanna eile mórthimpeall an Chontae i 2008.

Leathanbhanda (Gréasáin MAN)

Tá ról lárnach tugtha do Údaráis Áitiúla i Straitéis Leathanbhanda na hÉireann a chur i bhfeidhm le Gréasán Ceantair Uirbeach (suiteáil gréasán cábla snáth-optaice) ag soláthar bonneagar atá riachtanach le haghaidh úsáideoirí leathanbhanda troma chun go mbeadh na seirbhísí atá uatha acu.

Suímh Thionsclaíocha

Leanann Comhairle Chontae Laoise ag coimeád a ról díreach ag éascú forbairt eacnamaíochta/cruthú post trí chur de láimh leanúnach suíomh mórthimpeall an Chontae. Leanann an Chomhairle ag fáil talún le haghaidh fhorbairt tionsclaíoch agus le haghaidh aonad/suíomh tionsclaíoch, de bharr féidearthacht an Chontae do bhreis forbartha agus a chumas le haghaidh fhiontar nua. Meastar go mbeidh suímh le seirbhísí iontu soláthraithe ag Comhairle Chontae Laoise ina lán áiteanna straitéiseacha mórthimpeall an Chontae i 2008.

Turasóireacht

Oibríonn Rannóg Thurasóireachta Chomhairle Chontae Laoise ar thionscnaimh straitéiseacha chun níos mó cuairteoirí a mhealladh chuig an Contae. Comhoibríonn an t-Oifigeach Turasóireachta le grúpaí áitiúla, le gníomhaireachtaí stáit agus leis an earnáil gnó maidir le tionscnaimh oiriúnacha a aithint le haghaidh Chontae Laoise. Tugann an t-Oifigeach Turasóireachta comhairle agus cabhair do sholáthraithe turasóireachta laistigh den gContae. Freastalaítear ar Thaispeántais Trádála agus taispeántais poiblíochta eile i rith na bliana. Oibríonn an t-Oifigeach Turasóireachta, chomh maith, le Bord Turasóireachta Laoise i gcur chun cinn agus i margú iomlán an Chontae.

Straitéis Turasóireachta 2006 – 2010

Críochnaíodh an Straitéis Turasóireachta cúig bhliana i 2006. Tá i gceist ag an bplean uaillmhianach turais thar oíche do thurasóirí a chur chun cinn sa Chontae. Is comhthionscnamh idir Thurasóireacht Laoise, LEADER Laoise agus Comhairle Chontae Laoise é an straitéis agus is féidir é a íoslódáil ó www.laois.ie nó www.laoistourism.ie. Bunaíodh tasc grúpaí mar thoradh ar an Straitéis agus bhí na haidhmeanna seo a leanas curtha i bhfeidhm:

Tasc Ghrúpa Idirlín

Bhí suíomh idirlín Thurasóireachta Laoise athdheartha ina iomlán agus tá sé á chur chun cinn go forleathan. Féachtar ar an suíomh idirlín mar an uirlis is tábhachtaí i dtaobh an turasóireacht a chur cinn. Tá Litreacha Nuachta Ezine curtha ar aghaidh ar bhonn seachtainiúil chuig bunachar sonraí Thurasóireacht Laoise agus tá táirgí nua, tairiscintí speisialta nó gnéithe suimiúla san áireamh ann do Laois.

Tasc Grúpa Gníomhach

Chríochnaigh an grúpa an foilseachán 'Na Rudaí is Fearr le Déanamh i Laois' atá ar fáil anois ó Oifigí Thurasóireachta, soláthraithe gníomhaíochta agus ó Chomhairle Chontae Laoise. Tugann an treoir áiseach seo sonraí ar cad is féidir a dhéanamh i gContae Laoise agus tá sé mealltach, go háirithe, do ghrúpaí scoile, do chlanna agus do ghrúpaí corparáideacha.

Dúshlán Gailf Idirnáisiúnta Budweiser 2007

Bhí an dúshlán seo ar siúl i mBealtaine, 2007. d' Éirigh go hiontach leis an Dúshlán le rannpháirtithe ón Bheilg, ón Bhreatain Bheag, ó Shasana, ón tSualainn agus as Éirinn ann. Bhí tacaíocht á fháil ag an dúshlán ó Budweiser, ó Chomhairle Chontae Laoise, ó Fháilte Éireann agus ó Thurasóireacht Laoise. B' iad na buaiteoirí beirt fhear ó Laois, Mick Lambe agus Larry Dunne.

Polasaí Forbartha Eacnamaíoch & Chur Chun Cinn an Chontae

Tionscnamh Comharthaí Sliabh Bladhma

Thosaigh Oifigeach Thurasóireachta Laoise Tionscnamh Comharthaí Sliabh Bladhma i dteannta le Comhairle Chontae Uíbh Fháilí agus fuaireadar cistíocht ó Fháilte Éireann le haghaidh an tionscnaimh.

Lorg Comharthaithe Stairiúil Gordon Bennett

Seoladh na gComharthaí Bóthar Nua do Bhealach Gordon Bennett

Bhí Rás Mótar Chorn Gordon Bennett ar siúl i 1903 in Éirinn trí Chontaetha Laois, Cill Dara agus Ceatharlach. Tharraing an rás i 1903 aird an domhain ar Éirinn nuair a thaisteal na tiománaithe is fearr san ré sin ón Fhrainc, ó Shasana, ón Bheilg agus ós na S. A. chun rás ar bhóithre na dtrí contae seo. Bhí an ócáid seo mar réamhtheachtaí Rás an Grand Prix.

Tá comhartha bóthair curtha ar Bhealach Gordon Bennett agus tá leabhrán ar na conláistí agus ar na radhairc le hais an bhealaigh foilsithe. Bhí Ócáid Thurais Ghluaisteán Clasaiceach na hÉireann de chuid Gordon Bennett ar siúl ag Deireadh Seachtaine an Mheithimh.

Ócáidí & Féilte

Cuid de phríomhghnéithe an Straitéis Turasóireachta ná Laois a chur chun cinn mar ionad do mhór-ócáidí. Tá an Contae mar áit fhoirfe le haghaidh ócáidí le próifíl arda acu a bheith ann toisc a shuíomh straitéiseach agus is féidir teacht air go héasca ón gcuid is mó des na h-áiteanna in Éirinn.
Chuir Ócáidí mar an Picnic Aibhléise sa tSráid Bhaile próifíl an Chontae chun cinn agus tá níos mó ócáidí pleanáilte le haghaidh 2008.

Flea Domhanda 2007

Bhí an Flea Domhanda, Féile Ceoil Ceiltigh agus Éireannaigh, ar siúl i bPort Laoise i 2007 agus bhí sé an-rathúil ar fad. Chabhraigh an ócáid leis an daonra turasóireachta áitiúil a chur chun cinn agus chuir sé leis an gceol agus leis an gcultúr atá i gContae Laoise.

Saotharlann Rince Seite ag Flea an Domhain

Polasaí Comhshaoil & Seirbhísí Uisce

Coiste Polasaí Straitéiseach Comhshaoil & Seirbhísí Uisce

Cathaoir: Mary Sweeney, M.C.C.

Baill
James Daly, M.C.C.
Ray Cribbin, M.C.C.
John Moran, M.C.C.
Geraldine Delaney, M.C.C.
Dick Miller, M.C.C.
Denis O'Meara, T.C.

Rannach
Ger Lynch.
Donald Scully
Christy Mooney
Chris Uys

Stiúrthóir Seirbhísí: John Daly
Innealtóir Sinsir Seirbhísí Uisce: Tom O'Carroll
Innealtóir Sinsir An Chomh-shaol: John O'Donoghue

Tuairisc ar Choiste Polasaí Straitéiseach

Bhí ceithre cinn de chruinnithe ar siúl ag Coiste Polasaí Straitéiseach (C.P.S.) Seirbhísí Comhshaoil & Uisce le linn 2007. Bhí cruinniú speisialta amháin ar siúl, chomh maith, in Iúil chun Dréacht Fhodhlíthe Reilige Molta a phlé. Bhí gnéithe mar Thionscnamh Ceantar Abhantrach an Oir Dheiscirt, Clár Oibre Áitiúil 21 Gníomh le haghaidh Chomhairle Chontae Laoise, Soláthar Uisce do Reiligí, an t-Ordú faoin bhfuíoll atá Molta, Tuairisc ar an Dul chun Cinn sa Phlean Bhainistíochta Fuíll Réigiúnaigh, athrú molta ar Pholasaí ar Bhainc Tógtha chucu, Chur de Láimh agus Rialacháin faoin Uisce In-Óil, 2007 san áireamh 'sna cainteanna agus ins na léiriúcháin. Mhol an C.P.S. Fodhlíthe Reilige agus léiriú ar Fhodhlíthe Fuíll agus ghlac an Chomhairle iomlán leo i rith na bliana.

Tionscnaimh Phobail

Seachtain Ghlanta Laoise

Bhí Seachtain glanta Laoise ar siúl ón 16ú – 20ú Aibreán. Bailíodh sa bhreis ar 9 dtonna bruscair ó áiteanna difriúla timpeall an Chontae.

Mór-Ghlanadh Chomhairle Chontae Laoise 2007

Sholáthar Comhairle Chontae Laoise €25,000 chun an dea-thionscnamh seo a mhaoiniú.

Bailte Slachtmhara

Déanann 26 baile agus sráidbhailte suas Cónaidhm Laoise de Bhailte Slachtmhara agus bíonn torthaí ag leibhéal náisiúnta agus áitiúil ag feabhsú, de shíor. Tá ag éirí go hiontach leis an gcomórtas áitiúil bliantúil, chomh maith, agus bíonn an breithiúnas ar siúl le linn Iúil agus Lúnasa. Bhí oíche spraoi duaiseanna ar siúl i nDeireadh Fómhar chun na h-éachtaí go léir le linn 2007 a cheiliúradh. Soláthraíodh boscaí bruscair do gach coiste ó Bhealtaine go Deireadh Fómhair, faoi seach, iniamh faoi Thionscnamh Boscaí Bruscair Rothach an t-Samhraidh agus díoladh €31,000 go coistí bailte slachtmhara i rith na bliana.

Bronnadh na nDuais do Bhailte Slachtmhara Laoise 2007

Polasaí Comhshaoil & Seirbhísí Uisce

Deontais

Bronnadh Deontais Pobail do 69 grúpa timpeall an Chontae le haghaidh tionscnamh éagsúil ionas go mbeadh tairbhe don dtimpeallacht agus chun conláistí áitiúla a fheabhsú. Bé uasmhéid an deontais a bronnadh faoin scéim seo ná €700. Fuair cúig ghrúpa cúnamh airgid faoi Chiste Páirtíochta Clár Oibre 21 atá mar chomhthionscnamh idir Chomhairle Chontae Laoise agus an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus tá i gceist go gcabhróidh sé le meabhraíocht timpeallachta agus le forbairt inmharthana. Dháil an Ciste Tionscnaimh Pobail €1,500 do gach ball tofa de cuid Chomhairle Chontae Laoise chun tionscnaimh thairbheacha a mhaoiniú ina gceantair féin.

Eagraíonn Comhairle Chontae Laoise i dteannta le Cónaidhm Laoise de B. na T. an comórtas 'Ealaíon ó Bhruscar' le haghaidh bhunscoileanna gach bliain. Bhí 20 iontráil faighte agus breithiúnas déanta orthu i 2007 le bronnadh na nduaiseanna i Mí na Nollag.

Bronnadh na nDuais Ealaí as Bruscar 2007

Seirbhísí Tréidlia/Smacht ar Ghadhar

Dheimhnigh na Cigirí Tréidlia go leanfaí leis na caighdeáin is airde i bhfeidhmiú an 12 seamlas poiblí i rith na bliana agus cloíodh le gach reachtaíocht chuí. Lean an Maor Ghadhair lena chuid oibreacha, i 2007, i gcomhréir leis an Acht Smacht ar Gadhair.

Meabhraíocht & Oideachas Timpeallachta

Clár do Scoileanna

Bhí comórtas na m-Bun-scol Slachtmhar mar éacht iontach le 9 m-Bunscoil ag baint amach an stádas saor ó bhruscar. Bhí cuireadh tugtha dos na scoileanna a bhuaigh chuig searmanas speisialta duaiseanna in Ionad Pharóiste Phort Laoise agus bhí siamsaíocht soláthraithe ag Marvin an Draíodóir. Bhí Seimineár Múinteoirí 'Bí Glas sa Seomra Ranga' ar siúl, chomh maith, in Ionad Oideachais Laoise agus do chlúdaigh sé Clár rathúil na Scoileanna Glasa de chuid Chomhairle Chontae Laoise. Phléigh Maeve Flynn, gairneoir le ceird, gairneoireacht agus fiabheatha i scoileanna. Léim méid na Scoileanna Glasa a Fuair Duais go 23 i 2007, chomh maith. Comhghairdeas dóibh san go léir a ghlac páirt.

Ag Déanamh Múirín

Lean Comhairle Chontae Laoise le cur chun cinn múiríní le linn 2007. Bhí Seimineár Garraíodóireacht Múiríní agus Fhia-bheatha speisialta ar siúl ins an Teach Oidhreachta, Mainistir Laoise, mar chuid den tSeachtain Oidhreachta agus bhí sé seo ar siúl i dteannta le seastán eolais múirín. Faigheann sealbhóirí tithe a cheannaíonn araid múirín bosca cistine 10 lítear saor in aisce!

Feachtas sa Phictiúrlann

Rud eile nua do Chomhairle Chontae Laoise ab ea feachtas pictiúrlanna, a thug aghaidh ar an iompar frith-shóisialta bruscar a chaitheamh. Taispeánadh an tábhacht atá i gceist le contae saor ó bhruscar do Phátrúin ag sé phictiúrlann timpeall Réigiún Lár na Tíre agus chabhraigh sé teo-líne 1800 323230 saor de chuid Chomhairle Chontae Laoise a chur i mbéal a' phobail. Lean an feachtas ar feadh 10 seachtaine.

Feachtas Clár Fógraí

Rith Comhairle Chontae Laoise feachtas éifeachtach 'Smaoinigh ar Spás Glas, Tine ná Las' chun béim a chur ar thábhacht dóiteán sa chúl-chlós a sheachaint. Rith an feachtas ar feadh coicíse roimh Oíche Shamhna agus d'éirigh thar barr leis.

Duaiseanna Timpeallachta

Bhí onóir tugtha don a lán grúpaí ag an chéad tráthnóna de bhronnadh

duaiseanna comhthimpeallachta Chomhairle Chontae Laoise a bhí ar siúl i nDeireadh Fómhair chun aitheantas a thabhairt dá n-ionchur i gCónaidhm Laoise na mBailte Slachtmhara, i nDúshlán Bruscair Idirphobail agus i bPort Laoise i gCoinne Bhruscair – trí fheachtas frithbhruscair éascaithe ag Comhairle Chontae Laoise le linn 2007. Mhol Oifigeach Meabhraíochta Timpeallachta, Ann-Marie Kelly an obair a dhein na grúpaí pobail, na hOifigigh Chur i bhFeidhm Bruscar i dteannta le foireann eile sa Rannóg Timpeallachta go raibh baint acu le Contae Laoise a choimeád saor ó bhruscar, agus í ag caint le linn bhronnadh na nDuaiseanna ar an gcuid a bhain le Duaiseanna Dúshláin Bhruscair Idirphobail. Fuair an 22 grúpa a ghlac páirt sa chomórtas i 2007 duaiseanna agus bhí Spink, Eiréil agus Boiríos Mór Osraí mar na buaiteoirí ina ranna faoi seach (Sráid Bhaile Bheag, Sráid Bhaile Mhór, agus Baile, faoi sheach)

Bailiú Plaisteach Feirme - (Clúdaigh sadhlais & clúdaigh poll sadhlais)

D'eagraigh Rannóg Bhainistíochta Fuíll bailiúchán plaisteach feirme go rathúil le linn tréimhse sé lá ag ceithre ionad sa Chontae i Lúnasa, 2007. Bailíodh 764 tonna Plaisteach Feirme, ina iomlán, agus cuireadh é ar aghaidh le haghaidh athchúrsála chuig áiseanna in Albain agus san Íseal Tír. Roghnaíodh 4 áit agus thug 944 feirmeoir, ina iomlán, a gcuid plais-teach go pointí bailiúcháin, go raibh maoirseacht déanta ag na h-Oifigigh Cur i bh-Feidhm Fuíll orthu. Briseann an tábla thíos síos sonraí an mhéid a bailíodh.

Bailiú Plaistic feirme

Méid na bh-Feirmeoirí	An méid	Tonnaí bailithe
Suíomh Líonadh Talún, Coillte Laoise	218	153
Marglann Laighean Gráig Uí Chuilinn	63	44
Marglann Maighean Rátha	424	338
Marglann Bhaile na Cille	239	229

Caomhnú na Timpeallachta

Oibríonn an fhoireann Cosanta Timpeallachta i bpáirtíocht leis an bpobal feirmeoireachta, le tionscal agus le heagraíochtaí rialtais eile chun an caighdeán uisce a fheabhsú. Bhí suirbhéanna feirme, cigireacht suímh, fiosraithe ar ghearáin, monatóireacht ar an gcaighdeán uisce, ceadúnais a chur i bhfeidhm, fógraí a eisiúint agus fógraí eisithe a chur i bhfeidhm san áireamh ins an obair a dhein an rannóg Cosanta Timpeallachta i 2007. Tá an Comhairle gafa le roinnt clár monatóireachta caighdeáin uisce, le Clár Treorach Creatlach Uisce, Clár Rialacháin Fosfar, Clár Monatóireachta Caighdeán Uisce Talún, clár na Substaintí Contúirteacha san áireamh i dteannta le Suirbhéanna Riosca Sruthán Beag agus cláir fho-dobharchean-tar sonrach san áireamh. Tá roinnt des na cláir seo déanta leis an Ghníomhaireacht Chosanta Timpeallachta.
Fuarthas 140 gearán i 2007 bainteach le fadhbanna caighdeán uisce, aeir agus fuaime. Bhí éagsúlacht ins na gearáin seo a bhí idir thruailliú fuaime, truailliú aeir, truailliú uisce agus bolaidh. Tá roinnt des na gearáin seo oscailte fós áit go bhfuil fiosraithe ag leanúint nó sa chás nár chríochnaigh an Chomhairle a gníomhaíochtaí fós. Ta an chuid is mó des na gearáin,

áfach, socraithe agus dúnta. Tá sé riachtanach ó am go céile Fógra a eisiúint faoi Roinn 12 de Acht (Truailliú Uisce) an Rialtais Áitiúil, 1977 faid is atáthar ag fiosrú gearáin. Bhí cúig déag gearán den t-sórt seo eisithe i 2007. Tá sé éilithe ag na fógraí seo, go ndéanann an truaillí gníomh sonrach éigin laistigh de thréimhse ama cinnte chun déileáil le cúis an truaillithe uisce. D'fhéadfadh sé tarlú, mura gcloítear leis an bhfógra, go lorgódh an Chomhairle ionchúiseamh trí na cúirteanna. Bhí fógra amháin faoi Roinn 26 den Acht Truaillithe Aeir eisithe i 2007, chomh maith. D'éiligh an fógra seo go ndéanfaí rud éigin faoi chaighdeán an aeir ag áit faoi leith a fheabhsú. Tá ceadúnas faoi Roinn 4 de Acht (Truailliú Uisce) an Rialtais Áitiúil, 1977 riachtanach sa chás go bhfuil eisilteach trádála nó séarachais curtha amach ar uisce dromchla nó chuig uisce talún. Faoi láthair tá ocht gceadúnas gníomhach sa chontae agus bhí dhá cheann díobh seo nua-eisithe i 2007. Tá monatóireacht déanta ar gach ceadúnas ag an roinn Cosanta Timpeallachta agus d'fhéadfaí an dlí a chur má bhristear téarmaí an ceadúnais. Bhí ceadúnas amháin eisithe i 2007 faoi Roinn 30 den Acht Truaillithe Aeir, 1987 chun scaoileadh go haer ó áis asfailt.

Dhein Saotharlann Uisce na Comhairle anailís ar 1,045 sampla i 2007 de bharr gníomhaíochtaí ag an roinn Cosanta Timpeallachta. Bhí na samplaí seo tógtha mar chuid den gclár monatóireachta agus le linn fhiosraithe gearán. Bhí samplaí breise uisce dhromchla agus uisce talún tógtha agus anailís déanta orthu ag an Gníomhaireacht Chosanta Timpeallachta faoin Treoir Creatlach Uisce agus bhí sé tuairiscithe go díreach chuig Ceantar Abhantrach an Oir Dheiscirt.

Sampla de chur de láimh eisiltigh gan ceadúnas ag truailliú

Páirceanna agus spáis oscailte ghlasa

Lean oibreacha deisithe leanúnacha ar dhá pháirc bhaile i bPort Laoise. Déanadh uasghrádú ar an dá dhroichead adhmaid i bPáirc na n-Daoine chun go mbeadh teacht níos éasca ag daoine i gcathaoir rotha agus ag daoine le míchumas orthu. Cuireadh comharthaí in airde a dhéanann imlíniú ar Fho-Dlíthe Páirce ins an dá pháirc. Bhí Cosáin i bPáirc Abhann Tríóg amach as Lána an Mhuilinn Ghlais uasghrádaithe ó ghairbhéal go tarramhacadam. Glanadh Abhainn na Tríóge ó Pháirc na n-Daoine go Abhainn Tríóg ag Lána an Mhuilinn Ghlais le cabhair ó Fhoireann Draenála na Bearbha.

D'eisíodh an tsiúlóid ó Pháirc na n-Daoine le hais Fhoraois Rankins agus d'osclaíodh an cosán do gach aoinne, ag ceangail Ascaill JFL go díreach le Páirc na n-Daoine le hais Abhainn Tríóg. Táthar ag súil siúlóid Abhann agus bealach aclaí a fhorbairt ón mbealach go Páirc na n-Daoine go Páirc Abhann Tríóg i 2008.

Leathnaíodh Scéim Urraíocht na d-Timpeallán go timpealláin i n-Gráig Uí Chuilinn agus d'úsáideadh ciste a fuarthas ó urraithe chun cabhrú le. costais chothabhála na dtimpeallán tír-dhreachta seo. Luaitear ár dtimpealláin go dearfach i dtuairisc chomórtas na m-Bailte Slachtmhara Náisiúnta go rialta. Fuair Bailte Slachtmhara Phort Laoise cabhair ag ullmhú potaí bláthanna le haghaidh séasúr an t-samhraidh. Bhí an baile mar lasair bhláth le linn an t-samhraidh.

D'oibrigh an Roinn Pleanála ar Aghaidh leis an Roinn Timpeallachta i leith Seachtain Náisiúnta na g-Crann le scoileanna, le sráidbhailte agus grúpaí áitreabhacha áitiúla atá ag baint buntáiste as dáileadh na gcrann mar chuid de Sheachtain Náisiúnta na gCrann.

Bainistíocht Bhruscair

Tá bruscar ina ghné atá infheicthe agus agóideach i dtaobh díghrádú na timpeallachta a loiteann ár mbailte, ár sráidbhailte agus an tuath. Tógann dubh an bhruscair ónár n-íomhá mar thimpeallacht ghlan, nádúrtha agus is minic gurab é an tuairim a leanann acu siúd a thugann cuairt ar ár gContae. Tógann an bruscar ó luach ár dtimpeallacht chónaithe agus oibre, ní bhíonn sé ró-mhealltach le haghaidh fóillíochta, turasóireachta agus

Lá Frith-Bhruscair 2007

infheistíochta, gineann sé tuairim diúltach ar ár gContae agus cuireann sé ualach mór caiteachais ar airgead na Comhairle.

Comhlíonann na trí Oifigigh Timpeallachta lán-aimseartha (Maoir Bruscair), Oifigeach Meabhraíochta Timpeallachta agus foireann riaracháin a gcuid feidhmeanna faoi reachtaíocht bhruscair/fhuíll trí oideachas, trí mheabhraíocht mhéadaithe agus trí chur i ngníomh. Bhí 502 fíneáil ar-an-spota éilithe i 2007 faid is a bhí 107 ionchúiseamh curtha chun cinn, agus fuarthas 38 ciontach. Ina theannta san, d'eisíodh 76 litir rabhaigh (Fógraí Rannóg 9) ar shealbhóirí talún nár choimeád an taobh lasmuigh dá gcuid áitreabh glan & saor ó bhruscar.

Araidí Bruscair

Tá clár ceithre-bhliana (2005-2008) ar bun ag an Roinn Chomhshaoil faoi láthair le haghaidh araidí bruscair a sholáthar. Ceannaíodh agus cuireadh isteach 121 araid bruscair, suas go dtí an pointe seo, le h-áis do bhruscar toitíní ag áiteanna straitéiseach sa Chontae. Leanfaidh an Roinn Timpeallachta ag aithint agus ag cur isteach an méid is mó araidí bruscair agus is féidir.

(PLCB) Port Laoise i g-Coinne Bhruscair

Bunaíodh an Coiste i 2003 agus leanann sé bheith an-ghníomhach ag iarraidh deireadh a chur le bruscar i mBaile Phort Laoise. Ag an gcéanna, oibríonn an Coiste chun feabhas a chur ar chéim an bhaile sa bhfeachtas náisiúnta frith-bhruscair GECB (Gnó na hÉireann i g-Coinne Bruscar). Buaileann an Coiste le chéile go rialta agus tá sé déanta suas de bhaill ó earnálacha éagsúla go bhfuil Turasóireacht Laoise, Gardaí Síochána, Cumann Lucht Tráchtála Laoise, Comhchaidreamh na d-Tábhairneoirí, Comhairle Chontae Laoise agus Bailte Slachtmhara Phort Laoise.

Eagraíonn an Coiste léig-bhruscair bhliantúil le cabhair ón sraith fhrith-bhruscair. Bhí an Coiste an-ghníomhach, chomh maith, i dtionscnaimh fhríth bhruscair eile le linn 2007, mar páirt a ghlacadh i nglanadh suas spota dubh bruscair aimsithe le linn Seachtain Glanta Suas Laoise agus i lá cur chun cinn frith bhruscair a bhí ar siúl in Ionad Siopadóireachta Laoise i mBealtaine.

PNB (Port Laoise Namhaid an Bhruscair) faoi lán tseoil

Dúshlán Bhruscair Idir-phobail

Tá ag eirí go hiontach leis an gcomórtas frith-bhruscair seo, idir na bailte agus ins na sráidbhailte atá ag glacadh páirt sa Chontae ó tógadh isteach é i 2006. Is féidir chomh maith is a d' éirigh leis an gcomórtas a thomhas níos fearr toisc an méadú mór ins na marcanna a tugadh dos na bailte a ghlac páirt i n-Duaiseanna Náisiúnta na m-Bailte Slachtmhara. Aithníonn an Roinn Timpeallachta a ról gníomhach leis na pobail rannpháirteach agus cabhraíonn siad trí thacaíocht a thabhairt le h-earraí frith-bhruscair i.e. comharthaí, bailitheoirí bruscair, &rl.

Córas Monatóireachta Truaillithe Náisiúnta Bhruscair

Bhí an méid ceart de na suirbhé thruaillithe/cainníochtaí bhruscair faoin gcóras truaillithe bhruscair déanta ag Maoir Bruscair le linn 2007. Tá an córas seo mar áis tábhachtach a úsáidtear chun monatóireacht a dhéanamh ar leibhéil truaillithe bhruscair agus cúiseanna príomha truaillithe náisiúnta a aithint.

Tionscnamh clúdach-Leantóra

Bhí bruscar ar thaobh an bhóthar aitheanta mar fhadhb atá ag fás sa Chontae. Mar sin, bhí roinnt líonta leantóra ceannaithe i 2007 agus iad ar fáil do chustaiméirí ag an líonadh talún ag an gcostas ceannaithe. Is é aidhm an tionscnaimh iompróirí fuíll a mholadh chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil an fuíoll sábháilte agus clúdaithe go maith. Ina theannta san, bhí seiceáil-spota déanta le linn 2007 i dteannta le baill na nGardaí chomh maith le rialacha níos déine curtha i bhfeidhm ag foireann ag an líonadh talún.

Monatóireacht TFCI

D'oibríodh ar chonraitheoirí a fhostú chun monatóireacht a dhéanamh ar spotaí dubha bruscair le fadhb ann i 2007. Meastar go mbeidh an tseirbhís mhonatóireachta 24 uaire chloig an-thairbheach ins an iarracht aghaidh a thabhairt ar bruscar/dumpáil mídhleathach trí iad san atá a dhéanamh a aithint agus tar éis san an dlí a chur orthu.

Comharthaí Comhlíonta

Céatadán an Chanáil Abhann (Tuairisc ÁCC 2006 ar a glaodh 'Caighdeán Uisce na nAbhann i gContae Laoise')

Ritheann an Áisíneacht Cosanta Timpeallachta (ÁCC), i dteannta leis na h-Údaráis Áitiúla, clár monatóireachta uisce dromchla. Foilsíonn an ÁCC tuairisc gach bliain ar na torthaí a fuarthas sa chlár monatóireachta seo. Tá an tuairisc is déanaí ar dháta i Meitheamh, 2007 agus clúdaíonn sé an tréimhse ón 1ú Eanáir go 31ú Nollag, 2006. Tá na sonraí seo a leanas ins an tuairisc:

(a) Neamhthruaillithe – 80.2%
(b) Saghas Ábhairín – 6.25%
(c) Truaillithe i bpáirt – 6.25%
(d) Truaillithe go Dona – 7.3%

Bailiú Bruscair	31/12/06	31/12/07
% na d-Teaghlach a bhí soláthraithe le Bailiú fuíoll leithscaradh. Níl sé riachtanach. Níl aon % éilithe, mar a deir na nótaí mínithe iniata le haghaidh údaráis áitiúla, sa chás go bhfuil an tseirbhís bailithe bruscair príobháideach	N/A	N/A
Céatadán de dhramhaíl tí a dhéantar a athchúrsáil	24%	29%
Céatadán de dhramhaíl tí a théann chuig lionadh talún	76%	71%

Polasaí Comhshaoil & Seirbhísí Uisce

Áiseanna Athchúrsála – Stádas ag 31/12/07

Rang	Méid na Suíomh Tógtha chucu	Méid na Suíomh Conláiste Sibhialta	Méid Iomlán. na n-Áiseanna	Tonnáiste an Fhuíll bailithe le haghaidh athchúrsála per daonra 5,000
Gloine	41	1	42	1007.47
Cannaí	41	1	42	17.22
Teicstílí	8	1	9	195.74
Cadhnraí	-	1	1	41.42
Ola	-	1	1	8.12
Eile				
Cairtchlár	-	1	1	259.08
Iris Leabhair	-	1	1	102.22
Gloine Pláta	-	1	1	28.44
Miotal	-	1	1	284.50
Plaisteach	-	1	1	69.31
WEEE	-	1	1	182.68
Páipéar Nuachta	-	1	1	305.07
Adhmad	-	1	1	2.98
Lampaí Fluaireasacha	-	1	1	-
Lomraí Fál	-	1	1	163.38
Boinn	-	1	1	1.06
Sorcóirí Gáis	-	1	1	1.06
Cannaí Péint	-	1	1	3.203
Feithid-nimh	-	1	1	0.056

Áiseanna Athchúrsála – Staid ag 31/12/06

Rang	Méid na Suíomh Tógtha chucu	Méid na Suíomh Conláiste Sibhialta	Méid Iomlán. na n-Áiseanna	Tonnáiste an Fhuíll bailithe le haghaidh athchúrsála per daonra 5,000
Gloine	38	1	39	756.52
Cannaí	38	1	39	11.36
Teicstílí	8	1	9	184.54
Cadhnraí	-	1	1	65.46
Ola	-	1	1	24.94
Eile	-	1	1	5,589.77

Polasaí Comhshaoil & Seirbhísí Uisce

Bruscar

Cosc Bruscair agus Cur i bhfeidhm Comhshaoil	31/12/06	31/12/07
Méid Iomlán na Maor Bruscair lán-aimseartha	3	3
Méid Iomlán na Maor Bruscair páirt-aimseartha	2	2
Méid Iomlán na bh-Fíneála ar an Spota	570	502
Méid na n-ionchúiseamh tógtha de bharr nár díoladh Fíneáil ar an Spota	169	107
Méid na n-ionchúiseamh slánaithe	21	38

Céadatán na gCeantar laistigh den údarás áitiúil atá:

Neamhthruaillithe i.e saor ó bhruscar	5%	7.9%
Beagán truaillithe le bruscar	41%	73%
Truaillithe go measartha le bruscar	46%	12.4%
Truaillithe go suntasach le bruscar	8%	6.7%
Truaillithe go hollmhór le bruscar	0%	0%

Gearáin Chomhshaoil agus Cur i bhfeidhm	31/12/06	31/12/07
Méid iomlán na gcásanna go raibh gearáin truaillithe timpeallachta bainteach leo	560	325
Méid na gcásanna fiosraithe	541	315
Méid na n-imeachtaí cur i bhfeidhm	69	52

Scoileanna ag Glacadh Páirte i bhFeachtas an Chomhshaoil	31/12/06	31/12/07
Bunscoileanna	58%	82%
Iar-Bhunscoileanna	52%	62%

Cosaint Sibhialta Laoise

Is eagraíocht deonaithe é Chosaint Sibhialta Laoise go bhfuil a bhaill bródúil friotháil air mar sheirbhís taca d'ard chaighdeán.

Fórsa Cosanta Laoise ar dualgas

Tá na baill deonacha ioldána agus is príomh-ghníomhartha an eagrais ná:

Garchabhair
Soláthar seirbhís gharchabhrach agus othar carr.

Seirbhísí Tarrthála
Athshlánú uirbeach, cuardach tuath oscailte le haghaidh daoine atá i n-easnamh go bhfuil an t-aon ghadhar sábhála agus tarrthála K9 H.R.D. laistigh des na húdaráis áitiúla acu. Cuardach agus tarrtháil bunaithe san uisce.

Múchadh tine
Cleachtais chaidéalaithe agus dréimire, ag caidéalú uisce tuile agus uisce a sholáthar don bpobal.

Seirbhís Mhaor agus Monatóireacht Raid-ghníomhaíochta
Aimsiú raid-ghníomhaíocht agus monatóireacht.

Scileanna Leasa
Béilí teo, deochanna agus tacaíocht síc-sóisialta.

Polasaí Comhshaoil & Seirbhísí Uisce

Cumarsáid Raidió

Oibriú dhá stáisiún raidió neamhspleácha MSA., MAA. agus Raidió Banda Muirí. Tá na córais seo á rith ónár Aonad Tacaíochta Oibríochta Speisialta.

Freagairt éigeandála

Freagairt ar Éigeandála Móra

Chabhraíomar le Ospís Laoise le linn 2007, le Paráid Naomh Pádraic, le Tionscnamh Leanaí Sráid Bhaile Chernobyl, leis an bPicnic Aibhléise, leis an bhFéile Ocsaigín, le Carnabhal Darú, oibríochtaí Cuardaigh agus Tarrthála, Garda Áitiúil, Féile Cheoil Lár na Tíre, Fleadh Domhanda, Dearbaí Budweiser agus aon fheidhm sibhialta rite ag Údaráis Áitiúla Laoise.

Tá ionaid traenála suite i Sráid Bhaile, Darú agus Móinteach Mílic. Má tá suim agat sa mhéid sin thuas agus go bhfuil tú idir aois 16-65, déan teagmháil linn chun tuilleadh eolais a fháil ag (057) 8864000 nó ríomh-phost ag lpreston@laoiscoco.ie nó tabhair cuairt chuig ár suíomh idirlín ag www.laoiscivildefence.org.

Seirbhís Tine & Tarrthála Chontae Laoise

Tá 8 gcinn de stáisiún tine i Laois le cúigear (5) Oifigeach Sinsear Tine, 1 Feisteoir/Meicneoir agus 71 pearsanra coinnithe ar ghlaoch 24 uaire chloig sa lá, 365 lá sa bhliain. d' Fhreagair Seirbhís Tine & Tarrthála Laoise 1033 glaoch amach le linn 2007. As na glaonna sin bhain 504 go sonrach le tine faid is a bhí tionóiscí bóthar, pumpáil/tuileadh uisce, tarrtháil & doirteadh i gceist leis an gcuid eile.
Tá simléir/súiche/luaith the, dó bruscar, cócaráil agus gléasra téimh agus aibhléise i measc príomhchúiseanna na dtinte gur fhreastal na briogáidí orthu. Bhí 57 glaoch amach chuig eachtraí a tosaíodh go mailíseach.

Phróiseáil an fhoireann 135 iarratas, chomh maith, le haghaidh Teastas Sábháilteachta Tine i 2007.

Táscairí Seirbhísí - Seirbhís Dóiteáin	31/12/06	31/12/07
Meánfad ama i nóiméid chun briogáidí dóiteáin a ghluaiseacht:		
i stáisiúin lánaimseartha	N/A	N/A
i stáisiúin pháirtaimseartha	4.9 mins	5.1 mins
Céadatán láithreachta ag suímh ina raibh :		
An chéad láithreacht ag an suíomh laistigh de 10 nóiméad	37.10%	31.87%
An chéad láithreacht ag an suíomh laistigh de 20 nóiméad	47.36%	52.14%
An chéad láithreacht ag an suíomh i ndiaidh 20 nóiméid	15.54%	15.99%
Cosc Dóiteáin		
Líon iomlán d'iarratas do theastais sábháilteachta dóiteáin Faighte	184	135
Líon iomlán d'iarratas do theastais sábháilteachta dóiteáin Próiseáil	180	150

Polasaí Comhshaoil & Seirbhísí Uisce

Seirbhísí Uisce

Scéim Phríomha Thaoscadh Phort Laoise

Tá feidhmeanna na Seirbhísí Uisce roinnte i gceithre chuid;

- Oibríocht Leanúnach agus Cothabháil Scéimeanna Uisce agus Fuíoll Uisce
- Clár Infheistíochta Caipitil
- Clár Uisce Tuaithe
- Soláthar agus cothabháil Reiligí

Soláthraíonn Seirbhísí Uisce tacaíocht, chomh maith, don Roinn Pleanála agus téann siad i gcomhairle leis an bpobal faoi ghnéithe pleanála bain-teach le seirbhísí uisce agus fuíoll uisce.

Oibríocht agus Cothabháil Leanúnach

Tá an Roinn Seirbhísí Uisce freagrach as soláthar agus cothabháil soláthar uisce dóthanach agus cóireáil fhuíoll uisce agus áiseanna cur de láimh a chloíonn le Treorach Uisce Óil an AE agus le Treorach Cóireála Fuíoll Uisce Uirbeach an AE. Faoi láthair, soláthraíonn Comhairle Chontae Laoise timpeall 24,500m3 (6.47 milliún galún) gach lá do thimpeall 19,700 sealúchas mórthimpeall an Chontae. Dob é costas an tsoláthair uisce le haghaidh 2007 ná €3m.

Tá timpeall 14,900 sealúchas sa Chontae ceangailte leis an gcóras fuíoll uisce poiblí agus dob é €2.9m an costas é sin a chothabháil i 2007. Tá bainistíochta na n-oibreacha agus na cothabhála déanta ag trí Oifig Cheantair sa Chontae, ina bhfuil foireann teicniúil, cúraim agus riaracháin iontu uile.

Ceadúnas Scaoileadh Fhuíll Uisce

Éilíonn na Rialacháin (Údarú) Scaoileadh Fhuíll Uisce, 2007 (Uimh. S.I. 684 as 2007) go ndéanfaidh an Áisíneacht Chaomhnaithe Comhshaoil údarú ar gach scaoileadh fhuíoll uisce de chuid an údaráis áitiúil. Sé an chúis atá leis seo ná truailliú uisce a sheachaint agus tagann sé ar aghaidh ó riachtanais a lorgaíonn an Treorach Chreatlach Uisce. I 2007, bhí Comhairle Chontae Laoise mar an chéad dream chun iarratas a dhéanamh don ÁCC le haghaidh Cheadúnas Scaoilte Fuíoll Uisce. Bhí sé seo le h-aghaidh an chórais bhailithe agus cóireála de chuid Phort Laoise. Díoladh an táille de €30,000 mar ar éilíodh faoi na rialacháin seo.

Clár Infheistíochta Caipitil

Scéim Soláthar Uisce Chúl a' tSúdaire

Bhí réamh-chonradh críochnaithe chun a lán uisce a sholáthar do Chúl a' tSúdaire ó fhoinse nua ag páirc tobair La Bergerie. Bhí dearadh sonraithe den bpríomh scéim críochnaithe i 2007 tar éis tástáil chun measúnú a dhéanamh ar chaighdeán an uisce agus an toradh ós na trí thobar páirce molta.

Scéim Fheabhsaithe Sholáthar Uisce Phort Laoise & Móinteach Mílic

Cuireadh dearadh mionsonraithe don scéim seo chun cinn i 2007. Tosaíodh ar réamhchonradh le tógáil príomhlíonra nua uisce de Kim agus tosaíodh druileáil tobar chun a lán uisce a sholáthar do Mhóinteach Mílic ó fhoinse tobair nua ag Eidheann.

Oifig Thionscnaimh Caipitil

Do leathnaigh an fhoireann Oifige Tionscnaimh go dtí triúr innealtóir agus ball foirne riaracháin amháin tar éis cead na Roinne agus bunú Oifig Thionscnaimh Seirbhísí Caipitil Uisce. Tá an Oifig Thionscnaimh Caipitil freagrach as scéimeanna móra Uisce agus Fuíoll Uisce a cheadaigh an RCORÁ faoi Chlár Infheistithe na Seirbhísí Uisce 2007-2009.

Polasaí Comhshaoil & Seirbhísí Uisce

Clár Infheistíochta na Seirbhísí Uisce	U/S	Costas Measta €
Scéimeanna á dTógáil		
Scéim Soláthar Uisce Chúl a' tSúdaire	U	5,330,000
éim Shéarachais Phort Laoise (Le Bainistíocht Sloda Phort Laoise san áireamh)	S	40,880,000
Scéimeanna le tosú 2007		
Scéim Shéarachais Mhóinteach Mílic Céim a 1	S	2,600,000
Scéimeanna le tosú 2008		
Scéim Ghrúpa Bailte Laoise Mainistir Laoise, Ráth Domhnaigh, Maighean Rátha, Sráid Bhaile, Darú, Cluain na Slí)	S	39,000,000
Scéimeanna Soláthar Uisce Phort Laoise Céim a 2 agus Móinteach Mílic	U	15,000,000
Scéimeanna le tosú 2009		
Scéim Shéarachais Chúl a tSúdaire/ Ioma/ Baile Bhriotáis/ Cill an Aird	S	11,935,000
Tionscnaíocht na mBailte agus na Sráidbhailte Tuaithe		
Scéim Sholáthar Uisce Mhóinteach Mílic* *Ar an liosta cheana thuas le Scéim Sholáthar uisce Phort Laoise Céim a 2	U	0
Scéimeanna le dul ar aghaidh trí Phleanáil		
Scéim Fheabhsaithe Sholáthar Uisce Dharú	U	2,000,000
Staidéar Féideartha Scéim Shéarachais Sráidbhailte Laoise	S	210,000
Scéim Shéarachais Mhóinteach Mílic Céim a 2	S	12,000,000
Scéim Sholáthar Uisce Mhaighean Rátha	U	2,750,000
Dáileadh do Chaomhnú Uisce		2,200,000
Staidéar ar Bhainistíocht Acmhainne		60,000
Iomlán don gClár		€133,965,000

Scéim Phríomha Thaoscadh Phort Laoise

Scéim Soláthar Uisce Chúl a' tSúdaire

Bhí réamh-chonradh críochnaithe chun a lán uisce a sholáthar do Chúl a' tSúdaire ó fhoinse nua ag páirc tobair La Bergerie. Bhí dearadh sonraithe den bpríomh scéim críochnaithe i 2007 tar éis tástáil chun measúnú a dhéanamh ar chaighdeán an uisce agus an toradh ós na trí thobar páirce molta.

Scéim Phríomha Thaoscadh Phort Laoise

DTF Draenála Phríomha Phort Laoise

Thosaigh conradh Dearaigh-Tóg-Feidhmigh (DBO) le haghaidh tógáil Áis Cóireála Fhuíoll Uisce Phort Laoise in Eanáir, 2007. Chríochnaigh an Conraitheoir, EarthTech-Bowen Construction Consortium, an chuid is mó des na hoibreacha san Áis, le háth líniú acomhal um shroichte Drom Bhóthar san áireamh, roimh deireadh 2007.

Scéim Séarachais Bailte Grúpa Laoise

Dhein Comhairle Cho. Laoise athbhreithniú ar na doiciméid chonartha le haghaidh an chonartha DTF agus d'aighníodar é chuig an Roinn chun cead a lorg é a chur amach ar thairiscint. Bhí gach gnáthamh pleanála Cuid III le haghaidh na n-áiseanna cóireála nua críochnaithe i 2007. Bhí doiciméid an chonartha le haghaidh chonradh an Ghréasáin tugtha suas chun data i 2007 chun treoracha an Aire ar chriosú athruithe talún a chur san áireamh.

Scéim Séarachais Sráidbhailte Grúpa Laoise

Bhí an Tuairisc Staidéir Féidearthachta (le Tigh Mochua san áireamh) le haghaidh Scéim Séarachais Sráidbhailte Grúpa Laoise críochnaithe i nDeireadh Fómhair, 2007. Tá Comhairle Chontae Laoise ag feitheamh faoi láthair ar chead na Roinne dul ar aghaidh leis an scéim seo.

Leathnú Séarachais Mhóinteach Mílic

Bhí athbhreithniú déanta ar scóip Leathnaithe Séarachais Mhóinteach Mílic i 2007. Tá an scóip athbhreithnithe dírithe ar fheabhsaithe athnuachana agus éifeacht oibre ar na stáisiúin pumpála reatha agus an áis cóireála fhuíoll uisce. Críochnaíodh Dearadh Sonrach agus Doiciméid Chonartha le haghaidh na Scéime i 2007 tar éis cead na Roinne. Bhí gné Meicniúil/Aibhléise na scéime curtha go céim na dtairiscintí i Nollag, 2007.

Scéim Séarachais Chúl a' tSúdaire, Ioma/ Baile Bhriotais/ Cill an Aird

Bhí cead faighte le haghaidh iniamh Ioma, Baile Briotais agus Cill an Aird i Scéim Séarachais Chúl a' t-Súdaire tar éis aighniú Polasaí athbhreithnithe don Roinn. Bhí an Polasaí nua le haghaidh chomhairleoirí a cheapadh don scéim críochnaithe, aighnithe agus ceadaithe ag an Roinn i 2007. Bhí fógraí réamhcháilithe curtha amach agus fuarthas aighnithe comhairleoirí ansin i nDeireadh Fómhair, 2007.

Scéim Sholáthar Uisce Ghráig Uí Chuilinn

Bhí plean comhairleach ullmhaithe agus ceapadh eagraíocht hidrigeo-laíochta comhairleach (Comhchaidreamh Eugene Daly) in Iúil, 2007, chun foinse/foinsí féidearthachta uisce a aimsiú agus chun doiciméid tairisceana taisceála druileála a ullmhú. Fuair agus dhein Comhairle Chontae Laoise athbhreithniú ar dhréacht thuairisc roghnaithe suíomh druileála i Lúnasa, 2007, a d'aithin ceantair oiriúnach le haghaidh fhiosruithe i nGleann Íseal na Bearbha agus i gceantair ardchláir Chaisleán an Chomair. Tá céim na dtairiscintí le haghaidh na taisceála le bheith ag tosú go luath i 2008.

Measúnú ar Riachtanais

Bhí tuairisc Mheasúnaithe Riachtanas aighnithe le haghaidh iniata i gClár Infheistithe Seirbhísí Uisce (CISU) na Roinne 2007-2009. Dhein an tuairisc imlíniú ar dhá thionscnamh déag uisce agus fuíoll uisce tosaíochta le linn tréimhse an CISU. D'fhoilsigh an Roinn an CISU nua go firmeálta i Meán Fhómhair 2007 ina raibh Scéim Séarachais Chúl a'tSúdaire agus Scéim Séarachais Mhóinteach Mílic Céim 2.

Clár Uisce Tuaithe

Tá siad seo a leanas san áireamh i gClár Uisce Tuaithe na Comhairle:

- Scéimeanna Uisce Ghrúpa
- Scéimeanna Beaga Uisce agus Séarachais Poiblí
- Deontais le haghaidh Suiteálacha Uisce Tobair aonaracha

Scéimeanna Uisce Grúpa

Soláthraíonn scéim uisce grúpa soláthar uisce phríobháideach do 2 thigh nó níos mó trí foinse choitianta nó roinnte agus córas dáilte.

Cabhraíonn an Chomhairle le grúpaí trí oibriú i bpáirtíocht leo agus trí:

- Comhairle agus treoir a sholáthar ar fhoirmiú agus ar fheidhmiú scéimeanna grúpa
- Trí chomhairle theicniúil a thabhairt ar ghnéithe fhoinse agus soláthair, ar ghréasáin dáilte, ar chaighdeán an uisce agus ar chóireáil, ar scéimeanna deartha & rl.
- Ag cabhrú le grúpaí soláthar uisce a thógáil ó phríomhlíonra uisce poiblí nuair atá sé seo indéanta
- Comhairle agus cabhair a thabhairt ar thairiscint a fháil agus ar luacháil
- Scéimeanna cúnamh deontais suas go 85% den gcostas ceadaithe, le uasmhéid de €6,475 per teach
- Cigireacht ar chaighdeáin tógála
- Fóirdheontas bliantúil a sholáthar i leith chostais oibríochta agus cothabhála a bhí ag an ngrúpa de bharr na scéime.

Scéimeanna Beaga Uisce agus Séarachais Poiblí:

Tá scéim poiblí uisce agus/nó séarachais déanta suas de oibreacha chaip-itil ar fheabhsú agus/nó leathnú uisce poiblí agus/nó scéimeanna séarachais sa chás na téann costas na n-oibreacha thar €1m. Maoinínn an Chomhairle 25% de chostas tionscnaimh dá leithéid agus faigheann siad an chuid eile ar ais ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, laistigh den dáileadh bhliantúil den chistíocht chaipitil.

Deontais le haghaidh Suiteálacha Uisce Thobar Aonarach:

Is é aidhm na scéime deontais seo cabhrú le teaghlaigh atá ag braith ar sholáthar uisce phríobháideach agus go bhfuil costas caipitil orthu chun:

- Uisce píobaithe a sholáthar le haghaidh an tí.

nó

- Laigí móra a shocrú san soláthar uisce le haghaidh an tí phríob-háidigh

Sa chás go bhfuil soláthar an uisce i gceist mar sholáthar seachas ó scéim poiblí nó ó scéim ghrúpa agus go bhfuil an tigh i gceist níos mó ná seacht mbliana d'aois.

Polasaí Comhshaoil & Seirbhísí Uisce

Clár Uisce Tuaithe 2007

Leithdháileadh Caipitil	Leithdháileadh
Beart DTF (Le haghaidh Beart Chonartha Laighean Theas)	532,000
Oibreacha Céim Ar Aghaidh DTF	735,000
Scéimeanna Cheangal Leis an bpríomhlíonra Poiblí	30,000
Ceannas a fháil ar Scéimeanna Grúpa	500,000
Moltaí Nua & Uasghrádaithe	214,000
Scéimeanna Uisce & Séarachais Beaga Poiblí	750,000
Iomlán	€2,761,000

Caiteachas agus Aisghabháil	Caiteachas Aisghabháil	Oibreacha ar Chéim ar Aghaidh
DTF	178,523	179,284
Scéimeanna a Cheangal leis an bpríomhlíonra Poiblí	17,880	17,880
Uasghrádú Táth cheangal	1,329,070	1,835,095
Scéimeanna Nua agus scéimeanna le h-Uasghrádú	201,307	397,806.94
Scéimeanna Uisce & Séarachais Beaga Poiblí	807,788	750,000
Iomlán	€2,534,568	€3,180,065

Fóirdheontas

Fóirdheontais iomlána díolta do ghrúpaí le haghaidh oibríocht agus costais cothabhála na scéime: €228,128.52

Deontais Tobar

Méid iomlán díolta do dheontais tobair aonair: €109,584.00

Beart Dear Tóg agus Feidhmigh (DFF) le haghaidh Chóireáil Uisce

Chuir Comhairle Chontae Laoise, i dteannta le Comhairlí Chontae Ceatharlach, Cill Choinnigh, Loch Garman, Cill Mhantaínn agus Cill Dara, Beart DTF le chéile le haghaidh áiseanna cóireála uisce a sholáthar, agus a rith, do scéimeanna grúpa agus do scéimeanna beaga poiblí. Tá an beart déanta suas de 38 scéim anois ó thrí chontae, 4 i Laoise. Feithealann 38 scéim ar 4,174 tigh. Is iad na scéimeanna i Laois ná:

Scéim	Méid na dTithe
SGU Baile Colla	504
SGU Baile Piocas	84
SGU an Domhnaigh Mhóir	39
S.P. An Eala	371
Iomlán:	998

Bhí pleanáil an tionscnaimh seo, agus an próiseas soláthair poiblí a théann leis, críochnaithe roimh Bealtaine, 2006, faoi threoir T.J. O'Connor & a Chomh leacaithe, Innealtóirí Comhairleacha agus Coiste Stiúrtha DTF

Laighean Theas.
Is é an conraitheoir a fuair an conradh ná E.P.S. Teo. Mala, Co. Chorcaí agus tá céim na deartha tógtha idir lámha acu san. Tá céim tógála céad bheart na scéimeanna, go bhfuil Baile Colla agus An Eala san áireamh ann, nach mór críochnaithe agus tá tógáil na birte go bhfuil Baile Piocas agus an Domhnach Mór san áireamh ann ar an leabhar le tosú go luath i 2008.

Is é Comhairle Chontae Ceatharlach an phríomh údarás sa Bheart agus tá cistíocht caipitil le haghaidh tógáil gnéithe cóireála uisce an tionscnaimh ina iomlán á sholáthar don údarás san. Tá deontas 100% ar fáil don eilim-int Cóireála Uisce ins na scéimeanna grúpa. Tá deontas de 85% ón gComhairle, agus ranníocaíocht 15% ag an grúpa ar son na n-oibreacha sibhialta den DTF.

Oibreacha Céim Ar Aghaidh agus Céimeanna Caomhnaithe Uisce Maidir le Scéimeanna sa Bheart DTF

Fuair na scéimeanna seo a leanas cúnamh deontais i 2007

Scéim	Méid Tithe	Deontas
Réamh-Oibreacha Bhaile Colla	504	63,999
Céim 2 Uasghrádú Ghréasáin Bhaile Colla		75,414
Réamh-oibreacha Bhaile Piocas	84	36,040
Malgamú Chill Éanaigh/ Baile Colla	15	3,070
Iomlán	603	€178,523

Scéimeanna Phríobháideacha le Caighdeán Easnamhach a Cheangal leis an bpríomhlíonra Poiblí

Bhí cúnamh deontais de €17,880 eisithe do Scéim Uisce Ghrúpa Ráithín, a fhriothálann ar 29 teach.

Táth cheangal Scéimeanna Uisce Grúpa

Bhí uasghrádú réamh-tháthcheangal na scéimeanna grúpa seo a leanas cistithe chomh maith i 2007.

Scéim	Méid Tithe	Deontas
Ráth an Uisce	198	203,259
Rath Lios	10	482
Slat/ Cnocán na Mac tíre	111	1,100,980
Raeire	6	1,082
Áth Tanaí	44	23,267
Iomlán	369	€1,329,070

Thug an Chomhairle cead foirmeálta do smacht ceannais ar scéim uisce grúpa Cill in Áird i 2007.

Scéimeanna Grúpa Nua agus Uasghrádú Scéimeanna Reatha

Fuair na scéimeanna seo a leanas cúnamh deontais i 2007

Scéimeanna Nua

Scéim	Méid Tithe	Deontas
Crannach/Tulach Maighe	45	21,316
Coillte Leise	28	6,969
Sliabh Dhamh/Baile Trasna	15	2,826
Baile Uí Chléire	65	373
Iomlán	153	€31,484

Uasghrádú Scéimeanna Reatha

Scéim	Méid Tithe	Deontas
Sláinte	385	52,286
Gréasán Bhaile Colla Céim 1	504	117,537
Iomlán	889	€169,823
Iomlán le haghaidh Scéimeanna Nua agus Uasghrádú Scéimeanna Reatha		€201,307
Méid iomlán na dtithe ag baint tairbhe as		1042

Polasaí Comhshaoil & Seirbhísí Uisce

Scéimeanna Beaga Uisce & Séarachais

Caiteachas caipitil ar na tograí seo a leanas i 2007:

Scéim	Caiteachas €
Foinse Uisce Chnoc Clóinín	32,868
S.U. Mhaighean Rátha/Bhaile an Chaisleáin .	11,720
Méadú S.U. Bhaile Átha an Róine	61,097
ÁCFU Mhóinteach Mílic -Sreangú Slándála	30,000
Taiscumar Nua – Cnoc na Croiche	600
ÁCFU – Tanc Díshludála	10,465
Pumpa Treoiseora – SU Ghráig Uí Chuilinn	7,377
SU Bhaile Bhiocáire- príomhlíonra leaga trasna canáil	12,150
ÁCFU Mhainistir Laoise - Uasghrádú Leictreachais	2,360
ACFU Dharú– Uasghrádú leictreachais agus caidéal	3,593
ÁCFU Ballinakill – Uasghrádú Leictreachais	1,839
ÁCFU Mhaighean Rátha – Uasghrádú Leictreachais	1,839
ÁCFU Rátha an Domhnaigh – Uasghrádú Leictreachais	1,839
ÁCFU Mhóinteach Mílic – Sreangú Slándála	39,000
SU Log a' Choirrín – Uasghrádú agus taisce	99,961
Foinse Uisce Choill - athnuachan	4,882
Príomhlíonra Uisce Móinteach Mílic – Sa bhreis ar 1000 méadar a uasmhéadú	110,631
SU Maigh Dhá Bheithe – Uasghrádaigh agus slánú	141,306
SU Mhóinteach Mílic – Méadaigh an phríomhlíonra ag Lána an Mhainéir ÁCFU	147,758
Mhóinteach Mílic – Uasghrádú ar an dtrealamh ag an áis	57,761
SU Baile Uí Laighneáin – Príomhlíonra, méadar srutha	20,506
Mountmellick W.S. - Derryguile	8,233
Iomlán	€807,788

Fóirdheontas le haghaidh Costais Oibríochta agus Cothabhála ar Scéimeanna Uisce Grúpa Príobháideach

Bhí fóirdheontais le haghaidh chostais oibríochta agus cothabhála díolta leis na scéimeanna grúpa seo a leanas i 2007

Scéim	Méid na dTithe	Fóirdheontas €
Garraí a' tSagairt 2	3	288
Garraí h-Eadar	2	203
Tigh na Bearbha	68	6,907
Gráig na h-Abhann	6	610
An Fraoch Mór	385	39,108
Ráth Lios	10	458
Cluain Chaoin	57	1,607
Cnoc a' Chonnaidh	3	305
Cnoc Ard na g-Cor	2	203
Áth Tanaí	44	4,876
Muilte Iarainn	2	203
Baile Piocais	84	8,736
Cill na gCeann Ard (2005, 2006)	325	20,669
An Domhnach Mór	39	3,462
An Chúl Choill	91	9,447
Cill Eanaigh (2004, 2006)	15	4,571
Eiréil	240	16,788
Maigh Fhada	2	203
Baile Colla (2005, 2006)	504	102,393
Ráth na Manach	2	203
Baile Buige	6	313
An t-Oileán	8	406
Achadh Mhic Airt (2005, 2006)	5	1,016
Ráithín (2002, 2006)	29	5,153
Iomlán	1,932	€228,128

Polasaí Comhshaoil & Seirbhísí Uisce

Caighdeán Uisce ins na Scéimeanna Grúpa

Lean an tosaíocht ins an Clár Uisce Thuaithe a bheith curtha ar chaighdeán an uisce i scéimeanna foinsithe go príobháideach atá ann cheana féin a thógáil chuig an caighdeán éilithe ag Rialacháin (Uisce Óil) na bpobal Eorpacha. Tá aghaidh tugtha ar an aidhm trí:

- Rannpháirtíocht scéimeanna i mbeart (DOFF) Laighean Theas le haghaidh chóireáil uisce a sholáthar.
- Scéimeanna foinsithe go príobháideach a cheangal leis an bpríomhlíonra nuair is féidir.
- Táthcheangal na scéime ag an gComhairle nuair a aontaíonn an grúpa leis.
- Cistíocht chaipitil le haghaidh scéimeanna a uasghrádú go mbíonn fadhbanna caighdeáin ann ó am go céile.
- Ag tabhairt cúnamh deontais do shuiteáil fearais cóireála uisce ultra-vialait i scéimeanna uisce grúpa beaga go bhfuil fadhbanna caighdeáin ann.

Monatóireacht ar Chaighdeán Uisce i Scéimeanna Grúpa

Do rith Seomra na Comhairle, chomh maith, a Mhonatóireacht Bainistíochta féin ar scéimeanna uisce grúpa le linn 2007, i dteannta lena fheidhmeanna reachtúla maidir le monatóireacht soláthar uisce óil. Chuaigh an clár monatóireachta a tugadh faoi thar Riachtanais na Rialachán.

Deontais le haghaidh Suiteáil Uisce Thobar Aonarach

Méid na ndeontas díolta i 2007:	61
Luach na ndeontas díolta:	€109,584

Scéimeanna Uisce Ghrúpa sa Chontae

Mar atá ag 31/12/07

Scéimeanna le foinsí pobal	68
Scéimeanna le foinsí príobháideacha	41
Scéimeanna á dtógáil	0
Scéimeanna nua ag céim pleanála go maith ar aghaidh	3
Scéimeanna nua agus an réamhchéim	4
Moltaí ar Shéarachais Ghrúpa	3
Ceannas tógtha ar Scéimeanna Ghrúpa	36
Iomlán	155

Coiste Monatóireachta Uisce Tuaithe

Tá an Coiste Monatóireachta Uisce Tuaithe déanta suas de ainmnithe ó Chomhairle Chontae Laoise agus Eagraíochtaí Tuaithe. Tá baint aige le comhairle a thabhairt ar pholasaí a fhoirmiú le haird ar sholáthar uisce tuaithe laistigh den gcontae agus monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na scéimeanna uisce éagsúla le haghaidh feabhsú an t-soláthair do theaghlaigh tuaithe agus do shráidbhailte. Bhí cruinnithe an choiste ar siúl ar 11ú Aibreán, 28ú Meithimh agus 11ú Deireadh Fómhair 2007.

Caighdeán Uisce

Tá feidhmeanna reachtúla ag Comhairle Chontae Laoise maidir le monatóireacht ar sholáthar uisce óil an Chontae mar atá leagtha amach i Rialacháin AE (Uisce Óil) 2000.

De réir thuairisc an ACC don bhliain 2006 chloígh Laois ina iomlán le meán-chaighdeáin náisiúnta an uisce óil a bhí á sholáthar san uisce poiblí. Go ginearálta bhí mar ar chloíodar le formhór na dteorann treo-rach sásúil.

*	Micro	Ceimiceach	Comhartha
Iomlán	96.8%	98.2%	97.0%
SUP	98.5%	99.1%	98.3%
SUGpo	100%	95.9%	97.3%
SUGpr	93.5%	94.7%	94.1%
SPS	89.1%	100%	89.3%

* Foinse EPA: *Soláthar agus Caighdeán an Uisce in Éirinn – Tuairisc dos na blianta 2006-2007*

Caomhnú Uisce

Bhí an chuid is mó den gclár méadair uisce a shuiteáil críochnaithe i 2007 i gcomhréir leis an gCreatlach Praghasála Uisce. D'aimsigh agus do dheisigh an fhoireann aimsithe silte, i bpáirtíocht le foireann an cheantair, ina raibh meastachán de 2,269 lítear caillteanas sa ló. Is sampla de thairb-he an próiseas é Port Laoise, áit go bhfuil úsáid an uisce ag leibhéal 2005 fós, in ainneoin an mhéadaithe mhóir i méid na bhforbairtí tithíochta.

Scaoileadh chun Séarachais

Tá ceadúnas riachtanach do aon chomhlacht a scaoileann eisilteach trádála (le huisce fuartha san áireamh) chun séarachais, faoi Acht an Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce) 1977 agus 1990 agus a rialacháin.

Reiligí

Tá an roinn seo freagrach, chomh maith, as soláthar agus cothabháil fiche seacht reilig sa chontae. Tá Cláraitheora Rollaí Reilige fostaithe le gach Reilig Comhairle le cúram plásáin a dhíol agus talamh reilige a chothabháil aige.

Fo-Dhlite Reilige

Thug Baill na Comhairle isteach Fo-Dhlite Reilige Chomhairle Chontae Laoise ar an 24ú Meán Fhómhair, agus chuadar i ngníomh ar an 1ú Samhain, 2007. Rialaíonn na Fo-Dhlite na Reiligí i gContae Laoise agus baineann siad le gach Reilig faoi smacht nó faoi úinéireacht Chomhairle Chontae Laoise.

Clár Caipitil

Chríochnaigh an clár oibre caipitil i 2007. Bhí obair déanta i reiligí Mhóinteach Mílic, Slata, Cill Uisean, Eanach Tirim agus Buiríos Mór Osraí ar chostas iomlán de €272,000.
D'osclaíodh an síneadh ar reilig Mhóinteach Mílic agus bhí oibreacha déanta de réir mar a bhí ciste ar fáil faoi Chistíocht Mhí-chumais. Bhí an carrchlós athdheartha agus bhí cosáin agus ballaí nua tógtha. Bhí an bealach isteach athfhorbartha agus bhí oibreacha draenála déanta.

Tosaíodh ar an bpróiseas fairsingithe ar reilig Ros Fhionnghlaise i 2007, agus críochnaíodh próiseas Cuid 8 agus an comhaontú chun an suíomh comhcheangailte a cheannach.

Tosaíodh ar thógáil leithris phoiblí i reilig Phort Laoise i 2007 agus bhí sé chomh-chistithe ag an gComhairle agus ag an gcoiste áitiúil.

Tá cead tugtha ag an gComhairle do iasacht a ardú chun éascú a dhéanamh ar chlár breise oibreacha caipitil do reiligí mórthimpeall an Chontae. Tosaíodh an Clár le linn 2008 le oibreacha pleanáilte i bPort Laoise, sa tSráid Bhaile, Baile Mhic Ádhaimh agus i mBaile Uí Laigheanáin.

Deontais Reilige

Tá cúnamh deontais tugtha do choistí reilige deonacha agus do ghrúpaí pobail le haghaidh reiligí a chothabháil. Fuarthas 103 iarratas deontais i 2007 agus bhí €80,000 díolta. Tá obair luachmhar á dhéanamh ag na coistí deonacha seo i dtaobh na reiligí áitiúla a choimeád. Rangaítear na reiligí agus bíonn deontais díolta amach ar an bhonn seo a leanas:

Rang A: Reiligí na Comhairle
Rang B: Reiligí Comhairle Níos Lú
Rang C: Reiligí Neamh-chomhairle
Rang D: Reiligí ná fuil in úsáid go rialta a thuilleadh

Leithris Phoiblí

Bhí oibreacha athnuachana ar scála mór ar chostas €35,755, déanta i Leithreas Poiblí an tSráid Bhaile, agus bhí cuid de maoinithe faoi chistíocht míchumais. Bhí oibreacha faoi chiste mhíchumais déanta ag Leithreas Poiblí Phort Laoise.

Struchtúir agus áiteanna Contúirteacha

Tá an cumhacht ag an gComhairle déileáil le struchtúir nó áiteanna atá mar chontúirt don bpobal, nó atá, nó a bheidh, nó gur dhócha go mbeidh mar chontúirt, do aon duine nó do aon sealúchas. D'fhéadfadh fógra a bheith friotháilte ar úinéir áite/struchtúr go bhfuil oibreacha riachtanach de dhíth ann. D'fhéadfadh an Chomhairle an obair a dhéanamh agus an costas a fháil ar ais má tá sé riachtanach.

Polasaí Pleanála agus Iompair

Cathaoir: Michael Rice, M.C.C

Baill
David Goodwin, M.C.C.
Michael Lalor, M.C.C..
John Turley, M.C.C.
John Joe Fennelly, M.C.C.
Jerry Lodge, M.C.C..
Jack Nolan, T.C.

Suimeanna Rannacha
Martin Keane
Pat Flanagan
Brian Bonham

Stiúrthóir Seirbhísí: Gerry Gibson
Innealtóir Sinsir-Bóithre: Mary White
Pleanálaí Sinsir: Peter Dolan
Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsir: Kieran Kehoe (Martin Daly)

Tuairisc ar Choiste Polasaí Straitéiseach

Bhí sé chruinniú ag an gCoiste seo i 2007. Bhí na polasaithe seo a leanas aontaithe curtha ar aghaidh chuig an Grúpa Polasaí Chorparáideach chun breathnú a dhéanamh orthu sula dtéann sé ós comhair na Comhairle iomláine:

- Comharthaí do Eastáit Tithíochta
- Lucht úsáid Bóthar Soghonta
- Athchóiriú & Úsáid Chuí ar Chairéal dúnta
- Fálta

An Roinn Pleanála

Is é aidhm iomlán an Plean Forbartha ná forálacha na nAchtanna Pleanála a chur i bhfeidhm agus modhanna tacaíochta cuí a sholáthar chun leas fisiceach, sóisialta agus eacnamaíochta an Chontae a chur chun cinn i dtreo is go bhfuil caighdeáin saoil cosanta agus ardaithe agus deiseanna oibre tugtha isteach agus cruthaithe le haird ar phrionsabail inmharthanachta.

Is féidir an Roinn Pleanála a bhriseadh síos i dtrí chuid difriúil :

(i) Smacht Forbartha
(ii) Cur i bhfeidhm Pleanála agus
(iii) Pleanáil ar aghaidh

(i) Smacht Forbartha

Bé 2,409 méid na n-iarratas pleanála a fuarthas i 2007. Ba chóir é a lua, áfach, go raibh 703 des na h-iarratais iomlána neamhbhailí agus bhí ar an iarrthóir iarratas nua a aighniú. Tugann an tábla briseadh síos de iarratais pleanála bailí a fuarthas agus breitheanna a déanadh le linn 2007 agus na figiúirí comparáideacha le haghaidh 2006.

	2006	*2007*
LÌon na n-iarratas pleanala a fuarthas	1,741	1,708
LÌon na n-iarratas cinntithe	1,488	1,822
LÌon na ndeontas	1,225	1,481
LÌon na n-eiteach	263	341

Iarratais mhÌ-bhailÌ curtha ar as don iarrthoir 29.18%
Tagartha do oifigÌ crantar

Bailiú Iarratais Pleanála

Déanadh bailiú ar 2,411 iarratas pleanála i 2007 agus bhí 1,708 bailí agus 1,708 neamhbhailí. Cé go raibh 29% des na hiarratais pleanála neamhbhailí, b' iad ná príomhchúiseanna ná go raibh fógraí poiblí as data, ainm gníomhairí fágtha ar lár ó léarscáileanna/léaráidí agus gan an tomhas ceart taispeánta ar leagan amach suíomh.

Tionscnaimh Seirbhís Custaiméirí

I 2007 lean scanadh iarratais pleanála mar a bhíodar faighte ag an Údarás Pleanála. Bhí an pobal in ann teacht ar gach iarratas pleanála ar líne laistigh de thrí seachtaine tar éis don Údarás Pleanála iad a fháil le linn 2007.

Polasaí Pleanála agus Iompair

Thosaigh oibreacha ar an áit nua seirbhíse do chustaiméirí le linn 2007. D'oscail sé don bpobal go luath i 2008.

Leanann an gréasán pleanála an-mhealltach le thart ar 100,000 cuairt ar an bhliain seo caite.

(ii) Pleanáil ar Aghaidh

Réamhrá

Tá ról tábhachtach ag Pleanáil ar Aghaidh i bhforbairt fhisiceach, eacna-maíochta agus sóisialta Chontae Laoise. Tá i gceist go soláthróidh Plean Forbartha Chontae Laoise 2006 – 2012, a tugadh isteach in Eanáir 2006, creatlach straitéiseach agus comhthéacs polasaí ina ndéanfaidh an Údarás Áitiúil a gcinneadh pleanála laistigh de. Thug Comhairle Chontae Laoise isteach Plean Ceantair Áitiúil Mhóinteach Mílic, i mBealtaine 2007, agus i Meán Fhómhair, 2007, thug Comhairle Chontae Laoise isteach Pleananna Ceantair Áitiúla Chúl a' t-Súdaire agus Gráig Uí Chuilinn

Tá an roinn gafa go gníomhach anois le hullmhú pleananna úsáide talún ag gach leibhéal síos go pleanáil sráidbhaile agus máistir-phleanáil. Tá an Roinn Pleanála ar Aghaidh ag déanamh Comhairliú leis an bpobal for-leathan mar aon leis an bh-Fóram Pobail Chontae le linn ullmhú gach Plean. Ceadaíonn sé seo do gach páirtí le suim acu ionchur a bheith acu i bhforbairt a cheantar, a shráidbhaile, a bhaile féin & rl.

Bhí na Pleananna Bailte agus Sráidbhailte seo a leanas formhuinithe ag na Comhairleoirí Ceantair le linn 2007 – Cill in Áird, Baile Colla, Buiríos Mór Osraí, Eiréil, Baile Uí Laigheanáin, Baile Briotais, Iomagh, Baile Bhiocáire, Baile Átha an Róine, Ráth Domhnaigh, Mainistir Laoise, Darú, Cloch, Baile Nua an Dúnáin agus Cill Uisean. Bhí na sráidbhailte agus bailte a bhí fágtha i bPlean Forbartha an Chontae formhuinithe roimh lár 2008.

Scéim Athnuachan Uirbeach

Dhein an Roinn Pleanála ar Aghaidh comhordú i rith na bliana ar an gclár bliantúil le haghaidh aighniú ciste don Roinn Comhshaoil. Thosaigh oibreacha ar Cheantar Pláis Sibhialta a sholáthar ag Ascaill James Fintan Lalor nuair a fuarthas cead dul ar aghaidh ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil ina mbeidh Spás Conláiste Poiblí oscailte chomh maith agus carrchlós 2-úrlár nua-thógtha, le tírdhreacha idir chrua agus bog agus le troscán sráide.

Scéim Athnuachana Bhaile

Cáilíonn cúig bhaile i gContae Laoise do dhreasú cánacha faoi na Scéimeanna Uirbeacha agus Baile. Is iad na bailte a cháilíonn ná Port Laoise, Maighean Rátha, Móinteach Mílic, Cúl a' t-Súdaire agus Ráth Domhnaigh.



Scéim Deontais Caomhnaithe 2007

Tá an Deontas Scéime Caomhnaithe feidhmithe ar bhonn bliantúil. I 2007, bhí dáileadh €122,000 ar 19 iarrthóir buacach. Tá an scéim an-tháb-hachtach i dtaobh na struchtúr cosanta a chaomhnú sa Chontae agus leanann Comhairle Chontae Laoise á chur i bhfeidhm.

Scéim Aghaidh Siopa

Bhí an deontas ar fáil arís i 2007. Tá an deontas seo dáilte chun cabhrú le hoibreacha a dhéanamh chun aghaidh siopaí a fheabhsú.

Polasaí Pleanála agus Iompair

Seachtain Náisiún na g-Crann

Soláthraíonn Comhairle Chrann na h-Éireann agus na h-Urraithe Coillte agus O2 méid áirithe crann óg gach bliain. Cuireann Comhairle Chontae Laoise na crainn ar fáil do ghrúpaí pobail mórthimpeall an Chontae. Mhaoinigh Comhairle Chontae Laoise roinnt crann níos mó a bhí ar fáil, chomh maith, dos na grúpaí pobail. Tá an scéim oscailte do chomhchaidreamh cónaitheoirí, do ghrúpaí bailte slachtmhara agus do ghrúpaí forbartha áitiúla eile agus do scoileanna.

Polasaithe Coiste Polasaí Straitéiseach 2007

Bhí na Páipéir Polasaí Straitéiseacha seo a leanas ullmhaithe i 2007:

Athchóiriú agus Úsáid Chuí Cairéal tar éis a ndúnta

Ba chóir go n-oibreodh an doiciméad polasaí seo mar threoir chun comhairle a thabhairt do oibreoirí ar úsáid chuí chairéal tar éis dúnadh dóibh mar chairéil agus ba chóir a lua go mba fhéidir ná beadh athchóiriú agus úsáideacha eile liostaithe sa doiciméid in oiriúint do gach suíomh. Ba chóir do oibrithe dul i gcomhairle le Comhairle Chontae Laoise agus le comhairleacha eile mar an ÁCC chun a dhéanamh amach cén úsáid is oir-iúnaí don suíomh tar éis gníomhaíochtaí an chairéil a bheith stoptha.

Comharthaí in Eastáit

Tá faillí déanta ar Chomharthaí na n-Eastát Tithíochta go minic ins an bpróiseas pleanála ach tá sé thar a bheith tábhachtach do aithne fhorbairt nua, go háirithe do fhorbairtí cónaithe ar scála mór. Thug Comhairle Chontae Laoise isteach Polasaí le haghaidh chomharthaí do eastáit tithíochta, maidir le seo, go h-inmheánach agus go h-eachtrach. Déileálann an doiciméad polasaí seo le dearadh, le sort agus le suíomh chomharthaí dá leithéid.

(iii) Cur i bhfeidhm na Pleanála

Réamhrá

Déanfaidh an t- Údarás Pleanála iarracht deimhin a dhéanamh de go gcloítear le coinníollacha cead pleanála agus forbairt neamhúdaraithe a sheachaint, ar chomhréir leis na riachtanais reachtúla faoi na hAchtanna Pleanála agus Forbartha, 2000-2006.

Forbairt Neamhúdaraithe

Sé atá i gceist le forbairt neamhúdaraithe ná nuair atá forbairt déanta gan aon chead cuí faighte nó forbairt gan bheith déanta ar chomhréir le cead pleanála tugtha.

Polasaí Pleanála agus Iompair

Feidhmeanna

Leanfaidh an tÚdarás Pleanála suas gach gearán scríofa i leith fhorbairt neamhúdaraithe a fheictear dóibh go bhfuil bunús maith leis. Eisíonn siad Litir Rabhaigh laistigh de sé seachtaine tar éis an litir scríofa d'fháil. D'fhéadfadh sé seo bheith eisithe sa chás go bhfuil forbairt neamhúdaraithe á dhéanamh, go mb' fhéidir gur déanadh nó go ndéanfaí é.

Déanfar breith ansin ar ghníomhaíocht chur i bhfeidhm a thógáil nó gan aon rud a dhéanamh agus ba chóir go mbeadh friotháil fhógra Chur i bhfeidhm ar siúl laistigh de 12 seachtain ó dháta eisithe an Litir Rabhaigh. Tugann an Fógra Chur i bhfeidhm scála ama le haghaidh glacadh agus mura gcloítear leis beidh breis gníomhaíocht i gceist mar é bheith curtha faoi bhráid chomhairleoir dlí.

Forbairtí sa Chur i bhfeidhm

Tá baint níos mó ag an bpobal anois leis an g-Córas Cur i bhfeidhm toisc go bhfuil dualgas ar an Údarás Pleanála breathnú agus freagra a thabhairt ar ghearáin ón bpobal. Tá méadú sonrach ar na fíneáil iníoctha agus ar phionóis de fhíneáil íos-mhéide sa chás go bhfuil duine ciontach i gcoir a bhaineann le forbairt neamhúdaraithe.

Ceadú Ócáidí Amuigh

Tá ócáid amuigh sonraithe mar ócáid poiblí a bhíonn ar siúl don gcuid is mó nó go h-áirithe faoin aer amuigh nó i struchtúr gan díon, nó le cuid de dhíon, nó le díon sealadach nó le díon in-ais-tarraingthe nó faoi chanbhás nó struchtúr dá leithéid ina bhfuil ceol, rince, léiriúcháin spraoi poiblí nó aon ní dá leithéid san ar siúl ann.

Tá ar lucht eagraithe ócáidí dá leithéid ceadúnas d'fháil ón Údarás Pleanála sa chás go bhfuil slua de 5,000 duine ann nó níos mó.

Samplaí:

- Picnic Aibhléise ar siúl i Sráidbhaile, Co. Laoise i 2004, 2005, 2006 agus 2007.
- Féile Gairdín Idirnáisiúnta EMO.

Fógra Cláraithe Cairéal

Bhí gach Cairéal ná raibh buntáiste Chead Pleanála acu, nó a fuair Cead pleanála thar chúig bhliain roimh fheidhmiú Chuid 261, faoi Chuid 261 den Acht Pleanála agus Forbartha 2000, cláraithe leis an Údarás Pleanála. Fuair Comhairle Chontae Laoise 78 iarratas le haghaidh chláraithe, agus bhí 60 cairéal cláraithe mar chairéil ag feidhmiú. Tá an Comhairle ag déanamh monatóireachta faoi láthair ar ghéilliúntas na gcairéal go bhfuil coinníollacha dá leithéid curtha orthu faoi Chuid 261.

Rialú Tógála agus Pleanála

Tithe Aonaracha	31/12/06	31/12/07
Líon na n-iarratas cinntithe	628	705
Líon na n-iarratas cinntithe laistigh de ocht seachtaine	348 (55%)	408 (58%)
Méid na mbreith go raibh tuilleadh eolais le h-áighniú fúthu	279	295
Líon na gcinntí inar chomhaontaigh an t-iarratasóir le síneadh ama faoi Alt 34(9) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000	0	0

Polasaí Pleanála agus Iompair

Tréimhse ama ar an meán chun an iarratas a cinneadh nuair a iarrtar ar bhreis eolais	78	75
% na ndeontas	73%	70%
% na n-eiteach	27%	30%
% na gcás inar deimhníodh an bhreith le, nó gan athruithe ag an mBord Pleanála	61%	84%
% na gcásanna inar dheimhnigh an Bord Pleanála an cinneadh	39%	16%

Orbairt Tithíochta	31/12/06	31/12/07
Líon na n-iarratas cinntithe	78	91
Líon na n-iarratas cinntithe laistigh de ocht seachtaine	41 (53%)	47 (52%)
Méid na mbreith go raibh tuilleadh eolais le h-áighniú fúthu	37	42
Líon na gcinntí inar chomhaontaigh an t-iarratasóir le síneadh ama faoi Alt 34(9) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000	1	2
Tréimhse ama ar an meán chun an iarratas a cinneadh nuair a iarrtar ar bhreis eolais	83	79
% na ndeontas	54%	45%
% na n-eiteach	46%	55%
% na gcás inar deimhníodh an bhreith le, nó gan athruithe ag an mBord Pleanála	70%	87%
% na gcásanna inar dheimhnigh an Bord Pleanála an cinneadh	30%	13%

Eile: gan ghá le EIA	31/12/06	31/12/07
Líon na n-iarratas cinntithe	776	1020
Líon na n-iarratas cinntithe laistigh de ocht seachtaine	602 (78%)	839 (82%)
Méid na mbreith go raibh tuilleadh eolais le h-áighniú fúthu	172	180
Líon na gcinntí inar chomhaontaigh an t-iarratasóir le síneadh ama faoi Alt 34(9) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000	3	0
Tréimhse ama ar an meán chun an iarratas a cinneadh nuair a iarrtar ar bhreis eolais	78	75
% na ndeontas	93%	92%
% na n-eiteach	7%	7.6%
% na gcás inar deimhníodh an bhreith le, nó gan athruithe ag an mBord Pleanála	33%	48%
% na gcásanna inar dheimhnigh an Bord Pleanála an cinneadh	67%	52%

Polasaí Pleanála agus Iompair

Eile: gá le EIA	31/12/06	31/12/07
Líon na n-iarratas cinntithe	6	6
Líon na n-iarratas cinntithe laistigh de ocht seachtaine	2 (33%)	1 (17%)
Méid na mbreith go raibh tuilleadh eolais le h-áighniú fúthu	4	4
Líon na gcinntí inar chomhaontaigh an t-iarratasóir le síneadh ama faoi Alt 34(9) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000	0	0
Tréimhse ama ar an meán chun an iarratas a cinneadh nuair a iarrtar ar bhreis eolais	93	95
% na ndeontas	83%	83%
% na n-eiteach	17%	17%
% na gcás inar deimhníodh an bhreith le, nó gan athruithe ag an mBord Pleanála	0%	0%
% na gcásanna inar dheimhnigh an Bord Pleanála an cinneadh	0%	0%

Cur i bhfeidhm na Pleanála	31/12/06	31/12/07
Méid iomlán na gcásanna ar ábhar gearáin iad a ndearnadh fiosrú fúthu	174	167
Méid iomlán na gcásanna ar ábhar gearáin iad a caitheadh amach	40	-
Méid iomlán na gcásanna ar ábhar gearáin iad a ndearnadh réiteach orthu trí chainteanna. (58 – cásanna 2007 agus 94 ó bhliana eile)	16	152
Líon na ngnáthamh forfheidhmithe a tionscnaíodh trí litir ghearáin	106	82
Líon na ngnáthamh forfheidhmithe a tionscnaíodhtrí Fhógraí Forfheidhmithe	30	20
Líon Iomlán na gciontuithe	0	0

Uaireanta ar Oscailt agus Comhairliúcháin	31/12/06	31/12/07
Uaireanta oscailte sa tseachtain ar an mheán	32.5	32.5
Líon na gcruinnithe réamh-phleanála a bhí ann	1236	993
Anméid ama ar an meán (i laethanta) ó rinneadh iarratas ar chomhchomhairle le pleanálaí an údaráis áitiúla go dtí go mbíonn cruinniú foirmiúil comhchomhairle réamhphleanála ann.	10	10 (laethanta oibre)
Foirgnimh iniúchta mar % de fhoirgnimh nua ar cuireadh in iúl don Údarás Áitiúil fúthu	12.39%	12.25%

Polasaí Pleanála agus Iompair

Bóithre

Tá Comhairle Chontae Laoise freagrach as agus déanann siad cothabháil ar 2,278 km de bhóthar agus 28 km de mótar bhealach.

Faid na mBóithre de réir a Rangaithe

Mótar Bealach	23.4 km
Príomhach Náisiúnta	59.6 km
Tánaisteach Náisiúnta	79.7 km
Bóithre Réigiúnacha	317.9 km
Contae/Príomh Bóithre Eile	1,718 km
Iomlán	2,198.6 km

Dáiltí Deontas Bhóthar 2007

Fuair Comhairle Chontae Laoise dáileadh iomlán de €58.2m le haghaidh bóithre Náisiúnta & Neamhnáisiúnta an chontae i 2007. Bhí €12.m de seo ar fáil le haghaidh caiteachais ar Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla.

Scéimeanna Feabhsaithe Sonracha

Fuair Comhairle Chontae Laoise ciste ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil le haghaidh na scéimeanna seo a leanas i 2007:

Droichead Chill Mhuilinn €100,000

Bhí cruinniú éisteachta ar siúl ag an mBord Pleanála maidir le dréacht ordú ceannach éigeantach na scéime seo i Nollaig 2005. Ceadaíodh an scéim i 2006 agus chuaigh an dáileadh do shealúchas ceannaíodh i 2006. Meastar go mbeidh an scéim seo críochnaithe i Meitheamh, 2009, ag braith ar chistíocht agus críoch doiciméad conartha/tairisceana agus críoch na socruithe faoin droichead le Iarnród Éireann. Tá ath-líniú Bhóthar R420 Chúl a' t-Súdaire go Mainistir Eimhin i gceist sa scéim agus tá droichead san áireamh ann thar an iarnróid príomha go Baile Átha Cliath.

Ceangal Timpeallán Thiar Phort Laoise - €3,500,000

Chríochnaíodh an tógáil i Samhain 2007 ar Scéim Cheangail Timpeallán Thiar Phort Laoise le Cluain Minam. Bhí tógáil 0.83 Km. de bhóthar aon-bhealaigh sa scéim seo, i dteannta le cam-dhroichead 25 méadar ar an dá thaobh de line iarnróid Bhaile Átha Cliath/Corcaigh. Is é an costas tógála ná €5.5m agus thóg na hoibreacha 13 mí iad a chríochnú. Tá an chuid iomlán ó Bhealach Ciorclach Iarthair Phort Laoise ó Bhóthar ?? (R922) go Bhóthar Mhóinteach Mílic (N80) oscailte don dtrácht anois. Beidh an cuar-bhóthar seo rangaithe mar Bhealach Réigiúnach – uimhir bealaigh R941 agus tá comharthaí treo chéim ar aghaidh le bheith ceadaithe ag an Roinn Iompair Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla.

Ciste Clár

D'fhógair an Aire Pobail, Tuaithe agus Cúrsaí Gaeltachta go bhfuil 39 Roinn Toghchánacha intofa anois do mhaoiniú faoi chlár CLÁR. Clár infheistithe le haghaidh cheantair thuaithe le míbhuntáiste orthu is ea Clár.

Soilse Sábháilteachta Gealánacha Ómra Bhunscoileanna i g-Ceantair CLÁR

Mhaoinigh CLÁR 100% de chostas Soilse Sábháilteachta Ómra Gealánacha a gach bunscoil i g-Ceantair CLÁR nach bhfuil soilse dá leithéid acu cheana féin. Is é €7,000 an teorainn per sraith de shoilse sábháilteachta le tosaíocht tugtha do scoileanna ar bhóithre réigiúnacha lasmuigh de chrios 50 chiliméadar per uair a chloig gan aon soilse tráchta. Chuir Comhairle Chontae Laoise suas an chuid eile des na Soilse Gealánacha Scoile faoi chlár CLÁR.

Polasaí Pleanála agus Iompair

Bearta Slánaithe Sábháilteachta Bhóthar

Fuair Comhairle Chontae Laoise €129,250 chun dó déag Beart Scéimeanna Slánaithe Sábháilteacht Bhóthar ar áiteanna éagsúla mórthimpeall an Chontae agus ar Scéimeanna Bhóithre-Neamh Náisiúnta i 2007. Bhí ath-líniú acomhail i gceist ins na scéimeanna seo, soláthar líniú, marcáil bhóthar agus comharthaí chun sábháilteacht bhóthar a fhe-abhsú.

Sábháilteacht Bhóthar

Do ath-thionól Comhairle Chontae Laoise agus an Garda Síochána comh-choiste ar Shábháilteacht Bhóthar i 2006. Buaileann an coiste le chéile gach sé seachtain. Is é aidhm an Choiste ná líon agus déine Tionóiscí Trácht Bhóthair a laghdú i Laois ar chomhlíne le Straitéis Sábháilteacht Bhóthar an Údaráis le haghaidh Sábháilteacht Bhóthar 2007 go 2011. Tá sé mar aidhm ag an gCoiste an aidhm seo a bhaint amach trí shábháil-teacht ar ár bhóithre a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm trí Oideachas, Innealtóireacht agus Cur i bhfeidhm le rannpháirtíocht gach scairshealbhóir. Tarraingeoidh an Coiste aníos Straitéis Sábháilteachta Bhóthar le haghaidh Laoise i 2008.

Cothabháil Bhóithre Náisiúnta

Bhí dhá scéim fhorleagan pábhála ar Bhóithre Náisiúnta Tánaisteacha críochnaithe i 2007. Bhí leithdháileadh de €800,000 faighte do dhá chuid den mbóthar N7 le h-aghaidh fhorleagan pábhála de timpeall 1.6 Km. idir Crosaire Doirín agus Maighean Rátha. Bhí leithdháileadh de €850,000 faighte le haghaidh oibreacha fhorleagan pábhála ar timpeall 1.8 km den N8 idir Mhainistir Laoise agus Dharú. Bhí leithdháileadh de €350,000 faighte le haghaidh fhorleagan pábhála timpeall 1 km de Bhóthar Náisiúnta Tánaisteach N78 trí Bhaile Uí Laigheanáin. Bhí an obair seo críochnaithe i 2007.

Bóithre Neamh-Náisiúnta a Chothabháil

Dhein Comhairle Chontae Laoise oibreacha cothabhála ar Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla an Chontae, ar aon dul le blianta eile. Tá oibreacha draenála, cóiriú gruaimhín, deisithe cosán, comharthaí a chur suas agus a athrú, ath-líniú, soláthar stud, glanadh sráide agus bailiú bruscair agus bacainn/sreangú sábháilteachta a athrú san áireamh ins na hoibreacha seo. Bhí oibreacha Neartaithe agus Cóirithe Dromchla déanta i 2007, faoi an gClár Oibreacha Bhóithre Il-Bhliantúla 2006-2008 ar Bhóithre Réigiúnacha agus Chontae mórthimpeall an Chontae. Bhí iomlán de 81 km Bóithre Réigiúnacha agus Chontae neartaithe agus bhí 150 km de dhromchla cóirithe i 2007. Scéimeanna Maoinithe Táille Forbartha Cuireadh roinnt scéimeanna a bhí maoinithe trí Tháillí Forbartha chun cinn i 2007.

A number of schemes funded through Development Charges were progressed in 2007.

Feabhsú Bóthar Chill an Aird

Bhí dearadh sonraithe na scéime agus próiseas na dtairiscintí do chon-raitheoirí chun tabhairt faoi an obair seo críochnaithe i 2007. Bhí €800,000 dáilte don scéim seo. Thosaigh an obair ar an suíomh agus táthar ag súil go mbeidh sé críochnaithe i 2008.

Cora i n-Gráig Uí Chuilinn

Bhí comhairleoirí ceaptha agus bhí deartha sonraithe críochnaithe don scéim i 2007. Bhí conraitheoirí ceaptha agus táthar ag súil go mbeidh sé críochnaithe i 2008.

Polasaí Pleanála agus Iompair

Cuar-Bhealach Thuaidh Phort Laoise

Thosaigh obair i 2007 ar iniúchtaí talún agus suirbhéanna topagrafacha le hais an bhealaigh. Beidh dearadh sonrach na scéime seo críochnaithe i 2008 agus beidh dréacht OCÉ foilsithe. Bhí leithdháileadh de €350,000 do chéim deartha na scéime seo.

Cuar-Bhealach Deisceart Phort Laoise

Bhí an próiseas Cuid 8 críochnaithe agus ceadaithe ag Comhairle Chontae Laoise. Beidh an scéim forbartha ag forbróirí príobháideacha laistigh deg chomhthéacs cead pleanála tugtha le hais bhealach na scéime.

Athlíniú Bhóthar na Bhuirís Mhóir Osraí

Fuarthas cead Cuid 8 le haghaidh na scéime seo i 2007. Beidh comhairleoirí ceaptha go luath i 2008 chun aghaidh a thabhairt ar dhearadh sonraithe, doiciméid conartha agus ullmhú OCÉ. Lorgaíodh tairiscintí agus táthar ag súil go dtosaíodh an tógáil go luath i 2009 agus tá sé le bheith críochnaithe i 2010.

Feabhsúcháin Tráchta Sráidbhaile Ráth Domhnaigh

Bhí comhairleoirí ceaptha i 2007 chun doiciméadú Cuid 8 a ullmhú agus ceadaíodh é go luath i 2008. Tá dearadh sonraithe ar siúl anois agus táthar ag súil go dtosóidh an tógáil i mBealtaine/Iúil 2008.

Bóthar Bhaile Sheáin R435

Bhí Comhairleoirí ceaptha chun doiciméadú Cuid 8 a ullmhú. Beidh próiseas Cuid 8 tugtha ar aghaidh i 2008.

Seachbhóthar Sráid Bhaile

Tugadh faoi Phróiseas Cuid 8 i 2007 le haghaidh Chéim 2 den scéim go luath i 2008, ag súil le seachadadh an bhóthair ag an bhforbróir de réir mar atá an talamh ar thaobh an bhealaigh á fhorbairt. Tá ceadú Cuid 8 ar bun anois le haghaidh bealach iomlán an t-Seach-bhóthair.

Scéimeanna Eile

Bhí roinnt Codanna 8 eile tugtha ar aghaidh i gceantair atá tionchar ag forbartha molta ar aidhmeanna bhóthar viz:

Cuar-Bhóthar Mhaighean Rátha (Bóthar Phort Laoise go Bóthar Mhainistir Laoise):
Bóthar Faoisimh Dheisceart Darú;
Bóthar Faoisimh Inmheánach Mhainistir Laoise– Cuid Ráth na Maoile

Scéimeanna Feabhsaithe Áitiúla

Fuarthas leithdháileadh de €708,363 ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil i 2007 maidir leo san thuas agus críochnaíodh 23 tionscnamh. Fuarthas suim eile de €53,830 ón Roinn Pobail, Tuaithe agus Cúrsaí Gaeltachta faoin Scéim seo i gceantair CLÁR.

Rannpháirtíocht an Phobail in Scéim Oibreacha Bóthar

Lean an scéim seo i 2007 agus tugadh faoi 10 dtionscnamh go buacach i dteannta le pobail áitiúla.

Táscairí Seirbhísí - Bóthre	2006	2007
Bóithre Aitiúla agus Réigiúnacha gur cuireadh pábháil nua orthu per annum (méadair cheárnacha)	633,445	691,425
Céatadán na mBóithre Áitiúla agus Réigiúnacha gur cuireadh pábháil orthu per annum	6.3%	6 . 8 8 %

Seasann an céatadán seo do mhéadú de 0.58% ar an bhfigiúr do 2006 agus méadú de 9.15% ar an bhfigiúir do achar na pábhála. Is féidir míniúí d'fháil air seo ón mhéadú de 19.04% ar chaitheachas.

Tá an méadú seo ar an gcaiteachas nach mór ar fad bainteach leis na costais mhéadaithe ar Shláinte agus ar Shábháilteacht.

Bord Forbartha Contae Laoise

Ballraíocht an Bhoird
Rialtas Áitiúil

Mr. James Deegan, MCC, Comhairle Chontae Laoise (Cathaoirleach)
Mr. Peter Carey, Bainisteoir an Chontae, Comhairle Chontae Laoise
Mr. Michael Rice, MCC, Comhairle Chontae Laoise
Mr. John Bonham, MCC, Comhairle Chontae Laoise
Mr. Brian Stanley MCC, Comhairle Chontae Laoise
Mr. John Moran, MCC, Comhairle Chontae Laoise
Ms. Rotimi Adebari, TC, Comhairle Baile Phort Laoise

Forbairt Áitiúil
Ms. Mary Callinan, Bord Fiontar an Chontae
Ms. Lena Ging, Bord Fiontar an Chontae
Ms. Ann Goodwin, LEADER Laoise
Ms. Julia Booth, LEADER Laoise
Mr. Pat Fitzgerald, Cumann Forbartha Mhóinteach Mílic
Ms. Diane Burke, Tionscnamh Pobail Gníomhach Phort Laoise
Ms. Fionn Bardon, Coiste Cúraim Leanaí Laoise

Gníomhaireachtaí Stáit
Ms. Mary Delaney, FSS Lár na Tíre
Mr. Pat Campbell, FÁS
Mr. Con Feighery, Teagasc
Ms. Anne O 'Keefe, CGO Laoise
Mr. Pat Byrne, Fiontar Éireann
Ms. Brid Moody, IDA Ireland
Mr. Jim Buckley, Dept. of Social & Family Affairs
Mr. Seamus Murray, an Roinn Oideachais & Eolaíochta
Ard-cheannfort D. Sheehan, Garda Síochána
Mr. Kevin Kidney, MERTA

Páirtithe Sóisialta
Ms. Margaret Ryan, an Earnáil Gnó
Ms. William Moylan, Earnáil na gCeard-chumann
Mr. Michael Bergin, an Earnáil Feirmeoireachta
Mr. Brian Booham, Fóram Pobail
Folamh, Fóram Pobail

Stiúrthóir Pobail & Fiontar: Declan Byrne

Bhí brón mór Bhord Forbartha Chontae Laoise de bharr bás obann duine de bhaill a Bhoird – an t-Uasal Eric Lewis. Bhí an tUasal Lewis mar bhall den mBord ón am a cuireadh é le céile. Ar dheis Dé go raibh a anam.

Bhí 4 cruinniú ar siúl ag Bord Forbartha Chontae Laoise le linn 2007. Bhí dul chun cinn mór déanta ar chur i bhfeidhm gníomhaíochtaí tosaíochta an Bhoird. Bhí léirithe déanta don Bord i rith na bliana acu seo a leanas:

- Tionscnamh BLOCK – Ms. Diane Burke
- Pleanáil ar Aghaidh – An tUasal Peter Dolan & Ms. Angela McEvoy,
- Deiseanna le haghaidh Co. Laois faoin PFN – An tUasal Gerry, Cóimeáil BMW
- Leanaí agus Daoine Óga – An tUasal Bernard McDonald, Oifig Fhear an Phobail le haghaidh Leanaí.
- Scéim Ranníocaíochta Forbartha – an t-Uasal Kieran Keogh, O.F.S (Pleanáil)
- Plean Gníomhaíochta Chlár Oibre 21 – Ms. Ann-Marie Kelly, Oifigeach Meabhraíochta Timpeallachta
- Tascfhórsa Drugaí Réigiúnach Lár na Tíre – Ms. Antoinette Kinsella, Comhordanáidí TDRLT
- Dúshláin i dtaobh timpeallacht eacnamaíochta a athrú – Mr. Jim Power, Eacnamaí Príomha, Friends First.
- Spás Déagóirí. Polasaí Caitheamh Aimsire Náisiúnta do Dhaoine Óga – an tUasal Joe Gavin. Roinn Sláinte agus Leanaí
- Deiseanna tríú leibhéal do Laois – Dr. Rory Neing, Uachtarán Cheatharlach TEC

Tascfhórsa an Bhoird

Tá próiseas cur chuige páirtíochta Bhord Fhorbartha an Chontae curtha chun cinn níos mó ag bunú roinnt Tasc Ghrúpaí, a léiríonn na tosaíochtaí nua atá leagtha amach in Athbhreithniú Straitéise an Bhoird 2005 go 2008.

Forbairt Phobail & Fiontair Teo. Laoise (Comhghreamú)

Lean obair ar fhorbairt struchtúr aontaithe nua don gClár Fhorbartha Tuaithe (LEADER) agus an Clár Iniamh Sóisialta, a sheachadfaidh gach clár forbartha tuaithe agus iniamh sóisialta sa chontae. Bunaíodh an comhlacht i 2007 agus beidh Stiúrthóirí an Bhoird roghnaithe go luath i 2008. Beidh an Bord déanta suas de ionadaithe ó Chomhairle Chontae Laoise, ó ghníomhaireachtaí sóisialta agus ón earnáil pobail agus deonach. Beidh an struchtúr nua á fhorbairt le cabhair ó chiste a fuarthas ón Roinn. Bhí Plean don gClár Iniamh Sóisialta Forbartha Áitiúil ins na ceantair nua dréachtaithe i 2007 agus beidh comhairliú le pobail áitiúla ar siúl i 2008.

Tionscnaimh Chaipitil Sóisialta

Bhí iarratas déanta le haghaidh mhaoiniú do chúig tionscnamh sóisialta caipitil i rith na bliana, agus d'éirigh leo go léir.

- Forbairt Ionad Pobail Baile Uí Chuilinn Bhig, Móinteach Mílic agus an talamh in aice láimhe.
- Forbairt Cheantair Ghlais ag Dúnán, Crothaidhe Arda.
- Forbairt Áiseanna Óige in Ionad Pobail Chúl a' t-Súdaire
- Soláthar áis óige ag Ionad Pobail Cam Ros.
- Forbairt Siúlóid Líneach, Port Laoise.

Tá an obair seo á dhéanamh i dteannta le grúpaí áitiúil agus deonacha i ngach ceantar. Thosaigh obair ar na tionscnaimh go léir i 2007 agus beidh sé críochnaithe go luath i 2008.

Cistíocht Eile Faighte

Fuarthas cistíocht i 2007 le haghaidh taighde ar bhacainní ar teacht ar an mhargadh na saoire ag tuismitheoirí aonaracha. Bhí an chistíocht seo foinsithe ón Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí faoi Thionscnamh na d-Tuismitheoirí Aonaracha agus le tacaíocht ó chiste PNF. Chuir an taighde béim ar fhachtóirí a dhein é níos deacra do thuismitheoirí singil teacht ar an bhfostaíocht.

Grúpa Oibre Bearta Iniamh Sóisialta (BIS)

Tá an Grúpa MIS freagrach as comhoibriú a fhorbairt i seachadadh na seirbhíse do ghrúpaí atá faoi eisiamh sóisialta. Thosaigh Comhairle Chontae Laoise, le tacaíocht ón n-Grúpa BIS, i 2007 ar chur i bhfeidhm na Straitéise Frith-Bhochtaineachta do Chontae Laoise. D'fhorbair an grúpa, chomh maith, Straitéis Idir-ghníomhaireacht sa chontae don Lucht Siúil, atá á chur i bhfeidhm faoi láthair. Bhí mí-úsáid substaintí, cúram leanaí agus tuismitheoirí singil i measc rudaí eile gur dhein an Grúpa BIS scrúdú orthu i 2007.

Bhí Ócáid Gréasáin ar an dtéama daoine óga agus eisiamh ar siúl san Tigh Ósta Oidhreachta, Port Laoise. Bhí an t-Athar Peter McVerry mar an cainteoir príomha agus i measc na léiritheoirí eile bhí Ms. Aoibheann O'Sullivan, Múinteoir ar Chuairt le haghaidh an Lucht Siúil agus an tUasal Tony O' Riordan ó SHIOMÓN Lár na Tíre. Bhí léirithe déanta leis ag daoine óga, chomh maith, ó Chúl a' t-Súdaire ar an dtéama daoine óga i Laois.

Gréasán na d-Tuismitheoirí Singil

Bhí gréasán tuismitheoirí singil bunaithe sa Chontae le grúpaí i Ráth an Domhnaigh, ins an Sráid Bhaile, i bPort Laoise agus i g-Cúl a' t-Súdaire san áireamh ann. Seo an t-aon gréasán dá leithéid atá ag feidhmiú anois i Laois. Bhí saotharlann traenála daonlathach ar siúl faoi choimirce an ghréasáin gur bhain siad siúd a ghlac páirt ann an-thaitneamh as.

Tacaíochtaí le haghaidh Mhionlaigh Eitneacha

Lean an roinn Pobail agus Fiontair ag tabhairt tacaíocht do ghrúpa Tacaíochta Mionlaigh Eitneach Laoise. Bhí seachadadh ar acmhainn an phobail a fhorbairt agus traenáil i scileanna coiste dos na baill agus tacaíocht riaracháin leanúnach don grúpa san áireamh ins an dtacaíocht i

2007.

Bhí ciste foinsithe, chomh maith, ó phaca Fostaíochta na Thiar Mhí mar chuid de sheachadadh traenáil san aistriúcháin Polainnis/Béarla ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath do bheirt bhall ón bpobal imirceach a sholáthraíonn aistriúchán pobail ar bhonn deonach ar chríoch a gcuid traenála.

Bhí Bord Forbartha Chontae Laoise mar pháirtí, chomh maith, sa dtionscnamh FUSION, atá ag iarraidh traenáil a sholáthar agus tacaíocht comhtháite do oibrithe imirceacha sa chontae. Tá an tionscnamh seo maoinithe ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus páirtithe eile bainteach leis is ea Tionscnamh Gníomhaíochta Pobail Port Laoise(TGPPL), Comhchaidreamh Forbartha Mhóinteach Mílic (CFMM) agus CGO Laoise.

Éacht Sóisir na hÉireann

Eagraíocht domhanda é Éacht ag obair le heagraíochtaí móra gnó agus le gníomhaireachtaí chun cultúr fiontraíochta a chruthú laistigh den gcóras oideachais le cabhair ón Roinn Pobail agus Fiontair. Tosaíonn na cláir ag leibhéal bunscoile, ag múineadh do leanaí conas is féidir leo tionchar a bheith acu ar an domhan timpeall orthu mar dhaoine aonaracha, mar oibrithe agus mar thomhaltóirí agus leanann siad tríd an mheán scoil, suas go haois a 18, ag ullmhú mac léinn le haghaidh a slite beatha sa todhchaí. Dheonaigh roinnt den bhfoireann na tionscnaimh seo a sheachadadh i mbunscoileanna agus i mean scoileanna. Fuair idir mhic léinn agus baill foirne teastais rannpháirtíochta sa chlár.

Comórtas Bród As d' Áit

Chuaigh dhá iontráil ó Laois isteach sa chomórtas Bród As d' Áit, tar éis iad bheith ainmnithe ag Comhairle Chontae Laoise – Ráth an Uisce agus Cúl a t-Súdaire Bhronn Comhairle Chontae Laoise teastais don dá iontrálaí as ucht a pháirt sa chomórtas. Bhí na Duaiseanna Náisiúnta ar siúl i Samhain, 2007, i g-Cathair na Mart, Contae Mhaigh Eo agus bhí áthas ar Bhailte Slachtmhara Ráth an Uisce an dara duais a bhaint amach ina ngrúpa.

Glacann Baile Slachtmhar Ráth an Uisce lena dhuais ag Bronnadh na nDuais Bród as d' Áit Dúchais

Fóram Pobail Chontae Laoise

Bhí 11 cruinniú míosúla ar siúl ag an bh-Fóram Pobail i 2007 agus bhí ceithre chruinniú speisialta ar siúl chun cabhrú le forbairt Chomhlacht Forbartha Pobail & Fiontair Laoise nua do Chontae Laoise. Bhí Cruinnithe Fóra Ceantair ar siúl i rith na bliana go léir dul i gcomhairle faoi Phleananna Baile & Sráidbhailte Laoise. Bhí cruinnithe eolais tráthnóna ar siúl chun Costais Árachais le haghaidh Ghrúpaí Pobail & Deonacha agus Pobail Ar Aire & Faire Comharsanachta a phlé i gcomhchaidreamh leis an Garda Síochána.

Foilseacháin

Bhí leabhrán Eolais Fóram Pobail foilsithe le dhá Litir Nuachta agus tugtha amach do Ghrúpaí Deonacha agus Pobail mórthimpeall an Chontae.

Gréasánú Daoine Níos Sine

Bhí lá comhchaidrimh ar siúl ag an Fóram agus ag Tasc-ghrúpa Daoine Níos Sine de chuid Laoise i Meitheamh le haghaidh grúpaí ar scor atá

gníomhach agus le haghaidh gníomhaireachtaí ag obair le daoine níos sine. Bhí an lá éascaithe ag Aois & Deis, a dhein léirithe agus a phléigh fadhbanna daoine níos sine. Sholáthar an Roinn Gnóthaí Sóisialta &

Teaghlaigh, Muintir na Tíre agus Comhchaidreamh Alzheimers Laoise leis an C.G.O. seastáin eolais agus cainteanna, chomh maith.

Comhairle na nÓg 2007

d' Fhreastail 178 mac léinn ar 25ú Dheireadh Fómhair ó12 meán scoil i gContae Laoise ar Chomhairle na nÓg Bhliantúil Chomhairle Chontae Laoise (Comhairle Daoine Óga) a bhí ar siúl i gColáiste Phort Laoise, Bóthar Mhaighean Rátha, Port Laoise. Do pléadh trí ábhar i rith an lae,

'Meabhraíocht Sábháilteacht Bhóthar a Chur Chun Cinn', Oideachas trí Spórt agus ár d-Timpeallacht'

Bhí cúigear mac-léinn ó Laois – Marie Callier, Jessica Brennan, Sarah

Conroy, Karen Coleman agus Fiachra Kavanagh tofa chun ionadaíocht a dhéanamh ar Laois ag Dáil na nÓg Náisiúnta.

Acht Míchumais 2005

D'iarr Plean Ranna an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, a bhí ceadaithe ag an Oireachtas i nDeireadh Fómhair, 2006, ar gach Údarás Áitiúil Plean Cur i bhfeidhm trí Bhliana (2007 – 2009) a Tharraingt Aníos ag leagadh amach clár oibreacha agus aidhmeanna chun na geall-tanais atá san Acht Míchumais a chur i bhfeidhm. Bhí plean trí bhliana críochnaithe in Iúl, tar éis dul i gcomhairle le Grúpaí Míchumais ó trasna an Chontae, agus ghlac Comhairle Chontae Laoise leis ag a Chruinniú Meán Fhómhair. Bhí Coiste Stiúrtha bunaithe i Feabhra, a dhéanfaidh maoirseacht ar aidhmeanna agus spriocanna an Phlean Chur i bhfeidhm.

Tuairisc ar Chomharthaí Náisiúnta Seirbhíse

Rannpháirtíocht & Comhar Phobail

Céatadán na Scoileanna Áitiúla atá gafa leis an gComhairle Óige Áitiúil/Scéim Chomhairle na nÓg

Ócáid Meán Scoileanna Ghlac 100% (12 as 12) páirt.

Bainistíocht Airgeadais

Ceannaire Airgeadais: Gerry Murphy
Cuntasóir Airgeadais/Bainistíochta: Julie Bergin

Tá an Roinn Airgeadais freagrach as na seirbhísí seo a leanas:

Cáin Mótair, Cuntais Iníoctha, Bailiú Ioncaim, Párolla agus Pinsean, Iniúchadh Inmheánach, Ullmhú Buiséid agus Ráitis Airgeadais Bhliantúil, Bainistíocht Airgeadais agus na gnóthaí uile a bhaineann leis.

Rátaí

Ba é 62.14 an Ráta Bhliantúil Ginearálta ar Luacha.

Ba é an t-Iolraitheoir Luacha In-ráta le haghaidh Port Laoise agus Móinteach Mílic ná:

Port Laoise: 63.909 Móinteach Mílic: 64.562

Muirir Uisce

I 2007 bhí 2384 úsáideoirí tráchtála ann agus rinneadh méadarthomhas ar 2149 acu san. Bhí táille seasta ann do na tomhaltóirí eile. Tá sé ar intinn againn go mbeidh méadair ag úsáideoirí uile neamh-tíos faoi Aibreáin 2009. Ba é €4.71 in aghaidh 1000 galún an muirear le haghaidh uisce méadarthomhaiste i 2007. Bhí táille seasta €60.00 in aghaidh na bliana anuas ar sin.

Íocaíocht Dhéanaí Cuntais

I ndiaidh tabhairt isteach an Acht um Íocaíocht Pras ar Chuntais faoi mar a leasaíodh é le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanaí i mBearta Tráchtála) 2002, tá soláthraithe tráchtála i dteideal íocaíochtaí úis ar mhéideanna dlite dóibh i ndiaidh

a) an dáta sonraithe faoi théarmaí conartha scríofa, nó
b) 30 lá ón sonrasc a fháil nó ó sheachadadh na n-earraí, nuair nach bhfuil conradh scríofa ar bith nó mura sonraíonn an conradh dáta íocaíochta.

Glacann Comhairle Contae Laoise le téarmaí an Achta um Íocaíocht Pras ar Chuntais faoi mar a leasaíodh é le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanaí i mBearta Tráchtála). Chun géilleadh don Acht agus na Rialacháin a chinntiú, cuirtear stampa dáta ar na sonraisc a faightear san rannóg Cuntais Iníoctha agus déantar scrúdú seachtainiúil ar sonraisc gan íoc atá ag druidim leis an dáta sonraithe. Sa chás go mbíonn ús íocaíochta dhéanaí iníoctha, seoltar ráiteas a shonraíonn an ús chuig an soláthraí chomh maith leis an íocaíocht. Ní féidir leis an gnás atá sonraithe thuas ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú cinnte a sholáthar le haghaidh géilleadh don Acht.

Is iad na gnáth tréimhsí íocaíochta sonraithe i conarthaí scríofa i gcoitinne ná:

Conarthaí Tithíochta - 10 lá oibre
Conarthaí Bóithre - 28 lá
Conarthaí Uisce - 14 lá /1 mí

Staitistic Íocaíocht Dhéanaí: 2007

An líon iomlán íocaíochtaí déanacha os cionn €250	12
Luach íocaíochtaí dhéanaí os cionn €250	€49,551.09
Meán tréimhse íocaíocht dhéanaí re 175 lá:	26.5
Codán i Euro de íocaíochtaí dhéanaí uile maidir le íocaíocht iomlán:	0.02% (€53,051.09/€231,698,010.75)
Suim Iomlán úis íoctha ar íocaíochtaí dhéanaí:	€470.86

Córais Bainistíochta Airgeadais-Leasaithe

Tugadh isteach E-sonrasc le haghaidh roinnt d'ár mbillí airgid. Beidh sé rollta amach go ceantair eile de bharr gur éirigh chomh maith leis.

Tá cártaí Ceannaithe Luach Íseal (CLI) in úsáid faoi láthair i roinnt rannóga den gComhairle agus d'fhéadfaidís bheith á bhfairsingiú amach go Rannóga eile i 2008. Do fheabhsaigh sé seo laigí sa rannóg Cuntais Iníoctha agus thug sé buntáistí do sholáthraithe.

Bainistíocht Airgeadais

Tugadh isteach an córas luachála nua, le haghaidh Buiséad Bliantúil 2008 a ullmhú, isteach i mbliana. Dáileann an córas luachála na costais ar bhonn níos cothroma dos na seirbhísí atá á soláthar. Beidh na Ráitis Airgeadais Bliantúla le haghaidh 2008 ullmhaithe sa bhformáid nua.

Cáin Ghluaisteán

Leanann an Roinn Cánach Ghluaisteán ag soláthar seirbhísí atá in úsáid go forleathan ag an bpobal. Clúdaíonn an Córas (Comhad Tiomána Feithicle Náisiúnta) CTFN gach cáin ghluaisteán agus gach ceadúnas tiomána.

Ceadúnais Feithicle

B' iad €11,901,090 méid iomlán na n-admhálacha i gcomparáid le €11,302,590 i 2006. Bé méid na gceadúnas (dioscaí) a eisíodh i 2007 ná 56,044 i gcomparáid le 54,824 i 2006.

Ceadúnais Tiomána

Bé €148,605 méid na bhfáltas (le dúbailtí san áireamh) le haghaidh 2007 i gcomparáid le €140,585 le haghaidh 2006. Bé 9,422 méid na gceadúnas tiomána a eisíodh i 2007 i gcomparáid le 9,033 i 2006. Ní foláir do gach iarrthóir dá chéad Ceadúnas Foghlaimeora Teist Teoirice a dhéanamh. Is é an uimhir fóin chun glaoch a dhéanamh do theist 1890 606 106. Thóg an Ceadúnas Foghlamtha áit an Cheadúnais Sealadaigh ón 31ú Deireadh Fómhair 2007.

Tástáil Feithicle

Bhí Teastais ar Ród acmhainneachta le haghaidh feithiclí trádála/earraí eisithe i leith 5,337 feithicle le linn na bliana i gcomparáid le 4,763 do 2006. Tá teist RCORÁ riachtanach gach bliain do gach feithicle trádála/earraí.

TNG: Teist Náisiúnta Gluaisteán

Tá tástáil feithiclí príobháideacha ar siúl ar bhonn leanúnaí ó Eanáir 2000. Tá Lárionad Laoise ag Lárionad Gnó Lios na m-Bard, Bóthar Thigh Mochua, Port Laoise. Bíonn an chéad Teist tar éis 4 bhliain agus gach 2 bhliain ina dhiaidh sin. Cairr seanré an t-aon feithicle ná caithfear an teist seo a dhéanamh orthu. Bhí cead an chéad cháin ar gach ghluaisteán a dhéanamh ar an áis ar líne ón 1ú Eanáir, 2006. Tá eolas ar conas an áis seo d' úsáid ar fáil ó gach mangaire gluaisteán cláraithe. Uaireanta Cloig Oscailte: 9 a.m. – 3.30 p.m., ó Luan go h-Aoine le am lóin san áireamh.

Céadatán bearta Mótarchánach:

	31/12/06	31/12/07
Adhéileáiltear leo leis an gcustaiméir	79% (59,900)	79% (61,657)
Adhéileáiltear leo tríd an bpoist	21% (15,965)	21% (16,027)
Adhéileáiltear leo i mbealaí eile (e.g. ar líne, tríd an teileafón)	0%	0%
Líon uaireanta ar oscailt sa tseachtain	32.5 hours	32.5 hours

Leanann an Rannóg Cánachais Ghluaisteán le seirbhís Líon an n-iarratas poist agus céadatán d'iarratais phoist san iomlán a dhéileáiltear leo le (ceadúnas diosc/tiománaí eisithe) ón iarratas a fháil:

(a) ar an lá céanna	77.20% (12,324)	97.05% (15,555)
(b) ar an tríú lá nó níoslú	18.74% (2,993)	2.18% (349)
(c) ar an cúigiú lá nóníos lú	1.89% (301)	0.12% (20)
(d) os cionn 5 lae	2.17% (347)	0.65% (103)

Bailiú Cánach

Iasachtaí Tithíochta	31.12.06	31.12.07
Méid a bailíodh ag deireadh na bliana mar chéatadán den méid atá le teacht	92%	95%

Méid na riaráiste:

Bainistíocht Airgeadais

(i) 1 Mí d'aois	12%	14%
(ii) 2 – 3 mhí d'aois	14%	19%
(iii) thar 3 mhí d'aois	74%	67%

Rátaí Trádála	31.12.06	31.12.07
Méid a bailíodh ag deireadh na bliana mar fhán gcéad den méid atá le teacht	91%	91%

Táillí Uisce Neamh-Theaghlaigh		
Méid a bailíodh ag deireadh na bliana mar chéatadán den méid atá le teacht	68%	63%

Cuntas Airgeadais

Caiteachas ag

Grúpa Cláir Net	Caiteachas	Adhmhálacha	GlanCaiteachais
Tithíocht & Foirgníocht	12,053,657	9,561,092	2,492,565
Iompar & Sábháilteacht ar Bhóithre	19,787,015	12,962,858	6,824,157
Soláthar Uisce & Forbartha	8,953,365	4,014,777	4,938,588
Spreagthaí & Rialúcháin & Controls	4,401,713	1,950,073	2,451,640
Cosaint an Chomhshaoil	8,999,020	6,464,892	2,534,128
Caitheamh Aimsire & Conláistí	4,056,599	790,880	3,265,719
Talamhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leas	4,367,364	3,616,327	751,037
Seirbhísí Ilghéitheacha	3,984,442	2,313,413	1,671,029
Admhálacha / Caiteachas Iomlán	66,603,174	41,674,312	

Glanchostas Clár le cistiú ó Rátaí Contae agus Rialtas Áitiúil	24,928,862
Rátaí Contae	8,508,852
Cistiú Rialtais Áitiúil	18,336,335
Fuílleach don Bhliain roimh Aistrithe	1,916,324
Aistrithe ó/(go) Cúlchistí	(1,896,370)
Fuílleach/(Easnamh) san iomlán don Bhliain	19,954
Cúlchiste Ginearálta ag 1 Eanáir	(554,243)
Cúlchiste Ginearálta ag 31 Nollaig, 2007	(534,289)

Cuntas Caipitil

Iarmhéid ag 1 Eanáir	2,660,105
Deontas	107,829,768
Adhmhálacha eile	53,169,796
Aistrithe	1,892,419
Caiteachas	(173,692,667)
Iarmhéid ag 31 Nollaig, 2007	(8,140,579)

Comhairle Baile Phort Laoise

Bainisteoir: Mr. Gerry Murphy
Cléireach Baile: Ms. Lorna Gleeson
Innealtóir Baile: Mr. Trevor Hennessy

Cruinniú Cinn Bhliana

Bhí an Comhairleoir Rotmi Adebari tofa mar Mhéara ag an g-Cruinniú Cinn Bhliana de chuid Baile Phort Laoise a bhí ar siúl ar an Mháirt, 24ú Meitheamh 2007. Toghadh an Comhairleoir Mary Sweeney ma Leas Mhéara.

Baill ar Bhoird/Choistí

Bord Forbartha Chontae:
An Comhairleoir Brian Stanley

Forbairt Eacnamaíochta & Coiste Polasaí Cur Chun cinn an Chontae:
An Comhairleoir Rotimi Adebari

Cruinnithe Míosúla
An chéad Mháirt i ngach seachtain

Seirbhísí príomha Soláthraithe

Cothabháil agus deisiú tithíochta, Seirbhísí Mhaor Scoile, Tionscnaimh Timpeallachta, Leithreas, Glacadh Fáiltiú Sibhialta & Nascadh Bailte.

Buiséad 2007 - €117,190

Sholáthar an Chomhairle Bhaile tacaíocht dóibh seo a leanas:

- Bailte Slachtmhara Phort Laoise
- Comhchaidreamh Mhuintir Cúirt Ghleann Rosa
- Grúpa Áitreabhach Triog
- Grúpa Pobail Ascaill Muire
- Comhchaidreamh Mhuintir Chearnóg Naomh Sheáin
- Comhchaidreamh Náisiúnta le haghaidh Tacaíocht do Thuismitheoirí Teo.
- Comhchaidreamh na g-Cúramóirí
- Cúram Leanaí O' Mórdha
- Comhchaidreamh Mhuintir Gleann na Locha
- Rang Ceoil Naomh Bhríd

Comhdhálacha

Thug an Comhairle Bhaile tacaíocht agus dhéan sé ionadaíocht ag na comhdhálacha seo a leans:

Comhdháil Bhliantúil de chuid Comhchaidreamh Údaráis Catharaha na hÉireann
Seimineár Bhliantúil de chuid Comhchaidreamh Údaráis Cathartha na hÉireann

Buaicphointí le linn 2007

Thug an Chomhairle Bhaile tacaíocht agus chuireadar fáilte roimh forbairtí éagsúla i bPort Laoise, go háirithe:

- Oscailt Ionad Fhóillíochta nua i bPort Laoise
- Fógra go mbeidh Ceamaraí TFCI curtha in airde i bPort Laoise
- Forbairtí Tithíochta Poiblí, Deonach agus In-acmhainn
- Feabhsúcháin Bóthar agus Cosáin mórthimpeall an bhaile

Bhí Fáiltiú Sibhialta amháin ar siúl i 2007 – Bronnadh do Bhanna Ceoil Bosca Ceoil Naomh Íosaif chun a 50ú lá breithe a cheiliúradh.

Chomairle Baile Mhóinteach Mílic

Bainisteoir: Mr. Declan Byrne
Cléireach Baile: Ms. Pamela Tynan
Innealtóir Baile: Mr. Wesley Wilkinson

Cruinniú Cinn Bhliana

Bhí an Comhairleoir Joe Melia tofa mar Chathaoirleach ag an g-Cruinniú de chuid Chomhairle Bhaile Mhóinteach Mílic. Ceapadh an Comhairleoir Denis O Meara ina Leas Cathaoirleach

Ionadaíocht ar Eagraíochtaí Eile

Coiste na Logainmneacha

Dhein Comhairleoir Bobby Delaney ionadaíocht ar an gComhairle Baile ar Choiste na Logainmneacha do Chontae Laoise.

Coiste Fho-Dhlite Mhóinteach Mílic

Dhein Comhairleoir Michael Gormley, Cathaoirleach Joe Melia agus iar Chathaoirleach Marc Connolly ionadaíocht ar Chomhairle Bhaile Mhóinteach Mílic ar Fho-Dhlite an Choiste, ag déileáil le gach fadhb bain-istíochta tráchta sa bhaile.

Chomhar-Árachais Eagraíochtaí Poiblí na hÉireann

Dhein an Comhairleoir Marc Connolly ionadaíocht ar Chomhairle Bhaile Mhóinteach Mílic ar na heagraíochtaí thuas.

Comhchaidreamh Údarás Cathracha na hÉireann

Dhein Comhairleoirí Patrick J. Bracken agus Michael Gormley ionadaíocht ar Chomhairle Bhaile Mhóinteach Mílic ar a Chomhdháil Cinn Bhliana agus ar a Seimineár Cinn Bhliana, chomh maith.

Bord Forbartha an Chontae

Chríochnaigh an Comhairleoir Helen Hanson a téarma ar Bhord Forbartha Chontae agus í ag déanamh ionadaíochta ar Chomhairle Bhaile Mhóinteach Mílic agus Comhairle Bhaile Phort Laoise.

Coistí Polasaí Straitéiseach

Tá an Comhairleoir Denis O' Meara mar ionadaí ar CAS Seirbhísí Comhshaoil & Uisce agus tá an Comhairleoir Marc Connolly mar ionadaí ar an CAS Tithíochta Sóisialta agus Cultúrtha.

Trasrian Coisithe ag Ospidéal Naomh Uinseann

Cuireadh isteach trasrian coisithe nua le soilse tráchta ag Ospidéal Naomh Uinseann le linn 2007.

Ceantair Pháirceála Mhóinteach Mílic agus Fo-dhlíthe Páirceála Carr 2007

Thug baill Comhairle Chontae Laoise isteach Ceantair Páirceála Dréachta agus Fo-Dhlite Páirceála Carr 2007 do Mhóinteach Mílic ag a gcruinniú Samhna. Tugadh isteach Fo-Dhlite Ceaptha Seastáin 2007 (Seastán Tacsaí) ag an gcruinniú seo. Beidh na Fo-Dhlite glactha á gcur i bhfeidhm i gCearnóg Uí Chonaill agus beidh páirceáil díol agus taispeáin, bá cartadh agus Bá Bus agus Seastán Tacsaí ann lasmuigh de Oifig a' Phoist.

Tosaíochtaí Baile

Bhí liosta Tosaíochtaí Baile nua tarraingthe aníos agus tugtha isteach ag na baill i 2007. Bhí Cur i gcoinne Bhruscair, soláthar Faiche Imeartha do Leanaí/Páirc Baile, forbairt siúlóidí abhann le haghaidh iascaireachta agus ceantair phicnic, soláthar stáisiún tine nua, leathnú séarachais an bhaile agus scéim uisce bhaile san áireamh i roinnt des na tosaíochtaí. Tá na tosaíochtaí roinnte i ndhá thosaíocht ghearr-théarma, tosaíochtaí ghearra go meánacha, tosaíochtaí téarma mheánacha agus tosaíochtaí meánacha go fad-théarmacha.

Faiche Imeartha do Mhóinteach Mílic

Bhí Cruinniú Speisialta ar siúl i nDeireadh Fómhair le Ms. Ann-Marie Maher, Oifigeach Spóirt & Fóillíochta le Comhairle Chontae Laoise, le

Chomairle Baile Mhóinteach Mílic

Comhairlí Chontae áitiúla agus leis an Uasal John Maloney T. D. Smaoiníodh ar roinnt áiteanna le haghaidh an faiche imeartha molta.

Sábháilteacht Uisce

Cuireadh isteach Fáinní Sábháilteachta Uisce ag ionaid éagsúla cois abhann i Móinteach Mílic mar ar mhol Comhairle Sábháilteachta Uisce Éireann dóibh

Leathnú Séarachais Mhóinteach Mílic

Chuir na Baill fáilte roimh ceadú an Aire le haghaidh Céim II den uas-ghrádú agus leathnú na Scéime Séarachais i gClár Infheistithe na Seirbhísí Uisce 2007 ag an gcruinniú míosúil i Meán Fhómhair.

Cruinniú le Gardaí

Bhí cruinniú speisialta ar siúl i rith na bliana leis an Garda Síochána chun fadhbanna éagsúla sa bhaile a phlé. D'aontaíodh an cruinniú a bheith ar siúl gach sé mhí.

Oibreacha/Deontais Timpeallachta

Bhí Oibreacha Timpeallachta éagsúla ar siúl mórthimpeall an bhaile i rith na bliana faoi Chlár Oibreacha Timpeallachta an Chomhairle Bhaile mar bhí aontaithe ag na Baill. Bhíodar seo a leanas san áireamh ins na hoibreacha seo:

- Bhí Troscán Sráide péinteáilte agus athraithe sa chás go raibh damáiste déanta dóibh.
- Ceannaíodh dhá araid nua bruscair agus cuireadh iad síos ar an gCaladh & ar Léibheann Naomh Iosaif.
- Ceannaíodh ocht bpota bláth mór breise agus bhí fiche ceathair pota bláth ar an iomlán curtha le Plandaí Samhraidh agus Geimhridh. Ceannaíodh Boscaí Fuinneog le haghaidh an Teach Cúirte
- Bhí ranníocaíocht déanta do Phobal Mhóinteach Mílic
- Ceannaíodh fiailnimh agus péint le haghaidh tionscnamh timpeal-lachta a déanadh mórthimpeall eastát údaráis áitiúil i Scéim Fostaíochta an bhaile agus Bailte Slachtmhara Mhóinteach Mílic a dhein tionscnaimh éagsúla comhshaoil sa bhaile ar mholadh na mBall.

Cruinnithe Gnó

Mar a bhí blianta eile bhí slua diamhrach ball i láthair ag cruinnithe inar ndearnadh uiríolla faoi ghnéithe tábhachtacha a bhí ina ábhar buartha acu. Ina measc siúd bhí oibreacha timpeallachta, bainistíocht tráchta, oibreacha bóthar agus deisithe cosán, comharthaíocht, soilsiú poiblí &rl. san áireamh.

Coill a' Chuilinn, Móinteach Mílic agus Scéim Tithíochta Sóisialta de chuid Chomhairle Chontae Laoise á oscailt ann 31ú Lúnasa, 2007

Gníomhaíochta Eile

Club Sóisialta

Bhí 2007 mar bhliain an-rathúil don gClub Sóisialta agus tá ballraíocht de 275 ann faoi láthair. Bhí a lán ócáidí ar siúl i 2007.

Tarraingt Mhíosúil

Bíonn Tarraingt ar siúl ar an g-Céad Aoine de gach mí do Bhaill Club Sóisialta. Tá na duaiseanna mar seo a leanas:

Duais a h1: €50 Duais a 2 12: €30 Duais a 3: €20

Tráth na g-Ceist

Ritheamar an chéad Tráth na g-Ceist in-teach i 2007 agus bhí sé mar bhuaic mór agus tharla sé amach go raibh na Seirbhísí Uisce mar an roinn is cliste ar an oíche san. Beidh comórtas dian ann gan dabht i 2008 nuair a thriailfidh siad a nduais a choimeád.

Cóisir na Cásca

Bhí Coisir na Cásca ar siúl i mbliana i Grellan Delaneys lena lán Ubh C Cásca a thabhairt amach ar an oíche.

Fulacht

Bhí Fulacht an t-Samhraidh ar siúl i Halla an Chontae ar an 31ú Lúnasa le Eunice agus a foireann ag ullmhú agus ag friotháil bia den scoth mar is gnáth. Do fhreastail grúpa mór air agus bhí Regina Daly mar an buaiteoir bródúil den mbord Fulachta / picnic.

Aifreann Bhliantúil

Bhí Aifreann Bliantúil do bhaill mharbha agus do fhoireann ó Chomhairle Chontae Laoise eagraithe ag an gClub Sóisialta i Seomra na Comhairle. Bhí mórán daoine ag an Aifreann agus soláthraíodh sólaistí san ceaintín ina dhiaidh.

Cóisir na Nollag do Leanaí

Bhí Cóisir na Nollag do Leanaí ar siúl ar an 8ú Nollaig sa cheaintín agus do fhreastal 100 leanbh air. Bhí thart ar 100 leanbh ag an gcóisir mar an gcéanna leis na blianta roimhe sin. Bhí siamsaíocht iontach ar siúl leis an mban-Phrionsa, Bob an Tógálaí agus Oighear an Fear Sneachta agus Daidí na Nollag, gan amhras, agus duine dá Shióga. Tháinig Daidí na Nollag ar an Inneall Dóiteáin, a bhuíochas mór san le John Ging agus bhí Dioscó soláthraithe ag ár Marcach Mac Giolla an Chloig é féin.

Cóisir na Nollag

Bhí Coisir na Nollag Bhliantúil ar siúl ar an 14ú Nollaig i d-Tigh Ósta na h-Oidhreachta, Port Laoise, le ceol agus dioscó na hoíche soláthraithe ag 'Eden'. Díoladh amach na ticéid don chóisir le 128 ticéad díolta.

Cumann Gailf

Bhí Dolores Murphy mar chaptaen an Chumainn Gailf i 2007. Bhí a lá, mar chaptaein ar siúl i gClub Gailf Chúl a' t-Súdaire i Mí Meán Fhómhair agus bhí lá den scoth ag gach aoinne. Bhí Duais an Chaptaein buaite ag Ken Farrell agus bhuaigh sé Imreoir Ghailf na Bliana don bhliain 2007, chomh maith. Bhuaigh Pat Malone Corn Uí Chinnéide ag lá amach na foirne a bhí ar siúl i Ros Chré.

Useful Directory

Aras an Chontae
Port Laoise
Teil: (057) 8664000
Facs: (057) 8622313
Rphoist: corpaffairs@laoiscoco.ie
Uaireanta ar Oscailt: 9.00 am go 5.00 pm (Am Lóin san air)
Láithrean Gréasáin: www.laois.ie

Oifig an Airgid
Bloc 2
Áras an Chontae
Teil: (057) 8674308
Uaireanta ar Oscailt: 9.00 am go 3.30 pm (Am Lóin san air)

An Oifig Pleanála
Áras an Chontae
Teil: (057) 8664039
Facs: (057) 8622491
Uaireanta ar Oscailt: 9.30 am go 4.00 pm (Am Lóin san air)

Oifig Mhótarchánach
Bloc 2
Áras an Chontae
Teil: (057) 8664009
Facs: (057) 8621184
Uaireanta ar Oscailt: 9.00 am go 3.30 pm (Am Lóin san air)

An Oifig Spóirt agus Fóillíochta
Áras an Chontae
Teil: (057) 8664007
Facs: (057) 8622313

Oifig na nEalaíona
Block 2
Áras an Chontae
Teil: (057) 8674342
Facs: (057) 8674382

Ceannáras an Leabharlainne
Block 2
Áras an Chontae
Teil: (057) 8674315
Facs: (057) 8674381

An Limistéar Thiar
Teach an Cúirte, Buiríos Mór Osraí
Teil: (0505) 41123
Facs: (0505) 41188

An Limistéar Thoir
Teach na Cúirte, an tSráidbhaile
Teil: (057) 8625227
Facs: (057) 8625227

limistéar lárnach,
Bóthar Mhaighean Rátha, Port Laoise
Teil: (057) 8664168
Facs: (057) 8660135

Oifig Cheantar an Ghráig
Sraid na Sleaty, Ghráig, Ceatharlach
Teil: (059) 9165960

Athcóirithe Tithe
Bóthar Mhaighean Rátha, Port Laoise
Teil: (057) 8622177
Facs: (057) 8622177

An Oifig Deartha Bóithre
Áras an Chontae
Teil: (057) 8664000
Facs: (057) 8622633

Réadlann
Bóthar Mhaighean Rátha, Port Laoise
Teil: (057) 866416
Facs: (057) 8663502

An Clós Innealra
Clonboyne, Port Laoise
Teil: (057) 8621148
Facs: (057) 8621148

Oifig an Tionscaimh um Bóithre Náisiúnta
Clonboyne, Port Laoise
Teil: (057) 8664850
Facs: (057) 8664858

Láithreán Líonta Talún
Kyletalesha, Port Laoise
Teil: (057) 8620653
Facs: (057) 8660858

CC Cosanta Sibhialta
Áras an Chontae
Teil: (057) 8664000
Facs: (057) 8625058

Comhairle Chontae Laoise
Í bPáirt leis an bPobal
Áras an Chontae, Portlaoise, Co. Laois,
Tel: 057 864000
Fax: 057 8622313
www.laois.ie
email: corpaffairs@laoiscoco.ie